# Iorras Aithneach 2015

Carna/Cill Chiaráin

*An 25ú Bliain*




**An Fóram do Phobal Iorras Aithneach** €8


Siopa Dowd
Carna, Co na Gaillimhe.
095-32882
siopadowd@gmail.com
Míle buíochas as ucht bhur
dtacaíochta le linn na bliana.
Nollaig Shona agus Bliain
Nua faoi shéan is faoi mhaise
dhaoibh ón bhfoireann ar fad
i Siopa Dowd.
top
Éire á Breosú
3
4
1
ATM

# Go mba fearr a bheidh sibh

Míle buíochas leis na scríbhneoirí a chuaigh i mbun pinn i leabhar "Iorras Aithneach" i mbliana agus leis na daoine a thug pictiúir agus a chuidigh le réiteach an leabhair.

Sí Nóirin Nic an Iomaire a rinne láimhsiú thar cionn arís ar na fógraí agus obair rúnaíochta.

Déanann Mairéad Ní Chonaire i Ros Muc an-obair ar leagan amach an leabhair; tá gairmiúlacht agus gnaíúlacht ag baint léi.

Ár mbuíochas d'Údarás na Gaeltachta as ucht spás oifige nuair a theastaíonn sé agus ár mbuíochas do Fhorbairt Chonamara Láir as ucht postas, litreacha srl a láimhsiú dúinn go minic.

Ba mhór a chuidigh an deontas a thug An Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta linn i mbliana.

Ó thosaigh muid 25 bliain ó shin siad Clódóirí Lurgan a rinne an réiteach sa deiridh ar leabhar "Iorras Aithneach" agus a chuir i gcló í. Is fada an t-achar an ceangal sin idir muid agus tá muid an-bhuíoch d'fhoireann agus do bhainistíocht Chlódóirí Lurgan.

## AN CLÚDACH – NA PICTIÚIR

**Barr, ar chlé:** Sorcha Ní Chaodhna as Gabhla (ar dheis) agus a col ceathrar Megan Hammel as an gCloch Mhóir in éineacht leis an Taoiseach i gCarna ar an 6ú Iúil, 2015.

**Barr, ar dheis:** Leas Choimisinéara an Gharda Síochána, Dónal Ó Cualáin as Carna, in éineacht leis an gCoimisinéara Nóirín O' Sullivan. Fágann an t-árdú stadais seo i mbliana go bhfuil Dónal ar dhuine den triúr is airde céime sna Gardaí.

**Sa lár, ar chlé:** Patricia Ní Chonaire as an nGleann Mór – Bánríon na Feile i gCill Chiaráin i mbliana.

**I lár baire:** Bríd Ní Mhaoilchiaráin a thug Corn Uí Riada ón Oireachtas go Carna i mbliana.

**Sa lár, ar dheis:** Paula Ní Chualáin as an Meall Rua a bhuaigh Craobh an tsean-níos ag Fleadh Cheoil na hÉireann i mbliana. Nóirín Uí Shúilleabháin as Craobh Charna den Chomaltas léi anseo.

**In íochtar, ar chlé:** Eibhlín Ní Dháibhís ó Choiste Ionad Cuimhneacháin na nImirceach ag bronnadh macasamhail bád seoil ar Ambassadóir Mheiriceá, Kevin O' Malley i gCarna i mbliana.

**In íochtar, ar dheis:** Pádraig Ó Ceannabháin as an Aird Thoir agus Corn na bhFear buaite aige san amhránaíocht sean-nóis ag Oireachtas na bliana seo.

# An Clár


3 **Fáilte go 'Iorras Aithneach 2015'**
Máirtín Ó Catháin

5 **Saibhreas dúchasach**
Steve Ó Cúlain

7 **Iorras Aithneach i 2040?**
Seán Ó Cualáin

9 **I nGáirdín Dé**

11 **Athruithe in Iorras Aithneach le 25 Bliain**
Seosamh Ó Cuaig

17 **Ionad Cuimhneacháin na nImirceach**
Máirtín Ó Catháin

19 **Iorras Aithneach i 2040?**
Dara Ó Maoilchiaráin

21 **Mo thuras go dtí an tSeapáin**
Riocard Ó Guairim

28 **Joe John Pháidín Mac an Iomaire**
Máirtín Ó Catháin

31 **Cóilín Lydon**
Máirtín Ó Catháin

35 **Iorras Aithneach i 2040?**
Máire Áine Ní Chuaig

37 **Céard a bhí ar bun sa bPobal 25 Bliain ó shin**
Seosamh Ó Cuaig

47 **Iorras Aithneach i 2040?**
Seán Ó Cathasaigh

49 **Nóra Uí Cheannabháin**
Eileen Davis & Máirtín Ó Catháin

53 **Monarcha Mhór Feamainne**
Seosamh Ó Cuaig

57 **Iorras Aithneach i 2040?**
Nóirín Bhreathnach

60 **Pádraig Tom Photch Ó Ceannabháin**

63 **Carna/Caiseal/Na Piarsaigh - Faoi-12**

65 **Caoga Bliain Ó Shin - 1965**
Seosamh Ó Cuaig

78 **In Átha na Fuinnseoige 25 ó shin**
Seosamh Ó Cuaig

83 **Ionad na nImirceach i gCarna**
Mary Pat Kelly

90 **Tionscadal Nua ó Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge, Carna - Seán Mhic Ghiollarnáth**

92 **Ag fáil fáisnéise ar a dúchas**
Terry Fitzgerald

101 **Joe Puliafico - Fear Mhuigh Inse**

113 **Ba bhreá a bheith beo - agus óg - sna 1960aidí**
An tAthair Pádraig Standún

115 **An tIdirbhliain**
Cáit Uí Chualáin

120 **Slán libh anois - An tAthair Peadar Ó Conghaile**

*Comhghairdeachas leis an Iris as ucht*
*25 bliain ag foilsiú*

# Tigh Leavy



Siopa Grósaera
Búistéara / Fíon



**Aird Mhóir**
**Fón/Facs: 095-32230**

Seolann muid beannachtaí na Nollag chuig ár gcustaiméaraí ar fad



Páraic agus Angela



**Tigh Leavy Bar**
Aird Mhóir



**Ceol & Craic**
**Pool & Darts**



***Comhghairdeachas leis an Irisleabhar agus***
***Nollaig Shona***

# Fáilte go "Iorras Aithneach 2015"

Ní raibh aon cheapadh againn chúig bhliain fichead ó shin nuair a seoladh leabhar "Iorras Aithneach" den chéad uair go mbeadh muid fós dá cur ar fáil sa mbliain 2015. Is dóigh go bhfuil an "leabhar", mar a thugann go leor daoine uirthi, ina cuid den Nollaig thart anseo anois.

Ar an ócáid seo, 25 bliain ó tosaíodh ag foillsiú "Iorras Aithneach", is tráthúil an t-am é le súil a chaitheamh anonn agus anall. Is furusta súil a chaitheamh siar; maidir leis na chúig bhliana fichead atá romhainn sa bpobail….bhuel, sin scéal eile!

Fiú agus muid ag ceiliúradh chúig bhliana fichead d'fhoillsiú an leabhair seo ba dhí-céillí an mhaise dúinn na deacrachtaí atá amach ar aghaidh an phobail a cheilt orainn féin. Tá muid sa gcuid de Chontae na Gaillimhe is measa atá as ar bhun eacnamaíochta agus sóisialta. Chuir Comhairle Chontae na Gaillimhe féin an t-eolas sin le chéile théis dóibh a dhul go bun an údair.

Is beag an lear postanna atá ann do ghlúin óg atá oilte ar bhealaí éagsúla; tá muid ró-fhada amach as Gaillimh le go bhféadfadh daoine leas a bhaint as an bhfostaíocht atá ansin – agus maireachtáil sa gceantar seo. Dhéanfadh bóthar den chéad scoth idir seo agus cathair na Gaillimhe an-leas; ghiortódh sé an aistir agus dhéanfadh sé spáráil ar an gcarr.

Ar ndóigh, tá córas leathanbhanda ar chaighdeán an-tábhachtach freisin sa saol atá ann inniu.

Cén seans atá ann go bhfaighfear an dá chineál sin infrastruchtúir thart anseo sna blianta beaga amach romhainn – bóthar ceart agus 'broadband' fiúntach??

Ar thaobh an dóchais tá go leor de thréithe na bpobail tuaithe agus Gaeltachta fanta anseo i gcónaí agus tá traidisiúin an cheoil, an tsean- nóis



**Máirtín O Catháin**
Eagarthóir "Iorras Aithneach 2015"

agus an chultúir Gaeiligh láidir sa gceantar – mar a bhí ariamh.

I bhfad ó bhaile – mar adeir Steve Ó Cúláin, Príomh Fheidhmeannach Údarás na Gaeltachta in alt san leabhar seo i mbliana –tá cumas thar na bearta léiríthe ag daoine de shliocht an phobail seo sa bpolaitíocht agus sa saol poiblí i Meiriceá. Ní pobal beag é Iorras Aithneach – ceantar Charna agus Chill Chiaráin. Is ceart go gcoinneofai croí agus téagar ann. Cé chaoi, adeir tú?

Caithfear a dhul ar ais chuig na cuinsí praiticiúla. I dtosach – obair agus postanna agus airgead sa bpóca. Bóithre maithe, córas ceart leathanbhanda agus, aríst – réimse oibre atá ag teacht le hoideachas agus oiliúint an lae inniu.

Ach fágfaidh muid sin go fóilleach. Sí aimsir na Nollag aríst í. Tá súil againn go bhfaighidh sibh ábhar no pictiúir éigean san leabhar seo i mbliana a dhúiseoidh cuimhní cinn, a bhainfidh gaire amach no a spreagfaidh rabharta cainte.

Bainigí sult agus solamhar as "Iorras Aithneach 2015" agus Nollaig mhaith dhibh uilig.


Sweeney Oil
Since 1987
You know us... we're local!
Gaillimh
GALWAY
Cathair na Mart
WESTPORT
Bothar na Speire
SKY ROAD LOOP
WILD ATLANTIC WAY
N59 Gaillimh
GALWAY
km Uachtar Ard
51 OUGHTERARD
Cloch na Rón
ROUNDSTONE
R341
Baile Conaola
BALLYCONNEELY
Sraith Salach
RECESS
Caiseal
CASHEL
Carna
CARNA
Cill Chiaráin
KILKIERAN
Rinn Mhaoile
RENVYLE
Ros Muc
ROSMUC
An Líonán
LEENAUN
R336
An Mám
km
7
An Caoláire Rua
KILLARY FJORD
B&B
Sweeney Oil
Home Heating Oil
Kerosene
Diesel
Fast & Efficient
Keenest Prices
Clifden 095 22636
Galway 1800 555 999
Ballinrobe 094 9520104
EN 228/590 COMPLIANCE
TRUSTED FUEL SOURCE
for Quality & Service, Local & Reliable
www.sweeneyoil.ie

# Saibhreas dúchasach
## – agus lorg an phobail ar fud an domhain



*Steve Ó Cúláin, Príomhfheidhmeannach, Údarás na Gaeltachta.*

Tá an réigiún fíor Ghaeltachta seo ar cheann de na ceantair is ársa agus is treise ó thaobh an chultúir Ghaelaigh sa tír. Tá sé freisin ar cheann de na ceantair is tarraingtí ó thaobh radhairc de idir chuanta agus shléibhte. Arís i mbliana tháinig craobh sean-nóis Chorn Uí Riada chomh maith le comórtas amhránaíochta na bhfear ó Oireachtas na Samhna 2015 go dtí an ceantar – sin gan trácht ar Chraobh sean-nóis Fhleadh Cheoil na hÉireann agus neart aitheantais eile.

É sin uile ráite, tá an ceantar i bhfad siar ó chathair na Gaillimhe agus ó dheas ó bhaile an Chlocháin agus b'fhéidir gurbh í seo an chúis gur mhair an cultúr agus an saibhreas teanga beo ann le fada. Fiú leis an laghad deiseanna fostaíochta, easpa Infreastruchtúir 7rl, feictear dúinn go bhfuil ábhar misnigh agus dóchais ann do cheantar Iorras Aithnigh do na blianta atá le teacht.

Tá dhá mhór thogra straitéiseach, bunaithe ar an stair, an dúchas agus an turasóireacht chultúrtha á mbeartú don cheantar i láthair na huaire. Tá ionad míniúcháin á fhorbairt in aice láthair Theach an Phiarsaigh i Ros Muc; seo forbairt mhór sa cheantar le hinfheistíocht de €5m a mheallfaidh suas le 60,000 turasóir chuig an gceantar agus a chruthóidh suas le scór post le linn an tséasúir.

Tá togra mór eile á phleanáil do bhaile Charna, sé sin 'Ionad Cuimhneacháin na nImirceach' agus táthar dóchasach go ndéanfar dul chun cinn suntasach ar an togra tábhachtach seo don 'diaspora' le linn 2016.

Tá slí mhór an Atlantaigh Fhiáin ag sníomh tríd an gceantar agus is mór an buntáiste a bheidh anseo sna blianta atá le teacht. Meastar go mbeidh deiseanna ann áiseanna turasóireachta agus seirbhísí éagsúla a fhorbairt ceangailte leis an tslí mhóir agus tá fáilte roimh éinne le smaointí gnó san earnáil seo teagmháil a dhéanamh linn.

Tá borradh arís faoi chúrsaí feirmeoireachta éisc sa cheantar le Bradán Beo Teo. an-ghníomhach i gCuan Chill Chiaráin agus muid dóchasach gur féidir a mhacasamhail d'fhorbairt a athmhúscailt arís i gCuan na Beirtrí Buí trí chomhoibriú idir an pobal, an státchóras agus infheistíocht phríobháideach.

Tá na comhlachtaí próiseála éisc cruógach faoi láthair agus tá agus beidh deiseanna maithe forbartha ag an tionscal feamainne i gCill Chiaráin le saineolas áitiúil Arramara Teo agus saineolas idirnáisiúnta Acadian Seaplants Ltd ó Cheanada atá ar fáil sa cheantar.

Tá Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge fréamhaithe sa cheantar i Roisín na Mainiach agus tá súil againn go gcuirfidh siad breis infheistíochta agus saineolais isteach sa cheantar sna blianta amach romhainn.

Tá dul chun cinn suntasach déanta sa réimse forbartha pobail sa cheantar le blianta agus tá obair mhór déanta ag eagrais forbartha cosúil le Forbairt Chonamara Láir Teo, An Fóram do Phobal Iorras Aithneach agus coistí deonacha eile. Ba chóir aitheantas ar leith a thabhairt do na coistí áitiúla a raibh baint acu le forbairt an Pháirc Spóirt uileaimsire agus an Pháirc Spraoi i gCill Chiaráin, a osclaíodh i mbliana. Tá moladh tuillte freisin ag lucht oibre na scéimeanna fostaíochta sóisialta atá páirteach i réimsí gníomhaireachtaí pobail agus sóisialta sa cheantar.

Ar deireadh, níl aon dabht ach go bhfuil teacht aniar i muintir Iorras Aithnigh ach an deis a fháil iad féin a chur in iúl. Tá seo cruthaithe acu ar fud an domhain, ach go háirithe sna réimsí oideachais, gnó agus polaitíochta i Meiriceá rud atá pléite go minic cheana agus nach gá a aithris anseo arís.

Comhghairdeas le foireann foilsithe na hirise seo a bhfuil cionn fir agus cionn ban déanta acu anuas tríd na blianta leis an iris shuimiúil seo a fhoilsiú chuile bhliain.

Go mba fada buan sibh uile.



Christina Ní Mhainnín as Rosdubh, Ros Muc agus Pádraic Éinniú as Caladh bhFuínnse a phós
i Séipéal Ros Muc i mbliana.

# Iorras Aithneach i 2040?
## - 25 Bliain amach romhainn






Tá cúigear den nglúin óg ag caitheamh súil 25 bliain chun cinn in "Iorras Aithneach" na bliana seo. Anseo -

*Seán Ó Cualáin - Comhlacht léiriúcháin teilifíse agus scannáin.*

Tá go leor de mo shaol caite agam ag plé le cúrsaí spóirt sa bparóiste seo, go háirithe cúrsaí Chumann Lúthchleas Gael agus an cumann áitiúil, Cárna Caiseal. Nuair a thosaigh mé ag dul ag cluichí i ndeireadh na n-óchtóidí ní raibh an cumann i bhfad ar an bhfód, agus ní raibh páirc Chárna oscailte fós do chluichí. Idir an dá linn tá dul chun cinn mór déanta ag an gcumann le cúig bhliana fichead. Cé a chreidfeadh i 1990 go mbeadh foireann sinsear peile againn i 2015 agus go n-éireódh linn dul chomh fada le cluiche ceannais sinsear na Gaillimhe i 2005. Cé a chreidfeadh go mbeadh cumann peil na mban bunaithe sa gceantar. Tá an pháirc peile i gCárna anois ar cheann de na páirceanna is deise i gConamara agus tá páirc peile Chill Chiaráin ar chomhchéim le áis ar bith eile sa tír.

Ach ar chúl na bhforbairtí sin uilig, tá muid ag cailleadh an rud is tábhachtaí do chumann agus phobal ar bith: imreoirí agus daoine. De bharr laghdú tubaisteach i líon na ngasúr sa gceantar, tá an cumann anois nascaithe faoi aois lenár gcomharsana béal dorais Na Piarsaigh. (cé a chreidfeadh é sin i 1990?) Tá an có-násacadh seo anois ag oibriú go maith agus tá na buachaillí agus na cailíní óga ag buachtaint Craobhacha agus Sraitheanna Condae.

Ia deacair a thuar cé mar a bheas an saol anseo in Iorras Aithneach i 2040, ach ag breathnú ar an titim atá ar an líon gasúr sa bparóiste, is doigh liom go dtiocfaidh an lá go mbeidh orainn cathanna a throid chun scoileanna náisiúnta an cheantair a chosaint, ionnas nach ndúnfaí ceann ar bith eile acu.

Tá sé cúig bhliana fichead ó shoin a chuaigh mé féin isteach geataí Scoil Phobal Mhic Dara don gcéad uair. Tá postanna maithe ag na céadta againn de bharr an sár-oideachas agus rogha leathan ábhair a bhí le fáil againn ann. Bíodh agus go bhfuil titim damanta ar líon na ndáltaí atá ag freasatl uirthi, tá torthaí thar cionn uilig dhá bhaint amach ag na scoláirí, agus tá an scoil áirithe ar cheann de na scoileanna is fearr sa tír.

Beidh cosaint láidir le déanamh againn ar naíonraí agus scoileanna an cheantair seo, agus beidh sí seo ar cheann de na dúshláin is mó atá romhainn mar phobal as seo go 2040.

Tá sé tugtha le fios ag na húdaráis, a bhfuil leas an phobail seo mar chúram acu, gur leis na tionscail traidisiúnta atá cinniúint an phobail ag brath: tionscal na feamainne agus na feilméarachta éisc go háirithe. Faraor i 2015 ní féidir a bheith cinnte go mbeidh na tionscail seo láidir agus ag cruthú fostaíochta buan i 2040. Bíodh muid ag súil go mbeidh, mar tá cuid mhaith de bheocht an phobail seo ag brath ar na tionscail sin.

Is minic a dhéanann muid dearmad ar an tionscal is tábhachtaí atá againn sa nGaeltacht: an cultúr Gaelach. Pé forbairt atá déanta ag an Stát sa gceantar seo is de bharr an stádais Ghaeltachta a déanadh é. Samhlaigh an ceantar seo gan an stádas seo agus gach a dtéann leis. Ní gá ach breathnú ar thionchar na gColáistí Samhradh agus an tacaíocht a thugann siad do na teaghlaigh atá dhá dtógáil, gan trácht ar an airgead a chaitear sna siopaí agus i mbialanna an cheantair le linn an tSamhraidh.

Mairfidh pobal seo Iorras Aithnigh más féidir leis na húdaráis borradh a chur faoi thionscal na feamainne agus na feilméarachta éisc, ach creidim go bhfuil cuid mhaith de rath agus slánú an phobail anois fite fuaite, agus ag brath ar bheocht an chultúir Ghaelaigh. Tiocfaidh tuilleadh borradh faoin gceantar má éiríonn leis na gasúir óga ( le Gaeilge ó dhúchas) atá ag fás aníos anois jabanna a fháil i dtionscal na Gaeilge agus go háirithe i dtionscal na meáin. Tá agus beidh deiseanna maithe fostaíochta le fáil go háitiúil i gConamara sa gcineál seo oibre idir an Teilifís, an Raidio, an Iriseoireacht agus i gcúrsaí teangan agus aistriúcháin.

Leis na deiseanna nua seo beidh pobal níos láidre agus níos bríomhara againn i 2040, má tá aos óg na linne seo préamhaithe i gcultúr na háite, le go mbeidh siad féin inann agus ag iarraidh cur fútha in Iorras Aithneach amach anseo.

**Ba mhaith le SLR Consulting comhghairdeachas a dhéanamh le "Iorras Aithneach 2015" ar chómóradh 25 bliain dóibh.**

SLR

global environmental solutions

**SLR Consulting** is one of Ireland's leading environmental and resource consultancies




For further information please contact:
Tim Paul: tpaul@slrconsulting.com
or Deirdre Lewis: dlewis@slrconsulting.com

7 Dundrum Business Park, Windy Arbour, Dublin 14
Ph: 01 296 4667

www.slrconsulting.com

# I nGáirdín Dé

***Daoine a fuair bás agus a cuireadh sa bpobal ó 30/11/14 agus 30/10/15***

Colm (Bheartla) McDonncha, Aird Thiar, 20/11/2014
Pádraic Dunworth, Coill Sáile, 3/1/15
Máirtín Óg McCraith, Cill Chiaráin, 3 /2/15
Bríd Uí Chualáin, Muighros, 26/2/15
Antaine Ó Máille, Doire Iorrais, 4/3/15
Pádraig Mac an Ríogh, An Más & Sasana, 25/2/15
Tomás Ó Súilleabháin, Loch Con Aortha, 7/3/15
Coleman Ó Cadhain, Cill Chiaráin, 6/3/15
Mike Davies, An Bhreatain Beag, 7/4/15
Pádraic Tom Photch Ó Ceannabháin, Coill Sáile, 18/5/15
Michael O'Halloran, USA/Cor na Móna, Adhlacadh Luaithrigh, 3/6/15
Máirín Uí Mhaoilchiaráin, Caladhfhuinnse, 24/6/15
Paidí McCormaic, Muighros, 26/6/15
Aindi Ó hAllumhráin, Cill Chiaráin, 14/7/15
Teresa Connolly, Sasana/Cill Mheáin, Adhlacadh Luaithrigh 17/7/15
Bairbre Uí Ghúairim, Ruisín na Manach, 15/7/15
Seán McDonncha, Coillín/Aird Mhóir, 25/7/15
Bridget (King) Hanley, Sasana/Muighros, Adhlacadh Luaithrigh 25/8/15
Tom Reilly, Loch Con Aortha, 31/8/15
Pádraic Ó Máille, Doire Iorrais, 7/9/15
Joe John Mac an Iomaire, Coill Sáile, 25/10/15
An tAthair Peadar Ó Conghaile, Iar Shagart Pobail Charna, 20/5/15
(curtha ina áit dhúchais i mBaile an Mhuillin i dtuaisceart na Gaillimhe)

***Ar dheis Dé go raibh siad***

## Sonas Oraibh

**Phós na lánúin seo leanas sa pharóiste:**

Paul Mackessey & Bairbre Ní Chathasaigh.

Réamonn Ó Flátharta & Caroline Birrane.

Mark Sullivan & Caitríona Ní Ghionnáin.

Cóilín Ó Conghaile & Nuala Nic an Ríogh.

Pádraic Ó Ceóinín & Máire Ní Bhriain.

**Líon gasúr sna Bunscoileanna le 25 bliain**

| | 1990 | 1995 | 2000 | 2005 | 2010 | 2015 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **An Aird Mhóir** | 50 | 75 | 66 | 50 | 51 | 37 |
| **An Aird Thiar** | 61 | 59 | 35 | 32 | 26 | 37 |
| **Carna** | 78 | 57 | 54 | 50 | 33 | 43 |
| **Cill Chiaráin** | 73 | 60 | 59 | 21 | 25 | 38 |
| **Muigh Inis** | 30 | 32 | 26 | 11 | 16 | 25 |
| **Muighros** | 38 | 25 | 13 | 7 | Dúnta | Dúnta |
| **IOMLÁN** | **330** | **300** | **253** | **171** | **151** | **180** |

Ciallaíonn na figiúirí seo go bhfuil 46.5% de laghdú ar an líon gasúr i mbunscoileanna an phobail ón mbliain 1990.

**Líon daltaí i Scoil Phobail Mhic Dara – Carna**

| 1990 | 1995 | 2000 | 2005 | 2010 | 2015 |
|---|---|---|---|---|---|
| 217 | 189 | 194 | 180 | - | 91 |

Nóta faoi 2015 – Bhí 11 cláraithe le haghaidh cúrsa iar Ard Teiste (PLC) nuair a fuair muid an t-eolas seo – sin 11 le cois na ngnáth chúrsaí scoile san Scoil Phobail.

**Fágann seo go bhfuil 53% de laghdú ar an líon daltaí sa scoil phobail le 25 bliain fiú agus má chuireann tú an cúrsa iar ard teiste san gcomhaireamh.**


## Céad Fáilte Romhaibh:

*Baisteadh na gasúir seo leanas i bParóiste Iorras Aithneach idir Samhain 2013 agus Samhain 2014.*

Cristopher Patrick Connolly,
Síofra Ní Chualáin,
Patrick James Hernon,
Jeaic McDonncha,
Seán Micheál Ó Ceoinín,
Josie Nicolás MacDonncha,
Fionn McGarry,
Maggie Cloherty,
Sophie Taylor Kelly,
Rocco Ryan Patrick Ó Ceannabháin,
James Matthew Ó Catháin,
Sophie Emily Ní Cheannabháin,
Máire Áine de Búrca.

# *Ag Ceiliúradh na Cheithre Scóir i Pittsburg*

Sna 1950aidí a chuaigh **Colm Mhichael Mhaitiú** (Ó Maoilchiaráin) as Muigh Inis go Meiriceá. Rinne sé féin agus a chlann ceiliúradh speisialta ar a lá beirthe i mbliana; bhí Michael 80 bliain an samhraidh seo caite. Chuir an teaghlach cárta ceiliúrtha le chéile.
Feicfidh sibh anseo go raibh Michael ina dhornálaí ábalta san Arm in Éirinn agus gur scríobhadh faoi sa bpáipéar nuachta nuair a d'fhág sé Aerfort na Sionnaine na blianta fada ó shin.



## Army Boxer For Pittsburgh

GALWAY and the Irish Army have lost a first class boxer but it is probable if he continues in his present form that he will bring further honour to Ireland in the years to come. He is Colman Mulkerins, former All-Army Light Middle Champion and winner of many bouts throughout Connacht.

Mr. Mulkerins, a native Gaelic speaker, and member of the 1st West Battalion (Irish speaking) until recently, flew out from here on a T.W.A. clipper, accompanied by his sister, Mrs. J. Minnock, and her husband who hails from Laois. Mr. and Mrs. Minnock were returning after a holiday but Colman was emigrating to Pittsburg.

Although yet in his early 20's, Colman has had a brilliant boxing career. He won the Army light middle title in 1955, and followed this victory by successfully representing the Western Command on many occasions. On leaving the Army he spent a short time in London where he again won honours against the stiffest opposition.

At the airport a great crowd gathered from Colman's and Mrs. Minnock's home district, Mynish, Carna, to give them a rousing send-off. And his last words to me before he boarded the giant constellation were: "I believe the boxing game is tough in the U.S., especially in the mining city of Pittsburgh, but I think I'll follow it up."


On arrival in Pittsburgh, he will be greeted by his aunt, Mrs. J. Molloy, formerly Mary Burke, who emigrated from Carna in 1920, and who enjoyed a pleasant holiday at home two years ago.

Among those who came to wish them "bon voyage" were their father, Mr. Michael Mulkerins; brother, Thady; uncle, Pat Burke; and friends, John Ridge and Michael Geraghty, Carna.

SHANNON REPORT

BY

DEPARTURES



Tá trí phictiúir ansin – Michael san Arm ina fhear óg…ina dhiaidh sin í Meiriceá …agus arís i mbliana agus é ag ceiliúradh na cheithre scóir. Is breá atá sé ag coinneail, bail ó Dhia air agus go mba fada mar sin é.

# Athruithe in Iorras Aithneach le 25 Bliain



*Seosamh Ó Cuaig*

*Chúig bhliana fichead go ham seo a foillsíodh leabhar bliantúil Iorras Aithneach i dtosach. Tá cur síos anseo ar chuid de na hathruithe atá tugtha faoi deara aige féin in imeacht na mblianta sin ag - Seosamh Ó Cuaig.*

Bhí eagarthóir na hirise seo, Máirtín Ó Catháin, ag cur síos tamall ó shin ar na hathruithe a tháinig sa bpobal ó foilsíodh an chéad eagrán den iris i 1990. Thosaigh mé féin ag cuimhniú siar agus chuaigh mé i gcomhairle le mo chairde faoi. Seo cuid de na hathruithe a luadh sa gcomhrá. Níl siad curtha in ord ar bith faoi leith agam.

**AN DAONRA**

Is dóichí go bhfuil an t-ísliú a tháinig ar an daonra ar cheann de na rudaí is suntasaí ar fad a tharla. Tá léiriú déanta ar sin in áit eile san iris seo. Ní call duit ach líon na ngasúr ar na rollaí sna scoileanna a scrúdú lena thuiscint. Shíl muid nuair a bhí an Tíogar Ceilteach ag búirtheach go laghdódh cuid mhór den imirce. Ach d'imigh sin agus tháinig seo. Is iontach an lear daoine óga atá imithe le roinnt blianta anuas. An t-aon údar sóláis atá ann go dtagann siad abhaile níos minicí agus go dtéann a muintir ar cuairt chucu níos rialta ná mar a tharlaíodh dá fadó.

**AN CREIDEAMH CAITLICEACH**

Níl sé á chleachtadh chomh láidir agus a bhíodh. Ní bhíonn an oiread daoine ag an Aifreann anois. Ní chloisfeá mórán cainte ar bith ar an bhfaoistean. Cá ndeacha limbo nó an bhfuil purgadóir ann i gcónaí? Ní thugtar aird mar a thugtaí ar threoir na hEaglaise nuair a bhíonn ceisteanna mórálta poiblí á bplé. Féach gurbh í an chluais bhodhar a fuair siad nuair a bhí an reifreann ar bun faoi chead a bheith ag daoine aeracha a chéile a phósadh. Is fíor, ar ndóigh, nach raibh an chléir ar fad ar aon intinn faoin scéal: tháinig cuid acu amach ar a shon. Cónaíonn lánúineacha le chéile anois sula bpósann siad, má phósann siad chor ar bith. Is maith luath a bheadh an sagart ag an teach acu san am a caitheadh nó seanmóir ghéar déanta fúthu ón altóir. Tá easpa sagart ann. Bhí triúr sagart sa bparóiste i 1990. Níl ann anois ach an tAthair Standún agus é tarraingthe ó chéile ag iarraidh a bheith ag freastal ar chuile shórt. In imeacht na mblianta atá i gceist againn éiríodh as léamh an Aifrinn i nGlinnsce, i Maíros agus i Loch Con Aortha.

Dímigh na mná rialta uainn agus tá an clochar folamh gan aird. Is mór an leas a rinne siad do chúrsaí oideachais, agus ar bhealaí eile, an fhad agus a bhí siad inár measc.

**ALDI AGUS LIDL**

Tá athrú mór curtha ag na Gearmánaigh seo ar chúrsaí siopadóireachta. Tá siad ag cur brú an-mhór ar fad ar shiopaí beaga an cheantair. Dá mbeifeá ag iarraidh castáil le duine as Iorras Aithneach anois Dé hAoine ní dóichí áit a bhfaighfeá é ná sa gClochán. Dá mbeadh an rialtas dáiríre faoin nGaeilge níl beart ab fhearr a d'fhéadfaidís a dhéanamh ná deontas a thabhairt don dá shiopa sin le freastalaithe a cheapadh a mbeadh an Ghaeilge ar a dtoil acu. Dhún siopaí in Iorras Aithneach le chúig bhliana fichead ach d'oscail ceann freisin a rinne leas mór, sin é Tí Dowd i Roisín na Mainiach. Bhí muid an-bhuailte cheal seirbhís peitril agus díosail nuair a hosclaíodh é.

Athrú mór eile i saol an cheantair Siopa Mhic Oireachtaigh a bheith ar an margadh. Ba mhaith an tserbhís a chuir siad ar fáil ar feadh blianta fada.

**TEILIFÍS**

Tháinig TG4 ó shin agus tá cúpla duine as Iorras Aithneach ag obair ann. Ta Sky i dtithe go leor agus fáil ar na céadta cainéal . Tá cláracha teilifise den scoth á ndéanamh sa bparóiste. Is mór an chreidiúint do Sheán agus d'Éamon Ó Cualáin a bhfuil d'obair

bhreá ar bun acu i seanscoil Loch Con Aortha. Ní "cas air an television" a chloistear chor ar bith anois ach "cá bhfuil an remote control"?, nó "sín chugam an zapper sin."

**CÚRSAÍ TALMHAÍOCHTA**

"Seal ag tarraingt fheamainne, ag cur fhataí agus ag baint fhéir," a bhí san amhrán. Tá an saol sin imithe. Mar sin féin tá talmhaíocht ar bun i gcónaí ach má tá ní speal a d'fheicfeá ach meaisín bainte féir agus "baler". Is minic a fheicfeas tú "quad" ag imeacht ina thoirneach tríd an gcriathrach. Dá dtiocfadh Oisín ar a chapall bán as Tír ná nÓg aríst ní bheadh aon chall dó ísliú anuas leis an liagán de chloch úd a chrochadh; dheánfadh an J.C.B. dhó é. In áit claí a thógáil is minic gur fál leictreach a d'fheicfeá i ngarraí. Tá feilméirí an cheantair ag brath go mór freisin ar scéim ar a dtugtar REPS.

Sna garrantaí a dhíoltaí na beithigh chúig bhliana fichead ó shin. Sna marglanna sa gClochán agus ar an Teach Dóite a dhíoltar anois iad. Tráthúil go leor, is i 1990, a bunaíodh marglann an Chlocháin agus marglann an Tí Dhóite.

**MÓIN**

Is gearr a bheas aonduine in ann portach móna a bhaint. Mura mbainfidh meaisín anois í fágfar sa bportach í agus glaofar ar Sweeney Oil.

**RIALACHA**

Tháinig na Ceantair Speisialta Caomhnaithe isteach ... na S.A.Cs. Níor tuigeadh ró-mhaith i dtosach iad ach tá daoine cráite acu ó shin. Is mór an bac a chuireann siad go minic ar an té a bhíonn ag iarraidh teach a thógáil. Stop siad an bóthar nua as Gaillimh go Scríb. Fiú an bóthar ó thuaidh—as Gaillimh don Chlochán – tá siad ag cur bac ar chaoi a chur air. Dúradh linn ag cruinniu de Chomhairle Contae na Gaillimhe lá nach bhféadfaí drannadh leis an drochphíosa bóthair atá soir ón Sraith Salach mar gheall ar an SAC. Lá eile bhí muid ar thoscaireacht sa mBruiséil. Chuir mise mapa de Chonamara os comhair na n-oifigeach ansin—mapa a raibh ceantair chaomhnaithe Chonamara marcáilte air. D'fhiafraigh mé den té a bhí i gceannas orthu—fear as an bhFrainc—an raibh sé ceart ná cothrom go raibh 80% de Chonamara faoi na ceantair chaomhnaithe seo agus nach raibh fágtha againne ach stiall caol le farraige agus leis an mbóthar ó thuaidh--- an Gaza Strip, mar a thug mé air. "Ní muide a leag amach na teorainneacha," a dúirt sé, "ach an rialtas sin agaibh féin."

"Is gearr nach leat an chearc atá ag teacht isteach ar urlár do thí," a dúirt fear as an bparóiste seo fadó. (Bhíodh cearca ag teacht isteach ar an urlár an uair sin. Ní mórán cearca atá ann anois le dhul isteach ná amach). Agus ar ndóigh tá na hiascairí traidisiúnta cráite amach is amach ag rialacha. Costas ar fad iad. Is maith an méid euros a theastódh inniu ó dhuine óg a mbeadh rún aige tosú ag baint slí bheatha as an iascach.

**FEILMÉIREACHT ÉISC**

Bhí an-dóchas as an bhfeilméireacht éisc chúig bhliana fichead ó shin. Tá dóchas aistí i gcónaí sa bparóiste ach is léir go ndeacha sí ar gcúl cuid mhaith ó 1990. Tarlaíonn rud mar sin ó am go ham i chuile thionscal agus sé ár ndóchas go bhfuil na laethanta is fearr amach romhainn. Bhí an-dóchas as feilméireacht abalone agus as feilméireacht na feamainne ag an am. Caitheadh cuid mhór airgid ag iarraidh na muiríní agus na hoistrí a thabhairt chun cinn. Tá muiríní agus oistrí sna cuanta i gcónaí ach níor tháinig an fhorbairt mhór a bhí tuartha---fós. Maidir leis an Ionad Taighde i Maínis tá sé ansin fós ach ba mhór an buille dhó an lá ar osclaíodh Áras Uí Riain ag an Ollscoil i nGaillimh.

**ÁRAS SHORCHA NÍ GHUAIRIM**

Bunaíodh Áras Shorcha Ní Ghuairim i Roisín na Mainíoch sa mbliain 1997. Is maith ann é. Is mór an t-athrú é ón am a mbíodh na fuinneoga á mbriseadh ar an bhfoigneamh a bhfuil sé ann. Bíonn fáilte roimh an bpobal i gcónaí ann agus ar ndóigh tá cúrsaí léinn á gcur chun cinn ann i gcónaí. B'fhéidir go raibh cuid againn ag ceapadh tamall go leathnódh na cúrsaí sin níos fearr fós ach ní hé deireadh an tsaoil fós é.

**EASTÁT TIONSCLAÍOCHTA**

Bhí eastát tionsclaíochta rathúil go leor i Roisín na Mainíoch tráth dá raibh. Is beag de atá fanta anois. Tá réamh-mhonarcha nua go maith ansin atá folamh le fada. Breathnaíonn sé nach bhfuil Údarás na Gaeltachta in ann tionscail a mhealladh níos faide anoir ná an Tulach ar na saolta seo.

**SAOIRSE NA mBAN**

Tháinig na mná chun cinn ar bhealaí go leor sna blianta atá i gceist againn. Tabhair faoi deara, mar



**Foireann peile Phobalscoil Mhic Dara thart ar 1993**

**Ar chúl, ó chlé:** Séan de Paor, Treanalai; Cormac Breathnach, Séan de Burca, McDara Ó Diarbháin, Ciaran Ó Tuathail, Seamus Ó Clocharta, Rónán Ó Flatharta, Séan S. Ó Fatharta, Gearóid Ó Madaoin, Feithin Ó Guarim, Séan Seoige.
**Tosaigh:** Séan Ó Cathasaigh, Niall O hEalai, Padraic Ó Caonaigh, Séan Mc an Iomaire, Séan Ó Flatharta, Michéal Ó Flatharta, Marcus McFlannchadha & Reamonn Mc an Iomaire.

shampla amháin, gur mná atá ina bpríomhoidí inniu ar chúig bhunscoil an cheantair. Déanann na cailíní níos fearr i gcuid mhaith scrúduithe ná na buachaillí agus ní bhíonn leisce ar bith ar chuid acu tabhairt faoi cheirdeanna ar ceapadh tamall nach bhfeilfidís do na mná beag ná mór.

**PARÁID LÁ FHÉIL' PÁDRAIC**

Eagraítear paráideanna anois chuile bhliain ar an Aird Mhóir agus i gCill Chiaráin. Is mór an tógáil croí don phobal iad agus is iontach an tsamhlaíocht a bhíonn ag na daoine a chuireann na "floats" ar fáil.

**SLÍ AN ATLANTAIGH**

Fuair muid amach le deireanas gur ar Shlí an Atlantaigh Fiáin atá muid inár gcónaí-- san áit chéanna a raibh muid chúig bhliana fichead ó shin. Ach is mór an t-athrú, ó thaobh poiblíochta de, an t-ainm nua, a deir an dream atá i gceannas ar chúrsaí turasóireachta. Measann daoine eile nach raibh an toradh chomh suntasach agus atá siad a rá.

**BÁD TARRTHÁLA**

Tá bád tarrthála dar gcuid féin againn agus áras breá lena haghaidh sa Más.

**UISCE**

Tá córais uisce na tíre ina gcnámh spairne faoi láthair ach tá sólás amháin againne, go bhfuil ceann de na córais is fearr in Éirinn againn. Ach oiread le go leor rudaí eile, is as brú pobail a tháinig sé.

**EASTÁIT TITHÍOCHTA**

Tá eastát tithíochta i gCarna, ceann i Roisín na Mainíoch agus ceann eile i nGlinnsce – athrú mór ar phátrún lonnaíochta an cheantair.

**AN GHAEILGE**

Tá an Ghaeilge ag lagan i gcónaí. Bhí cáil ariamh ar Ghaeilge Iorras Aithneach ach tá an téagar ag imeacht aisti ó bhliain go bliain. Bhíodh roinnt tuismitheoirí ag tógáil a gclainne le Béarla le fada ach sé an chaoi a bhfuil sé anois gur beag de na tuismitheoirí atá ag tógáil a gcuid gasúr le Gaeilge.

Má leanann an scéal amhlaidh tiocfaidh an lá a mbeidh an Ghaeilge chomh gann in Iorras Aithneach agus atá sí ar an gCaiseal. Shílfeá, muise, nach mórán buntáiste a fuair muintir an Chaisil as iompú ar an mBéarla.

**DEONTAIS**
Chaill muid na deontais a bhíodh Roinn na Gaeltachta a thabhairt. Ba mhór an gar go háirthid na deontais le caoi a chur ar thithe agus na deontais le haghaidh bóithre áise. Bá é Éamon Ó Cuív a chuir deireadh leo.

**CUARTAÍOCHT**
Tá deireadh leis an gcuartaíocht sna tithe mura bhfuil corrchás ann. Is beag nár mhór dhuit coinne a dhéanamh anois le dhul ar cuairt i dteach. Theastódh ón dream a ligfeadh isteach tú a gcuid árachais a bheith íoctha freisin acu. Is gearr ó bhí scéal ar an bpáipéar faoi bhean a chuaigh ar cuairt chuig cara léi suas faoin tír. Sciorr sí ar an urlár taobh istigh den doras. £1O,000 a fuair sí as.

**GIÚIRLÉIDÍ NUA**
Tá giúirléidí nua tagtha chun cinn a dhéanann an saol níos éasca do na daoine. Níl ceann ar bith acu níos tábhachtaí ná an fón póca, déarfainn. Má bhíonn cabhair phráinneach ag teastáil uait amuigh ar an gnoc nó i lár na farraige móire is gearr a thógfas sé ort scéala a chur chun bealaigh. Ní fada ón fón póca an “selfie”. Tá daoine ann a gceapfá fúthu nach gcreideann siad go bhfuil siad beo chor ar bith go bhfeiceann siad an “selfie”. Tá You Tube ann más mian leat duine d’amhránaithe nó de cheoltóirí móra Iorras Aithneach a fheiceáil ar stáitse eicínt nó breathnú ar na Dubháin ag damhsa. Má chailleann tú clár ar an raidió nó ar an teilfifís ná bíodh brón ná buairt ort; gheofaidh tú chuile fhocal beo de ar Player. Níl áis dá nua-aimseartha nach bhfuil sna tithe. Tháinig an DVD agus an CD. Agus cá mbeadh muid gan an ríomhaire? Tá páistí an bhaile in ann an ríomhaire a oibriú go paiteanta. Tá agus daoine níos sine.

**PÁIRCEANNA SPRAOI**
Tá páirc nua peile i gCill Chiaráin. Ní rud nua páirc peile ach is feabhas ar an saol an dromchla “astro” atá uirthi. Tá páirc spraoi do ghasúir in aice léi. Sin athrú mór eile ar an saol; bhí an lá ann gur sa teach nó amuigh sa ngarraí a dhéanadh gasúir a gcuid spraoi. Thosaigh an “Japanese knotweed” ag fás sa bpáirc spraoi. Is deacair é a chur ar gcúl. Bhí muid a cheapadh fadó gur mhór an trioblóid broimfhéar, copógaí, agus an fóthannán ach is seacht measa go mór an “Japanese knotweed”. Os ag caint ar spraoi do ghasúir é, tháinig an “bouncing castle” isteach go láidir. Níl lá breithe ceart ar bith ag gasúr anois gan “an bouncing” castle a bheith taobh amuigh den teach. Is maith le go leor an scéal a chur ar chlar Mháirtín Tom Sheáinín ar Raidió na Gaeltachta chomh maith. An mbíodh an oiread cainte ar laethanta breithe fadó ach an oiread le rud – ná ar “mother’s day”, “father’s day”, “silver jubilee”, “golden jubilee”, srl.?

**TEACH ALTRANAIS**
Bhí an teach altranais ar cheann de na rudaí ba tábhachtaí ar fad a tharla in Iorras Aithneach le 25 bliain. Ní hé amháin go dtugtar aire den scoth do na seandaoine ann ach sé an fostóir is mó sa gceantar é. Caitear níos fearr leis na seandaoine ina gcuid tithe féin freisin, Tugtar bealach taistil dóibh lá an phinsin, cuirtear siamsa ar fáil dóibh faoi Nollaig agus tá an leagan cainte “home help” bunaithe go daingean faoi seo.

**AN COMHARCHUMANN**
Dúnadh Comharchumann Chonamara Thiar. Ba mhaith agus b’fheiliúnach an tseirbhís a chuir siad ar fáil agus airíonn daoine uathu i gcónaí é. Mura mbeadh uait ach táirne anois chaithfeá a dhul píosa ó bhaile. Bhí an stór agus an siopa ansin agus is beag fabht a tháinig ariamh sa gcóras uisce a chuir siad go Maínis.

**ARRAMARA**
Tá Arramara faoi cheannas comhlachta as Ceanada. Sé ár ndóchas gur tuilleadh forbartha agus tuilleadh fostaíochta atá i ndán don chomhlacht.

**MARBHLANN**
Osclaíodh marbhlann Tí Mhéalóid i gCarna. Lag an tórramh sa teach de réir a chéile.

**CARRANNA**
Tá carranna ag éirí níos fairsinge i gcónaí. Is iontach an lear den dream óg a bhfuil carr acu. Thabharfá faoi deara go bhfuil níos mó de na mná ag tiomáint freisin. Cheap fir tamall gur droch-thiománaithe a bheadh sna mná ach tá sé feicthe ag comhlachtaí áráchais le fada an lá go mbíonn siad i bhfad níos cúramaí ag tiomáint ná na fir.

Ar ndóigh tháinig scrúdú an NCT isteach sa tréimhse atá i gceist againn. Cuireadh an “Sat. Nav.” sna carranna freisin. An stráinséara a bheadh ag teacht as Gaillimh go hAill na Brún anois bobaide ceart a bheadh ann dá ngabhfadh sé amú.

**10 gCINN DE THOITÍNÍ**

Ní bhfaighidh tú paicéad 10 gcinn de thoitíní sa siopa inniu. Tá sé in aghaidh an dlí iad a dhíol mar sin. Níl deatach an tobac sna pubanna ná in árais phoiblí eile. Ba é Mícheál Máirtín a thug an dlí sin isteach. Is mór an dochar a rinne an rialtas a raibh sé páirteach ann don tír ach rinne siad an méid sin go groíúil agus go fiúntach.

**NA PUBANNA**

Tá na pubanna i bhfad Éireann níos ciúine ná a bhíodh siad. An té a mbeirtear air ag tiomáint óltach tá píonós géar i ndán dó. Deirtear go bhfuil i bhfad níos mó óil á dhéanamh sa mbaile agus tá daoine ann a déarfadh gur dochar ann féin é sin. Is críonna an té a déarfadh, mar a dúirt an fear i gCré na Cille.. Dúnadh pub amháin sa bparóiste - Tí Kheane. Ba mhór an caillteanas é ar dhaoine a raibh tóir acu ar dheá-chomhluadar, ar chomhrá den scoth agus ar amhránaíocht.

**AN EURO**

Tugadh an euro isteach. Tá daoine ann a chreideann go daingean nárbh é ár leas é. Níl chuile dhuine cinnte ach oiread go mairfidh córas an euro.

**PEIL**

Sna sinsir atá foireann peile Charna ag imirt. Tá deacrachtaí móra dá gcuid féin acu de bharr na himirce ach is mór go deo an chreidiúint atá ag dul do na himreoirí agus don dream atá ag riaradh an chumainn.

**MODHANNA CUMARSÁIDE**

Is iontach go deo an feabhas atá tagtha ar dheiseanna cumarsáide, cé go dteastódh tuilleadh ó thaobh an bhanda leathan, srl. Tá “an facebook” agus an “twitter” ar bharr a ngoib ag óige an cheantair. Cár fhág tú an “skype”? Nach iontach an cor sa saol é gur féidir leat labhairt ar an fón anois le do dhuine muintreach agus tú ag breathnú air an scáileán? Ní litir a thagann as Meiriceá chor ar bith anois ach ríomhphost.

**RUDAÍ A CHAILL MUID**

Rinneadh gearradh siar mór ar sheirbhís na nGardaí. Is dócha go mbeadh beairic Charna dúnta uilig murach an feachtas a heagraíodh sa bpobal. Ba é a fhearacht sin ag bus Charna é; scéal cinnte go mbeadh sí curtha den bhóthar murach chomh hairdeallach agus a bhí an Fóram do Phobal Iorras Aithneach. Éiríodh as an mBanc Taistil. Aríst rinne na coistí pobail a ndícheall ach níor éirigh linn an iarraidh sin. Bhíodh bainne á thabhairt chuig an doras i gcuid mhór den pharóiste. Téigh chuig an siopa tú féin anois nó bí á uireasa.

**ZUMBA**

Tá córas aclaíochta ar a dtugtar “zumba” ar fáil sa bparóiste. Seo é an cur síos atá air ag Wikipedia --- áis bhreá eile eolais: “Zumba is a dance fitness programme created by Columbian dancer and choreographer Alberto “Beo” Perez during the the 1990s.

Zumba involves dance and aerobic elements. The choreography incorporates hip-hop, soca, samba, salsa, meringue and mambo. Squats and lunges are also included.” Anois an bhfuil biseach ort?

Ní taobh le zumba amháin atá muid, ar ndóigh: tá suim ag daoine i yoga, karate, judo, srl. Gan trácht ar an massage. Agus tá Cumann Siúlóide againn. Déanann siad píosaí breá siúlóide chuile Dhomhnach agus ní clóic ar bith orthu a dhul thar lear agus a dhul ag crágáil ó bhaile go bail

**IONADAÍ POBAIL POLAITÍOCHTA**

Tá muid gan ionadaí ar bith as an bparóiste anois ar Chomhairle Contae na Gaillimhe. Cuimhnigh ar a raibh acu ann san am a caitheadh – Josie Mongan, Johnny Geoghegan, Maire Geoghegan Quinn, Mícheál Ó Móráin, Mícheál Mac Oireachtaigh, Aodh Ó Domhnaill, Máirtín Ó Caola, Máirtín Ó Mongáin, Mac Moylette, --- agus mé féin, mar deir an mada beag. Tá sé in am ag an bpobal cur le chéile aríst , na bileoga agus na póstaeir a ordú agus a dhul ag bualadh doirse ó bhaile go baile.

# Tigh Mhic Dhonnchadha

**Cill Chiaráin**

# Ollmhargadh

## Roinnt Crua-Earraí

## *Ticéid LOTTO Náisiúnta againn anois*

Siopa Búistéara
Nuachtáin



Siopa Grósaera
Gas agus Gual

# Oifig an Phoist

**Fón: 095 – 33406**
**Fax: 095 – 33609**

*Beannachtaí na Nollag ar ár gcuid custaiméaraí ar fad.*

# An Pháirc Uile Aimseartha i gCill Chiaráin



**An tAthair Pádraig Standún ag gearradh an ribín ag oscailt oifigiúil na Páirce Uile Aimseartha i gCill Chiaráin i mí Dheireadh Fómhair.**

*Ó chlé* – Ciarán Ó Tuathail, Tomás Ó Briain, Tomás Ó Caodhna, an tAthair Standún, Ciarán Mac Donnchadha, Tomás Ó hAllmhúráin, Marcus Ó Maoilchiaráin, Micheál Ó Cadhain agus Seán Ó Cualáin (Cathaoirleach an Choiste). Slua daoine óga in éineacht leo a bhainfidh taithneamh agus tairbhe as an bPáirc nua in imeacht na mblianta.



**Cluiche ar an bPáirc Uile Aimseartha an lá ar osclaíodh í i mí Dheireadh Fómhair i mbliana.**

# Lucht Tacaíochta Real Madrid!




**Lucht tacaíochta nua ag foireann sacair Real Madrid sa Spáinn.**
**Daltaí agus múinteoirí as Scoil Phobail Mhic Dara i gCarna sa Bernabéu Stadium i Madrid agus iad ar thuras oideachais don Spáinn i mí Dheireadh Fómhair, 2015.**

*Líne tosach: ó chlé,* Aoife Ní Niaidh, Elana Ní Dhonnchú, Elaine Ní Chuaig, Síleagh Ní Ghríofa, Orla Ní Dhuinnsleibhe, Aoife Ní Ghuairim, Aoife Ní Loideáin, Gráinne Ní Fhlatharta & Kathleen Bhreathnach.

Líne Láir: Bríd Bhreathnach, Aoife Ní Ghaora, Pól Mac Donnacha, Micheál Colman Ó Flatharta & Máirtín Ó Clochartaigh.

*Líne Cúil:* Aonghus Mac Donnacha, Eoin Mac Giolla Phadraic, Máirtin Ó Cualain, Riocard Ó Guairim, Tomás Ó hAllmhuráin, Alan Ó Gaora, Brandon Fallon, Séamus Mac an Ríogh, Liam Ó Criodháin, Declan Ó Ceannabháin, Máire Ní Dhomhnaill & Caoimhín Seoighe.

# Debs 2015 - réitithe amach




**Réitíthe le dhul ar an mbus -**
*Ó chlé:* Josephine Ní Allmhuráin, Clíona Ní Dhonnacha, Lisa Ní Chormaic, Sinéad Seoighe, Sarah Mae Ní Dhomhnaill, Claire Ní Fhlatharta, Nicole Ní Fhallúin & Aisling Ní Chaodhna,

# I gComhluadar an Dlí!



Dlíodóir é Ambassadóir Mheiriceá, **Kevin O' Malley**. Chas sé le **Briain Ó Ceallacháin**, dlíodóir eile, i gCarna nuair a thug sé cuairt orainn i mí an Aibreáin. Tá an tAmbassadóir ar chlé agus Briain ar dheis sa bpictiúr seo.



…agus sa bpictiúr seo, tá an tAmbassadóir ag cómhrá leis **an nGarda Máirtín Ó Gríofa**, Carna.



*Ó chlé* – Kevin O' Malley, Ambassadóir Mheiriceá, **Liz Uí Chualáin** agus **Micheál Ó Clochartaigh.**



An tAmbassadóir dá choisreacán féin théis an Aifrinn i gCarna.

# *Sonas Oraibh*



**Caitríona Ní Ghionnáin as Caladh bhFuinnse agus Mark Ó Suilleabháin as an Léim in Uachtar Ard a phós i mbliana.**

# Londain, an Spáinn & Gaillimh



**Comhluadar daoine óga as an taobh seo tíre i Londain Lá'l Pádraig.**



**Irene Ní Fhlatharta** as an mBántrach Ard ag fáil a céim Tíreolaíochta agus Gaeilge in Ollscoil na hÉireann i nGaillimh i mí Dheireadh Fómhair.
A hathair, Marty, ar chlé agus a máthair, Máirín.



**I Madrid sa bhFómhair - Daltaí as an Scoil Phobail i gCarna ar thuras oideachasúil.**
*Ó chlé* - Declan Ó Ceannabháin, Micheal Colman Ó Flatharta, Riocard Ó Guairim agus Máirtin Ó Clochartaigh ag Páirc Retiro, Páirc mhór i lár Madrid.

# Leathchéad Bliain






**Michael agus Margaret Madden (Ní Chlochartaigh) as Cill Chiaráin - an lá ar phósadar - an 13/7/1965 agus an bheirt a sheas leo lena dtaobh.**
Seán Madden ar dheis sa bpictiúr, deartháir Mhichael agus Nancy Ní Chlochartaigh (De Búrca anois) ar chlé. Deirfiúr do Mhargaret í Nancy.



Margaret agus Michael ag ceiliúradh leathchéad bliain a bpósta ag ócáid ar an 13ú Iúil i mbliana, 2015.



…agus in imeacht na blianta bhí gasúir acu…agus bhí gasúir acu siúd ina dhiaidh sin. Seo beirt de ghar chlann Mhargaret agus Mhichael anseo. Chloe agus Caoimhe Madden théis a gCéad Chomaoineach i gCill Chiaráin i mbliana.

# Ag casadh leis an Taoiseach i gCarna



**An Taoiseach ag casadh le Paul Hughes as Óstán an Abbeyglen sa gClochán le linn a chuarta a Charna i mí Iúil.**



**An Taoiseach ag casadh le Tomás Ó Briain i gCarna.**



**An Taoiseach ag casadh leis an Dr. Micheál Ó Cathasaigh in Óstán Chuan Charna.**



**Casann an Taoiseach le Tadhg Ó Conghaile, Bainisteoir Forbartha Pobail in Údarás na Gaeltachta i gCarna i mí Iúil.**

# Ionad Cuimhneacháin na nImirceach
## - Neart le déanamh fós



*Máirtín Ó Catháin*

Cá bhfuil Ionad Cuimhneacháin na nImirceach anois?

Cuimhnigh, i dtosach, go gcaitear leabhar "Iorras Aithneach" a réiteach roint seachtainí sul a bhfoillsítear í. Dá réir sin, d'fhéadfadh muid a bheith buille beag as marc leis an eolas ach a mbeidh "Iorras Aithneach" sna siopaí. Pé ar bith scéal é, seo é an t-eolas anois ... 20-11-2015.

- Tá praghasanna tagtha isteach ó chonraitheoirí tógála. Idir €800,000 agus €900,000 atá siad. Mar atá a fhios agaibh, tá rialacha géara leagtha síos faoin gcaoi a gceaptar conraitheoir. Beidh conraitheoir dá cheapadh amach anseo.
- Tá an obair a bhaineann le léas fadthéarmach a fháil ar an suíomh ag an sean Halla ar bun. Tá roint dindiúirí ag baint leis sin ach ní thógfaidh sé an-fhada.
- Tá iarratas cuimsitheach curtha go dtí an Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta le súil agus go bhfaighfear deontas láidir le haghaidh na hoibre.
- Táthar ag iarraidh socrú a dhéanamh le foinse airgeadais faoi iasachtaí gearrthéarmacha – an fhaid agus a bhéifí ag fanacht ar dheontas srl. Bhí córas iasachtaí gearrthéarmacha socruithe cheanna ach tá an costas buille níos airde ná a cheap muid a bheadh sé agus teastaionn socrú nua.

Cén uair a thosóidh an obair?

- Tosóidh an obair nuair a bheidh deimniú againn ar dheontas láidir ón Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta ….agus nuair a bheidh an ciste sin againn féin sách láidir. Níl ceachtar rud tárlaíthe fós.
- Tá an brú atá ar an gcoiste i dtaobh airgid níos troime ó tharla go bhfuil na praghasanna buille suntasach níos airde ná a bhí ceaptha amach againn i dtosach.

Tá an Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta an-fhábharach don tionscnaimh seo agus tá súil againn go mbeidh siad sásta a dhul i gcaitheamh an achair linn. Ach fágfaidh muid é sin faoi bhráid na Roinne.

Creideann muid go bhféadfadh buntáiste mór a theacht as an tionscnaimh uilig – tá go leor ceangail deanta le Meiriceá cheanna féin – de réir a chéile. Ach ní thiocfaidh sé gan iarracht láidir agus obair chrua.

**Baill an Choiste:**
Dr. Michael Casey, Máirtín Ó Catháin, Paula Ní Chualáin, Áine Máire Ní Fhlatharta, Dr. Gerard Hooke, Dara Óg Ó Flatharta, Athair Pádraig Standún, P.P., Eileen Davis,




**Beirt de Ambassadóirí Ionad Cuimhneacháin na nImirceach – Méara Bhoston, Marty Walsh agus an t-iar Thaoiseach, Liam Mac Cosgair i gCarna anuraidh.**

Nóirín Mhic an Iomaire, Louis Mac an Iomaire, Briain Ó Ceallacháin (dlíodóir pro bono), Susan uí Chatháin, Áine Uí Dhúbhda, Seosamh Ó Cuaig, Séamus Ó Catháin, Seosamh Ó Cuirrín, Beartla Breathnach, Roibeárd Ó hÉilí, Pádraig Ó hIarnáin, Róisín Ní Chatháin, Cliona Ní Chualáin & Seán Ó Cathasaigh.

**Pátrúin an Ionaid:**
Liam Mac Cosgair - iar Thaoiseach; Martin J. Walsh - Méara ar chathair Boston; Maureen Coyne Norris - bunaitheoir Irish Heritage Centre, Maine; Seanadóir Margaret Craven – Seanad Stáit i Maine; Róisín Ní Chatháin –B.P.T.W. Architects, Londain; Ollamh John E. McDonough – Ceannasaí Rannóg Sláinte Poiblí in Ollscoil Harvard; Danny O' Flatharta – bunaitheoir an Celtic Nations Foundation i Louisiana; Ollamh Michael Connolly – ollamh le Stair i St Joseph's College i Maine; Joanne Riley, Ceannasaí Cartlainne, University of Massachusetts, Boston; Terry Fitzgerald, comhairleoir Teicneolaíochta, Seattle, Stáit Aontaithe. Mary Pat Kelly, iriseoir agus léitítheoir teilifíse, Nua Eabhrach.





# Buail is osclófar

## Knock and it will open

Logáil isteach ar **www.gaeilge.ie** leis an mbealach is tapúla a fháil go dtí an t-eolas atá uait. Féach na mionfhógraí ar NASC, áit ar féidir leat:

- fógra a chur suas le cúrsa nó imeacht a lorg nó a fhógairt,
- do réimse spéise a chlárú chun foláirimh a fháil a nuair a fhógraítear eolas nua, nó
- a bhfuil ar fáil i do cheantar féin a chuardach – agus a lán eile.

Just log on to **www.gaeilge.ie** for the quickest route to the information you need. Check out the NASC classified ads where you can:

- post an ad to request or advertise a course or event,
- register your area of interest to get alerts when new info is posted, or
- search for what's available in your neighbourhood – and much more.

Foras na Gaeilge

1850 325 325 / 0845 309 8142
eolas@forasnagaeilge.ie

# Iorras Aithneach i 2040?
## - 25 Bliain amach romhainn

Tá cúigear den nglúin óg ag caitheamh súil 25 bliain chun cinn in "Iorras Aithneach" na bliana seo. Anseo -






*Dara Ó Maoilchiaráin - Príomhoide, Scoil Phobail Mhic Dara.*

Fáilte chuig eagrán 2040 d'Irisleabhar Iorras Aithneach. San eagrán seo, gheobhfaidh tú blaiseadh den saol san áit is fearr ar an domhain le bheith i do chónaí ann.

Sin é an tús a chuirfidh eagarthóir Irisleabhar Iorras Aithneach lena réamhrá sa mbliain 2040, mar sin é an chaoi a bhéas an saol i gceantar Charna faoin am sin. Is ceantar beo, bríomhar, fuinniúil a bhéas ann, áit ina mbeidh an pobal dúchais agus cuairteoirí ag iarraidh a gcuid ama a chaitheamh agus sult a bhaint as an saol.

Beidh lán fhostaíocht sa gceantar, bunaithe ar fhiontraíocht maidir lenár n-acmhainní nádúrtha agus ár dteanga dhúchais. Tosóidh sé seo le roinnt tacaíochta seachtrach, ach faoin mbliain 2040 beidh an pobal ag feidhmiú go neamhspleách. Beidh úinéireacht agus freagracht ag pobal Iorras Aithneach ar shaol agus todhchaí an cheantair.

Beidh na bunsheirbhísí riachtanacha agus saol sóisialta den scoth ag chuile aois ghrúpa sa bpobal agus ní bheidh gá d'aon duine imeacht amach as an bpobal mura bhfuil siad ag iarraidh. Beidh freastal faoi leith á dhéanamh ar ghlúin óg an phobail le rogha de chlubanna spóirt agus caitheamh aimsire, a chuideoidh lena bhforbairt phearsanta. Dar ndóigh beidh oideachas chuimsitheach den scoth á chur ar fáil dóibh i gcónaí, i Scoil Phobail Mhic Dara, ach i 2040 go mbeidh seans níos fearr acu chun fanacht nó filleadh ar a gceantar dúchais, fostaíocht a fháil agus lonnú sa gceantar.

Beidh forbairt ollmhór déanta ar shuíomh na scoile agus beidh an scoil ag feidhmiú mar lárionad áiseanna poiblí tar éis am scoile. Beidh forbairt déanta ar Halla Spóirt na scoile agus suíomh na páirce trasna an bhóthair. Beidh athchóiriú déanta ar Theach an Mhajor agus é dhá úsáid mar áis do thuismitheoirí agus mar ionad chun cur le saibhreas na n-ealaíon thraidisiúnta sa gceantar.

Beidh láidriú tagtha ar phobal Iorras Aithneach mar Ghaeltacht. Beidh an Ghaeilge le cloisteáil go forleathan sa gceantar agus beidh bród ar chuile dhuine í a úsáid. Feicfidh an pobal na buntáistí sóisialta agus an tairbhe eacnamaíochta a bhéas sa gceantar de bharr na Gaeilge agus déanfar chuile iarracht é sin a chosaint don todhchaí.

Dar ndóigh beidh mise amuigh ar féarach faoin am sin, á thógáil go réidh dom fhéin, comhluadar maith timpeall orm agus ag baint sult as an aeráid thrópaiceach a bhéas againn in Iorras Aithneach!

# Glór na nGael

**www.glornangael.ie**

cláraigh le:

## Glóbal Gaeilge

urraithe ag an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála

comórtas do ghrúpaí Gaeilge thar lear

Aithníonn Global Gaeilge obair coistí ar fud an domhain i gcur chun cinn na Gaeilge

deiseanna do ghrúpa duaiseanna a bhuachan

tuilleadh eolais:

global@glornangael.ie

## Comórtas na nGael

comórtas do chluib CLG

a aithníonn obair club

Chumann Luthchleas Gael

ar fud an domhain ar son na Gaeilge

tuilleadh eolais:

clg@glornangael.ie

00353 46 943 0974.

An Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála
Department of Foreign Affairs and Trade

GAA

'oras na Gaeilge

# Mo thuras go dtí an tSeapáin
## – mo bhaile eile sa domhan thoir.

*Riocard Ó Guairim.*



**Radharc ó bharr Skytree**

*As an tSeapáin í máthair Riocard- sin í Naoko Keikichi - uí Ghuairim. Cónaíonn Naoko, a fear Seosamh agus a gclann san Aird Thiar. Dalta é Riocard i Scoil Phobail Mhic Dara i gCarna agus chaith sé seal i mbliana i dtír dhúchais a mháthar.*

Nuair a bhí mé i mo shuí ag geata a 5 i Aerfort Schiphol, Amsterdam ag fanacht chun dul ar an eitleán, ní mór dom a rá nach raibh "clue" agam céard a bhí amach romham. Nuair a d'fhág an Boeing 747 an talamh bhí a fhios agam go raibh mo eachtraí ag tosú. Bhí mé ar mo bhealach go dtí an tSeapáin.

Aon uair déag ina dhiadh sin thuirling an eitleán ar an rúidbhealach, bhí mé sa tSeapáin. Ba é seo mo chéad uair ag dul tríd Aerfort Narita i m'aonar agus bhí mé an-sásta nach raibh fadhb ar bith agam. Shiúl mé amach agus tharraing mé anáil mhór fhada. Bhí rud éigin difriúil faoin aer sa tSeapáin. Bhí sé níos teocha agus tiubh.

Chuaigh mé isteach arís san aerfort agus bhuail mé le mo shean-aintín a bhí ina cónaí i Tokyo. Bhí mé chomh sásta í a fheiceáil arís. Fuair muid an traein go Chiba, an áit a raibh sí ina conaí. Bhí an traein lán go béal, plódaithe le daoine. Cheap mé go raibh seans maith go raibh níos mó daoine ar an traen seo ná a bhí i gConamara ar fad!

Gan aon mhoill bhí muid ag ceann scríbe. Shiúl muid ón stáisiún go dtí teach mo shean-aintín. Is ea an siúlóid gearr seo a thug mo chéad bhlas dom den saol i Tokyo. Bhí sé go hiontach! Níor stop na carranna ag rith tharaim. Bhí daoine i


ngach áit, ag siúl go tapaí. Bhí mé chomh tuirseach ach d'ardaigh an chathair mo chroí.

**An Saol i Tokyo.**

Shocraigh mé síos sa teach agus d'ith mé mo chéad bhéilí Seapainis (rís, anraith miso agus go leor éisc). Bhí sé a deich ar maidin sa tSeapáin. In Éirinn bhí sé i lár na hoíche ach ní raibh aon chineál *jet lag* orm. Chuaigh mé ar shiúlóid fhada chun taithí a fháil ar an teas. Bhí sé deacair mar go raibh sé os cionn 35° Celsius agus bhí mé báite le hallas i gceann soicind.

Bhí mé chun fanacht le mo shean-aintín le haghaidh níos lú ná seachtain ach ba seachtain iontach a bhí inti. An chéad lá chuaigh muid go dtí an Tokyo Skytree, an foirgneamh is airde i Tokyo. Chuaigh muid go dtí an barr agus bhí na radharcanna go hálainn. An dara lá chuaigh muid go Ropongi, áit atá cáiliúil le haghaidh daoine ógá. Thug muid cuairt ar cúpla Músaem agus shiúl muid tríd páirc mór mílteach. Lá eile chuaigh muid ar an traen go dtí Disneyland le clann mo shean-aintín. Chaith muid an lá uilig ann ag dul ar chuile áis spraoi faoi dhó nó trí.

Ba é an lá deireadh an lá a b'fhearr liom. Thaisteal muid ar feadh uair a chloig ar an traein go Tokyo. Ón stáisiún, shiúil muid an turas gearr go Ginza, an áit is galánta i Tokyo. Chuile áit a bhreathnaigh mé chonaic mé siopaí Prada nó Gucci nó Calvin Klein. Bhí a fhios agam nach raibh mé ag dul ag siopadóireacht anseo ar aon nós! Ní raibh na foirgnimh ró-árd ach bhí na mílte soilse i ngach áit agus bhí sé lán le scáileáin mhóra.




Mé féin agus mo Dhaideo i gáirdín mo Dhaideo



Mé féin agus mo Mhamó

Bhí mo 6 lá i Tokyo do-chreidte. Níor fhan mé in áit a bhí chomh mór agus chomh lán le fuinneamh ariamh. Nuair a bhí mé ag fágáil ar an traen ó Stáisiún Ueno bhí mé thar a bheith buíoch as an am anseo i Tokyo, ach ní raibh mé brónach. Bhí neart eachtraí nua fós le theacht.

**Mo Mhuintir sa tSeapáin.**

Thóg mé an "Shinkansen" nó an "Bullet", an traein is tapúla ar domhain ó Tokyo go Akita (cathair atá ó thuaidh). Phioc cara mo mhamó suas mé ón stáisiún agus thiomáin sí mé go Honjo, an cathair beag a rugadh mo mháthair ann agus an áit a raibh mé chun freastal ar scoil ar feadh cúig seachtainí.

Ar dtús chuaigh muid go dtí teach mo Dhaideo agus m'uncail. Ní fhaca mé é le dhá bhliain agus bhí an bheirt againn chomh sásta. Bhuail mé le m' uncail agus a bhean, d'ith muid sushi agus thosaigh muid ag caint. Ní raibh mo chuid Seapáinis chomh maith sin, bhí sé deacair dom iad a fhreagairt ach thuig mé chuile rud. Rinne mé gealltanas liom fhéin go mbeadh mé in ann labhairt le mo Dhaideo gan stró roimh dheireadh mo thuras.



Mé féin agus mo chairde ar barr Mt. Chokai

Tar éis dhá uair a chaitheamh le mo Dhaideo bhuail mé le mo Mhamó. Bhí sí chomh sláintiúil agus fuinniúil agus a bhí sí ariamh! Le chéile shiúl muid go dtí Teach Altranais chun mo shean-mhamó a fheiceáil. Tá sí 101 bliain anois agus bhí sí ag breathnú an-mhaith. Bhí sí sa leaba ach nuair a chuala sí mo ghlór d'oscail sí a súile agus thosaigh sí ag meangadh gháire liom. Bhí uair a chloig breá agam leí.

Chuaigh mé ansin chun bualadh leis an gclann a raibh mé chun fanacht leo don chéad tseachtain seo ar scoil sa tSeapáin. Ón nóiméad a casadh orm iad bhí a fhios agam gur clann iontach a bhí iontu. Bhí siad féin sásta cuairteoir a bheith acu freisin. Sa gceantar seo den tSeapáin ní fheiceann siad mórán daoine ó thíortha eile agus bhí sceitímíní orthu.

Ba múinteoir Béarla í an máthair agus ba muinteoir é an t'athair freisin. Bhí mé le dhul ar scoil lena mac Kei gach lá. Bhí sé seacht mbliana déag d'aois agus ón bpointe sin ba cairde maith muid. An oíche sin chuaigh mé a chodladh luath. Bhí mé chomh tuirseach ach bhí mé thar a bheidh sásta. Ar maidin bheinn ag tosú ar scoil.

D'éirigh mé an-luath an mhaidin sin. D'ith mé mo bhricfeasta agus chuir mé mo chulaith scoile nua orm féin. Chuaigh muid ar na rothair chuig an scoil. Bhí an ghrian ag scoilteadh na gcloch! Bhí mé féin agus Kei ag caint an bealach ar fad agus gan mhoill bhí muid ag Honjo High School.

**Ar Scoil sa tSeapáin.**

An chéad smaoineamh a bhí agam ná go raibh sé ollmhór. Bhí scoláirí chuile áit. Shiúil mé isteach sa scoil, d'athraigh mé mo bhrógaí agus chuaigh mé suas go dtí rang 2E le Kei. Gan Kei ní bheinn in ann an seomra a fháil. Ón am a shiúil mé isteach sa seomra bhí chuile dhuine chomh fáilteach. Bhí siad ag déanamh iarracht labhairt i mBéarla liom agus bhí siad ag tabhairt comhairle dom. An mhaidin sin bhí seirbhís fáilte dom sa halla spóirt. Tháinig chuile dhuine ó Grád a 2 (5ú Bliain). Rinne mé píosa cainte i Seapáinis agus rinne cúpla scoláire píosa cainte



Skytree

i mBéarla. Ag deireadh an tseirbhís chas siad amhrán na scoile. Bhí sé chomh cumhachtach (fiú nár thuig muid céard a bhí siad ag canadh). Bhí thart ar 300 acu ag canadh chomh h-ard agus láidir, bhí sé chomh spreagúil.

Bhí an chéad lá an-mhaith. Bhí mé páirteach i gach rang agus bhí mé chomh sásta a bheith ag tosú sa scoil faoi dheireadh. An trathnóna sin ghlac mé páirt sa gclub *Track and Field*. Bhí an t-uafás clubanna sa scoil ach bhí Kei ag déanamh *Track and Field* agus is breá liom a bheith ag rith. Dá bharr sin thóg mé áit sa gclub seo freisin. Bhí an traenáil thar barr ar fad, bhí go leor éagsúlachta leis. Bhí sé a bhfad níos difriúla ná an traenáil a dhéanaim sa bpeil. Ba tréimhsí trí uair go leith a bhí i gceist agus bhí mé chomh tuirseach ina dhiaidh.

Sa chéad tseachtain ar scoil d'fhoghlaim mé go leor. Ní hamháin sna hábhair scoile ach faoin gcóras oideachais sa tSeapáin. An chéad rud a sheas amach ná na scoláirí iad féin. Bhí siad ag obair go dian dícheallach i gcónaí. Bhí siad gnóthach ón nóiméad a d'éirigh siad go dtí am codlata. Tar éis tamaill ghlac mé féin leis na nósanna céanna seo agus an meoin eiticiúil céanna. D'éirigh mé chuile mhaidin roimh an sé a chlog agus d'fhág mé an scoil gach lá tar éis a hocht a chlog san oíche. Rud eile a thug mé faoi deara ná an meas a bhí ag na scoláirí ar an scoil. Nuair a thiocfadh na múinteoirí isteach sa rang, sheasadh gach duine suas, chromadh siad agus ansin chromadh an múinteoir ar ais. Freisin gach lá tar éis na scoile ghlanadh na scoláirí an scoil ar fad ar feadh fiche nóiméad.

Chuaigh an chéad tseachtain thart chomh tapaí. Sula raibh a fhios agam tháinig mo mháthair anonn agus bhí mé ag fágáil slán le clann Kei. Bhí an "home stay" seo an-mhaith dom chun socrú isteach sa scoil agus sa chathair. Ghlac mé buíochas le Kei agus a chlann agus thiomáin mé féin agus mo mháthair an 10 nóimead go dtí teach mo mhamó.

**Sodar an tSaoil sa tSeapáin.**

An rud ba shuimiúla faoi teach mo mhamó ná go mothaíonn sé ar nós baile. Ba teach ollmhór agus fíor ghalánta é. Is teach sean é agus is ann a d'fhás mo mhamó suas. Fuair mé socraithe síos agus bhí mo mhamó chomh sásta mé féin agus mo mháthair a fheiceáil arís. Bhí mé chun fanacht anseo go dtí deireadh mo thréimhse sa tSeapáin.

Bhí an cheithre sheachtain eile chomh gnóthach, ach ar fheabhas ar fad. Níor stop mé! Bhí mé ag fáil isteach ar an gcóras anseo chuile lá. Fuair mé an traein an-luath gach maidin chuig an scoil. De réir a chéile thosaigh mé ag piocadh suas an tSeapáinis. I gCarna bheadh mo mháthair ag labhairt Seapáinis liom ach ní raibh mé ábalta í a fhreagairt i gceart. Tar éis dom am a chaitheamh leis na daoine óga sa tSeapáin bhí me ábalta cómhrá a dhéanamh léi. D'fhoghlaim mé chun é a léamh agus a scríobh freisin. Bhí múinteoir Béarla Meiriceánach (a bhí ina *language assistant teacher*) den scoth ar fad agam agus thóg sí a cuid ama ag múineadh Seapáinis dom. Tar éis seachtaine bhí mé in ann an chuid is mó de na focla ba shimplí a léamh.

Chun cabhrú leis an múinteoir Meiriceánach seo, thosaigh mé ag múineadh na ranganna Béarla léi. Ar feadh trí seachtainí mhúin mé 12 rang difriúil gach seachtain, chomh maith le mo ranganna scoile féin. Bhí go leor imeachtaí idirghníomhach ar siúl freisin. Bhí mé ábalta píosa cainte a dhéanamh faoi mo shaol féin i mBéarla agus ansin bhí orthu an rud céanna a dhéanamh. Thaitin sé go mór liom nuair a bhí mé ábalta cabhrú le scoláirí eile.

Chuile lá tar éis scoile, lean mé ar aghaidh leis an traenáil don *Track and Field*. Tar éis gnáth lá scoile bhí mo chomh tuirseach ach spreag an traenáil crua muid agus fuair muid an fuinneamh chun leanacht ar aghaidh. Bhí mo cholainn ag fáil cleachtach ar an 3 uair go leith ag rith chuile lá agus bhí mé ag aireachtáil thar barr.

**Spóirt agus Dreapadóireacht.**

Bhí an chraic is mó agam le mo chairde agus mo chlann ag an deireadh seachtaine. Bhí gach deireadh seachtaine difriúil ach bhí siad uilig lán le spraoi. Ceann acu bhí féile scoile ann. Tháinig na céadta daoine go dtí an scoil ar an dá lá seo. Bhí gach rud eagraithe acu idir cheol, bia, drámaíocht agus damhsa. Bhí mé féin páirteach sa damhsa a d'ullmhaigh mo rang le chéile. B'iontach an fhéile í.

Deireadh seachtaine eile chuaigh mé féin agus mo chairde go dtí ionad spóirt ollmhór in Akita. Bhí chuile rud a bhí tú in ann smaoineamh ar san ionad spóirt seo ar nós sacar le liathróidí zorbing, galf, cispheil, leadóg, scátáil ar rothaí, karaoke agus go leor imeachtaí eile. Ní fhaca mé a leithid riamh.

An deireadh seachtain ab fhearr a bhí agam ná nuair a chuaigh mé leis an club sléibhteoirechta go dtí barr Mt. Chokai atá 2,236m ar airde, dhá uair níos airde ná Carrán Tuathail. Bhí an sliabh seo uair a chloig ó Honjo. Thosaigh muid ag dul suas an sliabh go luath ar maidin. Bhí an tsiúlóid an-fhada ach chomh spéisiúil. Lá an-te a bhí ann ach bhí an chuid is mó den tsiúlóid thrí shneachta. Bíonn sneachta ar an sliabh seo gach aon lá den bhliain. Thart ar a dó a chlog shroich muid an barr. Bhí na radharcanna go hálainn ar fad. Bhí muid os cionn na scamaill agus bhí sé chomh síochánta. Is bolcán suanach é Mt.Chokai agus bhí muid in ann breathnú síos sa mbolcáin seo. Bhí muid uilig tuirseach agus thóg muid scíth ar an mbarr ar feadh leath huair nó mar sin. De bharr an tsneachta bhí muid in ann sléamhnú síos an bealach ar fad. Thóg sé timpeall dhá uair a chloig an bealach seo. Bhí muid uilig fliuch báite agus tuirseach ach bhí chuile dhuine ar bís. Ní dhéanfaidh mé dearmad ar an lá seo go deo.

**An Dara Baile.**

Bhí mo chuid ama sa tSeapáin foirfe. D'fhoghlaim mé go leor, rinne mé go leor cairde nua agus fuair mé taithí den scoth. An rud ba speisialta faoin turas ar fad ná an t-am a chaith mé le mo chlann, go mór mór le mo mhamó, daideó agus mo shean-shean mháthair. Bhí sé thar a bheith suimiúil a bheith ag caint leo agus ag foghlaim faoin saol a bhí acu agus ag foghlaim faoi m'oidhreacht féin. Is daoine dochreidte iad. Bhí an tréimhse a chaith mé leo chomh tábhachtach dom.

Nuair a bhí mé ag fágáil Aerfort Narita chuaigh go leor smaointe tríd mo chloigeann. Ní hamháin go raibh mé ag fágáil tír eile ach bhí mé ag fágáil mo dharna baile freisin. Ní raibh mé brónach. Bhí mé chomh sásta go raibh an deis seo agam agus go raibh na cuimhní nua seo déanta agam. Shocraigh mé ag an nóiméad sin go dtiocfainn ar ais chuig m'áit dhúchais Oirthearach.

**gretb**

Bord Oideachais agus Oiliúna na Gaillimhe agus Ros Comáin
*Galway and Roscommon Education and Training Board*



## Bord Oideachais agus Oiliúna na Gaillimhe agus Ros Comáin
## Galway and Roscommon Education and Training Board

- Coláiste an Ardeaspaig Mhic Éil /Archbishop McHale College, Tuam
- Coláiste an Chreagáin, Mountbellew
- Coláiste an Eachréidh, Baile Átha an Rí
- Coláiste Bhaile Chláir, Baile Chláir
- Coláiste Cholmcille, Indreabhán
- Coláiste Ghobnait, Inis Oírr
- Coláiste Mhuirlinne, Dabhach Uisce, Gaillimh /Merlin College, Doughiska Galway
- Coláiste na Coiribe, Bóthar Thuama, Gaillimh
- Coláiste Naomh Eoin, Inis Meáin
- Coláiste Naomh Feichín, Corr na Móna
- Coláiste Pobail Ail Finn/Elphin Community College
- Coláiste Pobail na Gaillimhe/Galway Community College,Moneenageisha
- Coláiste Pobail na Mainistreach, Mainistir na Búille /Abbey Community College, Boyle
- Coláiste Pobail Ros Comáin / Roscommon Community College
- Coláiste Bhríde, Baile Loche Riach /St. Brigid's College, Loughrea
- Coláiste Chilleáin Naofa, An Cnoc Breac /St. Killian's College, New Inn
- Coláiste Naomh Éinne, Cill Rónáin, Oileáin Árann
- Coláiste an Chláirín, Baile Átha an Rí / Clarin College, Athenry
- Coláiste na bPiarsach,Ros Muc
- Institiúid Theicniúil na Gaillimhe /Galway Technical Institute (GTI)

### Lifelong and Lifewide Learning

- **V.T.O.S. Programmes offering second-chance education to those aged 21 and over who are in receipt of Social Welfare payments in**
  - Castlerea, Roscommon, Elphin, Ros Muc, Letterfrack, Tuam, Ballinasloe, Galway City.
- **Youthreach Centres offering second-chance education to early school leavers in**
  - Roscommon, Ballaghadereen, Ballinasloe, Tuam, Lettermore, Letterfrack, Portumna, Galway City
- **GRETB Training Centre Mervue, Galway,** offering training and apprenticeship opportunities www.gretbtrainingcentre.ie
- **Further adult education and training available in Adult Literacy Services, Community Education, Adult Education Evening Courses, Back to Education Programmes.**
- **Petersburg Outdoor Education & Training Centre, Clonbur, Co. Galway.** www.petersburg.ie

**Ag freastal ar na pobail foghlama i nGaillimh agus i Ros Comáin**
Serving the learning communities of Counties Galway and Roscommon

Tuilleadh Eolais – Further Information:
Bord Oideachais agus Oiliúna na Gaillimhe agus Ros Comáin - Galway & Roscommon Education & Training Board
An Coiléar Bán, Baile Átha an Rí, Co. na Gaillimhe - An Coiléar Bán, Athenry, Co. Galway
: 091 874 500 : www.gretb.ie : eolas@gretb.ie info@gretb.ie

Ag cosaint cearta teanga


www.coimisineir.ie

An Coimisinéir Teanga

An Coimisinéir Teanga,
An Spidéal, Co. na Gaillimhe, Éire.
Fón: 091-504 006 / 1890-504 006
Ríomhphost: eolas@coimisineir.ie

# Joe John Pháidín
## – Fear uasal agus fonadóir as Cill Chiaráin.

*Máirtín Ó Catháin*



**Joe John Mac an Iomaire**

*Bhásaigh Joe John Mac an Iomaire – Joe John Pháidín – as Ros Dugáin i gCill Chiaráin ar an 25ú Deireadh Fómhair, 2015. Le himeacht Joe John chaill an pobal seo agus pobal na Gaeltachta duine de mhór amhránaithe an tsean nóis.*

*Foillsíonn muid alt on suíomh idirlinne nuachta, Tuairisc.ie ar an ócáid bhrónach sin…alt a scríobh Máirtín Ó Catháin.*

Bhí macalla na n-amhrán ag freagairt ar ais as na gleannta. Ba bhrea uaidh iad a chasadh. Glór glan, ceolmhar, soiléir. Amhránaí Mhám Éan – Joe John Mac an Iomaire. Bhí sé ar thaobh an chnoic seo ag oilithreachtaí agus pátrúin ó rinneadh athbheochan ar imeachtaí Mhám Éan sna 1980óidí. "Caoineadh na dTrí Mhúire" agus amhráin eaglasta eile dá gcasadh aige; ba dheacair Mám Éan a shamlú dá uireasa.

Tharla sé ag teacht anuas aríst an sliabh i dtreo Shraithe Salach an lá sin gur casadh orm é. Bhí a iníon, Fionnuala agus a gasúir siúd ina chuideachta. "Báil ó Dhia ort ach is iontach an anáil atá agat le haghaidh na n-amhrán théis na strapadóireachta suas an cnoc sin", arsa mise leis. Tá míle siúil ann in éadan na mbeanna. "Ar ndóigh is deas an rud é a dhéanamh", adeir Joe. "Beidh mé na cheithre scóir an chéad bhliain eile".

Ní raibh cuimhníthe agam ar sin. Ní shamhlófá go deo an uair sin go raibh Joe ag bordáil ar 80 bliain. Ní raibh sé tugtha uaidh tada, mórán, in imeacht na mblianta. Déarfá go mba fear é a raibh blianta fada faoi bhláth in ann dó.

Ach silim go raibh aistir an t-samhraidh sin ar cheann de na huaireannta deireannacha a dtug Joe aghaidh ar Mhám Éan.

An Domhnach seo caite, tráth a mbeadh sé ag réiteach le dhul chuig an Oireachtas sna blianta a caitheadh, bhásaigh Joe John Mac an Iomaire in Oispís na Gaillimhe. Bhí sé aon bhliain amháin le cois na cheithre scóir. Ba as Ros Dugáin i gCill Chiaráin i gConamara é Joe John Pháidín. Ansin a d'fhoghlaim sé na hamhráin ina ghasúr agus ina fhear óg; bhí an mianach ann ón gcliabhán agus chur sé barr slachta ar an gcumas sin ag dul thart ag cuartaíocht agus ag éisteach leis an

gcaint agus leis na foinn. Dúradh faoi fhonadóir éigean go raibh "Stradavarius ina ghlór" agus d'fhéadfaí an rud céanna a rá faoi Joe.

Bhuaigh sé Comórtas sean nós na bhfear ag an Oireachtas i 1968 agus i 1978. Ansin thug sé leis Corn Uí Riada i 1975 i mBaile Átha Cliath agus i 1977 i nGaoith Dobhair.

Ceapadh Joe ina fhonadóir cónaitheach sean-nóis in Ollscoil na hÉireann i nGaillimh don bhliain 2013.

Má tá a leithide de rud agus "Réalt" sa sean nós, bhí Joe ina measc. Ach, má bhí féin, bhfurasta a dhul chomh fada leis agus fiafraigh dó an gcasfadh sé cupla amhrán ag ócáid ina cheantar féin. I gCarna anuraidh, tháinig sé chuig ceolchoirm i gcuideachta Danny Ó Flatharta, a shean chara, atá anois i Texas le fada an lá. Chas sé go hálainn an oíche sin. Chuaigh Joe ar thurais go Boston, go Portland agus go háiteacha eile i Meiriceá – é féin agus Jackie MacDonnchadha. Bhíodh a gcomharsa ón tsean aimsir, Peige Ní Chlochartaigh i mBoston i gcónaí ag iarraidh iad thabhairt anonn chuig na himeachtaí Gaeleacha ansin.

Cé gur de bharr a chumais fonadóireachta is mo a chuimneofar air i bhfad agus i ngearr – beidh a ainm Joe John luaite le tionscail na feamainne i gConamara i gcónaí. Chaith sé blianta fada ag obair do chomhlacht Arramara Teo. Sé an post a bhí aige ná ag imeacht anonn agus anall le cósta i gConamara agus in iarthar Mhuigheo mar theagbhálaí le lucht bainte feamainne. Shocraíodh Joe cén uair a dtabhairfaí ualaí feamainne isteach agus dhéanfaí socruithe faoin uair a bhféadfaí leagan ar an mbaint …sin no é a thógáil níos réithe no go mbeadh an fheamainn a bhí istigh sa monarcha triomaithe agus millte. Bhíodh daoine ag braith ar an airgead agus ba jab é a bhí sách deacair le láimhsiú. Bhí Joe stuama agus tuisgionach agus bhí omós agus meas air i mbun a chuid oibre. Bhíodh Joe ar fhóirne iomrá Arramara Teo freisin ina óige agus bainteach le himeachtaí eile i gCill Chiaráin.

Dhá bhliain díreach go ham seo a bhásaigh a bheanchéile, Rite (Devine) go hobann agus iad beirt réitíthe le dhul amach an doras chuig an Oireachtas. Ba mhór an buille é sin; bhí cuid den chroí bainte as teach suailceach. Rinne Rita níos mo ná a cion féin sa bpobal ó tháinig sí ansin chun cónaithe as Baile Átha Cliath théis d'í féin agus Joe pósadh. Ba mhaith uaidh Rita amhrán a chasadh freisin.

Choinnigh Joe agus a dheartháir, Colm, orthu ansin i Ros Dugáin ó bhásaigh Rita - ag coinneail na feilme go brea, slachtmhar agus ag fás na nglasraí. Ba ghnaiúil iad.

Fágann Joe John beirt chlainne ina dhiaidh - Fionnuala atá ag obair i mBaile Atha Cliath agus Ciarán atá ag obair san Eoraip. Fágann sé gar chlann deirfiúr agus deartháir. Cónaíonn a dheartháir Colm agus a dheirfiúr Bríd Uí Chadhain i gCill Chiaráin. Tá go leor daoine muintireacha eile ann freisin agus na cáirde i bhfad agus i ngearr a aireoidh uathu go mór é.

Go raibh suaimhneas siorraí ag Joe John Mac an Iomaire agus céad slán leis.

**Clifden Supply Centre.**
**Galway Road, Clifden, Connemara.**

**We supply all types of building materials – plumbing, electrical, fencing, gates etc…the Supply Centre supplies it.**

**Our supply lorry goes to your site or your door.**

**Tá eolas againn ar an mbóthar chomh fada leatsa mar is fada muid ag dul go Carna, Cill Chiarain agus síos ó dheas.**

***Bíodh Nollaig Mhaith agaibh uilig.***

**Teileafón…(095) 21476 no 21449. Fax…(095) 21877.**
**E Mail: clifdensupply@eircom.net**

marineharvest



Marine Harvest Ireland has been producing world class salmon since 1979. The unique nature of our coastline, teamed with the skill and expertise of our staff allows us to bring our award winning salmon to discerning customers across the globe.

Marine Harvest employs 260 staff in the West of Ireland, and is proud to support local suppliers and communities in rural coastal areas to produce the finest salmon in the world.

The IRISH ORGANIC SALMON CO.
TASTE AS NATURE INTENDED

approved by BIO SUISSE

Naturland

# Cóilín Lydon
## – cara an phobail seo...agus cara an domhain mhóir.

*Máirtín Ó Catháin*



**Cóilín Lydon agus Delia Uí Mhaoilchiaráin (Delia Mhadaoin) ag ócáid i mBoston i 2009.**

Is fada liom go leagfaidh mé cois aríst ar an talamh ag Aerfort Logan i mBoston agus go dtabharfaidh mé turas síos thart ar Charson Beach agus Castle Island. Shiúil cuimse de mo mhuintir romham as Finis, Muigh Inis, an tOileán Máisean, an Aird Mhóir, Gabhla agus bailte eile sa bpobal seo an talamh céanna sin. Tá lorg a gcos greannta ansin in áit eicint gar do Chuan Dorchester – na scórtha acu…na céadta acu b'fhéidir. Ar nós go leor eile as Conamara tá nádúr doscaoilte agam le Boston.

Ach silim go mbeidh bearna fághta ann aríst go deo nuair a thiocfaidh mé isteach ar eitealán Aer Lingus go hAerphort Logan. Mar an dá luath agus a shroichinn an áit thall roimhe seo chuimhneoinn ar ghlaoch teileafóin a chur ar Chóilín Ó Loideáin agus ar Bhríd – Colie Lydon agus Bríd (McDonagh) Lydon. Ach ní bheidh deis agam labhairt le Colie aríst go brách ar an saol seo.

Bhásaigh Cóilín Lydon – Cóilín Joe Choilm Liam ….no Colie Lydon mar a bhí aithne air i Meiriceá i mbliana.


Má bhí fear níos greannmhaire, ar bhealach neamh urchóideach, ar dhroim na cruinne seo ní fhaca mé fós é. B'iontach uaidh scéalta a inseacht agus an tsean aimsir ina bhaile dúchais i Roisín na Mainíoch agus in Iorras Aithneach a thabhairt chun beochta aríst. Thabharfá faoi deara an meanga ar a éadan agus é ag caitheamh an tsúil ina thimpeall. Bhí a fhios agat an uair sin go raibh scéal eile a bhain le hoícheannta cuartaíochta, no turas go Finis, no diabhlaíocht éigeann eile ina cheann. D'insití na scéalta i nglór deas séimh…ciúnas beag anseo

agus ansiúd…agus tú ag fanacht go gcloisfeá an chéad chor eile a bheadh ann. Ach ní taobh le scéalta barúla a bhí Colie; bhí eolas fáighte aige ar rothaí móra an tsaoil agus bhí 92 bliain slánaithe aige nuair a bhásaigh sé san earrach seo caite.

**Ba mhaith iad i dteannta a chéile – Bríd agus Cóilín**

Ba mhaith í Bríd sa gcomhluadar sin. Cheartaíodh sí Colie scaittí – sin no bheadh sé ina spochadh grinn idir iad. Duine acu ag caitheamh spalla i dtreo Roisín na Mainíoch agus spalla eile ag dul i dtreo Leitir Ard, baile dúchais Bhríd (an Ghabha).

I 1948 a chuaigh Coilín Lydon go Meiriceá. D'oibrigh sé leis an gcomhlacht gáis – Gas Company – agus bh'shin obair chrua. Dúirt Cóilín liom gur fhiafraigh sé dó féin go minic i lár na hoíche ar aimsir fhuar sheaca a ndearna sé an socrú ceart agus a theacht go Meiriceá. Bhídís ag cartadh sráide le piocóid agus sluaiste agus an fuacht chráite ag dul thríothú amach domhain san oíche. Ach sin é a bhí le déanamh agus sin a rinneadh. Le himeacht aimsire fuarthas deiseanna níos fearr.



**Seán Lydon (mac le Cóilín), Cóilín Lydon agus Máirtín Ó Catháin ar chuan Dorchester i Massachussets.**

Bhí Colie an-ghníomhach in imeachtaí a bhain le pobal na hÉireann thall. Peileadóir paiteanta a bhí ann agus d'imir sé le foireann na Gaillimhe i mBoston sul ar bunaíodh na Connemara Gaels. Bhí a dhearthár, Pádraic, go ndéana Dia grásta air, ar dhuine de bhunaiteoirí na Connemara Gaels. Rinne na Loideain cuimse oibre leis an gcumann. Bhí Cóilín ag breathnú amach d'fhóirne, ag eagrú imeachtaí do dhaoine óga agus ag taisteal ar fud Mheiriceá leo. Bhí sé ina Uachtarán Saoil ar na Connemara Gaels agus bhí tradisiún ann go siúlfadh Cóilín amach ar an bpáirc leis an bhfoireann ag tús chuile chluiche.

Cé nach ndéarfadh sé mórán faoi go poiblí, tá a fhios agam go raibh Cóilín an- bhródúil as a mhac, Joe, a toghadh cupla bliain ó shin mar Uachtarán ar an gCumann Luthchleas Gael ar fud Mheiriceá. Ba é an chéad uair é ar tugadh an stadas sin do dhuine nár rugadh in Éirinn.

Bhí Cóilín ina uachtarán freisin ar an Irish American Club i Roxbury, eagraíocht a choinnigh ceangal beo idir chuimse daoine.

**Clann cumasach agus achmhainn grinn.**

Bhí seisear mac ag Cóilín agus ag Bríd – Joe, Mathias, Colm, Pádraic, Liam, Seán. Iníon amháin atá acu – sin í Deirdre. Daoine cumasacha iad, bail ó Dhia orthu, atá gníomhach i gcúrsaí gnó, sa dlí agus i réimsí eile den tsaol. Ar ndóigh, tá Colm ar dhuine de na baill is sinsirigh i bpóilíní Bhoston.

Bhíodh go leor diabhlaíochta ar bun idir Cóilín agus a chlann mhac; bhaineadar an-cheart go deo 'á chéile. Bhí leorraí "pick up" ag Cóilín agus cuireadh branda ar an "pick up" i nganfhios dó. Bhí roint oibre ag baint leis agus ní rud é a bhainfea don leorraí. (Ar ndóigh, chaithfeadh sé go raibh baint ag Bríd leis seo freisin). "An sean bhastard" na focla a bhuail na leaids ar an "pick up". Bhíodh an-spraoí ag Cóilín ag míniú an bhrí a bhí leis an gcomhartha seo do dhaoine a thugadh caidéis dó…agus



**Cóilín agus a mhac Colm Lydon ag iomra an churraigh ar Lake Attleboro i Massachusetts. Seo í an currach céanna a bhíodh ag na Loideáin i Roisín na Mainíoch nuair a bhí Cóilín ina fhear óg sa mbaile. Thug a chlann an currach go Meiriceá, chuir Johnny Seoige (as Inis Bearrachain) caoi uirthi thall agus chuaigh sí chun farraige arís.**

nach raibh tuiscint acu ar Ghaeilge. Is deacair liom an leagan a bheadh ar an scéal ag Cóilín a shamhlú!


Tháinig siad i bhfad agus i ngearr ar shocraide Chóilín – na mílte daoine. Meastar go raibh a shocraid ar an gceann ba mho a facthas i mBoston le cuimhne na ndaoine. Ba mhaith an aghaidh air é.

Tá rud amháin cinnte an Nollaig seo; tá duine de na léitheóirí ba dhílse ariamh a bhí ag leabhar seo "Iorras Aithneach" caillte againn. Is cosúil gur ar éigean a d'fhéadfaí Cóilín a thabhairt chuig an mbord féin le haghaidh a bhéilí nuair a thagadh "Iorras Aithneach" chuige aimsir na Nollag. Théadh sé thrí chuile leathanach ó líne go líne; bhí sé sa mbaile!

'Speáin Cóilín Lydon a dhílseacht do Chonamara agus d'Éirinn ar bhealaí go leor i gcaitheamh a shaoil i Meiriceá. Silim go raibh an dhílseacht dá thír dhúchais… agus dá bhaile dúchais… a bhí istigh ina chroí chomh domhain leis an Aegean Atlantach. Beagbeann ar an diabhlaíocht agus an spraoí, tá mé a'cheaptha go raibh cineál uaigneas i gcroí Chóilín i gcónaí; caitheamh i ndiadh na háite a d'fhág sé ina fhear óg.

Is cuimhneach liom lá a raibh muid amuigh ag trá Nantasket ar chósta Massachusetts - lá glan, gréine. Bhí Cóilín ag dul amach sna blianta an uair sin. "Cé'n treo a bhfuil Éirinn as seo anois" a d'fhiafraigh mé do Chóilín. Bhreathaigh sé amach i dtreo na spéire goirme soir uaidh agus shín a mhéir amach go farraige. "Soir an bealach sin anois atá sé", adeir sé …." Ó…píosa fada soir ….." agus tháinig tocht ina ghlór.

Cuireadh Cóilín i gcré na cille i reilig Forest Hills i mBoston. Tá comhluadar go leor as an bpobal seo agus as Conamara uilig ina thimpeall ansin. I bhfad soir uaidh tá an baile ar saolaíodh ann é agus an áit inár chaith sé blianta na hóige; ansin atá a chroí fós. Go raibh suaimhneas síorraí ag Cóilín Lydon – Cóilín Joe Choilm Liam as Róisín na Mainíoch.


Aon áit,
Aon uair,
Ar fud an Domhain
tg4.tv
iPad App
Smart TV App
TV

# Iorras Aithneach i 2040?
## - 25 Bliain amach romhainn






Tá cúigear den nglúin óg ag caitheamh súil 25 bliain chun cinn in "Iorras Aithneach" na bliana seo. Anseo -

*Máire Áine Ní Chuaig – Craoltóir agus Iriseoir.*

Is ar mo chuid gasúr a chuimhníonn mise nuair a chuirtear an cheist orm cén chaoi a mbeidh an ceantar seo faoi cheann chúig bhliana fichead. Beidh m'iníon Ríona 31 bliain d'aois agus mo mhac Páraic 27 bliain d'aois, le cúnamh Dé. Is deacair a chreidiúint faoi láthair go mbeidh ceachtar den bheirt acu in ann fostaíocht a fháil sa gceantar amach anseo mar go bhfuil fadhb na dífhostaíochta ag dul in olcas chuile bhliain.

Fiú an fhostaíocht atá ann faoi láthair tá go leor dhi ag brath ar Údarás na Gaeltachta, agus ar an acmhainn is luachmhaire atá uilig againn mar phobal, ár gcultúr agus ár dteanga. Ach is beag den fhostaíocht sin fhéin a bhéas fágtha má leanann rudaí orthu mar atá faoi láthair.

Tá an Ghaeilge ag imeacht le sruth mar gur shocraigh an ghlúin a chuaigh romhainn, agus cuid de mo ghlúin fhéin, a raibh togha na Gaeilge acu, a gclann a thógáil le Béarla. Mura n-éireoidh leis na scoileanna agus leis an bplean teanga borradh a chur faoi chúrsaí teangan sa gceantar go gairid is beag Gaeilge a bhéas á labhairt faoi cheann chúig bhliana fichead. Níos measa ná sin, caillfear an cultúr agus an nádúr a bhain clú agus cáil amach do mhuintir Iorrais Aithnigh in Éirinn agus ar fud an domhain.

Ní bheidh aon chaint ar Údarás na Gaeltachta ná ar Ghaeilge níos mó agus caillfear an beagán fostaíochta (...agus tabhair beagán air.....) atá sa gceantar faoi láthair.

Ach níl an cath caillte fós mar go bhfuil an t-ádh orainn go bhfuil roinnt de mo ghlúin fhéin tar éis an cultúr agus an sean-nós a thabhairt leo agus go bhfuil leithéidí Bhríd Ní Mhaoilchiaráin agus Phóil Uí Cheannabháin tar éis Corn Uí Riada a thabhairt ar ais abhaile arís. Bíodh muid bródúil astu, agus ba cheart dhúinn a thuiscint nach bhfuil ach seans amháin eile againn leis an saibhreas amhránaíochta, ceoil, agus cainte a bhí ariamh sa gceantar a choinneáil beo agus a bhronnadh ar an gcéad ghlúin eile.

WiFi in aisce

**Teach Ósta**
**Tigh Mhóráin**





**Carna,**
**Conamara,**
**Co. na Gaillimhe.**
**095-32570**

**Comhluadar breá**

**Spóirt agus Spraoí**
**Ó Peter Fitzpatrick**
***Nollag Shona do mo chuid Cuistaiméirí ar fad.***

# SÓNTA

## SÚIL AR IORRAS AITHNEACH
## CONAMARA & NA GAEIL THAR LEAR




**Mé Féin is mo Mhéit (2002)**




**Fear an Hata (2003)**



**Fáiscthe as an Talamh (2006)**



**Mise Raiftearaí (2011)**



**Dara Beag,File Pobail (2003)**



**Seó Spóirt**




**Lón sa Spéir (2012)**




**GAA USA (2015)**

# An Taoiseach ag suíomh an Ionaid




An Taoiseach, Enda Kenny, ag suíomh Ionad Cuimhneacháin na nImirceach le linn a chuarta ar Charna i mí Iúil, 2015.
Máirtín Ó Catháin, Cathaoirleach Choiste Ionad Cuimhneacháin na nImirceach in éineacht leis.

# Rath & Sonas orthu



**Pól Ó Ceannabháin as an Aird Thoir agus Ailish Ní Chonghaile as Rath Chairn a phós i mbliana.**

# Foireann Sinsir Charna / Caiseal



**Nár laga Dia iad. Rinneadar éacht i mbliana agus fanacht sa ngrád sinsear fiú agus go bhfuil roint mhaith imreoirí caillte acu.**

*Líne Cúil:* Seán Ó Flatharta, Marc Mac Flannacha, Seosamh Ó Cathasaigh, Seosamh Breathnach, Cathal Ó Loideáin, Pádraig Mac Donnacha, Frank Seoighe, Niall Ó Cadhain, Colm Ó Dubháin, Seán Ó Cillín, Stiofán Ó Cuirrín, Dara Ó Cnochúr, Albert Ó Conaire & Jackie Ó Cualáin (Urraitheoir).

*Chun tosaigh:* Ciarán Ó Cillín, Micheál Ó Cathasaigh, Colm Ó Neasa, Paraic Ó Cualáin,Seán Ó Coirbín, Seán Ó Cathasaigh, Micheál Ó Coirbín, Seán Seosamh ÓCuirrín (Captean), Seosamh Seoighe & Micheál Ó Cualáin.
*Bainisteoir:* Mícheál Chóilín Ó Domhnaill. *Roghnóir:* Éamonn Ó Cualáin

# Fáilte roimh an Taoiseach



**An Taoiseach i measc na mban ar shuíomh Ionad Cuimhneacháin na nImirceach ag an sean halla i gCarna.**
*Ó chlé:* Clíona Ní Chualáin, Ann Marie Ní Fhlatharta, Susan Uí Chatháin, An Taoiseach – Enda Kenny, Yvonne King & Nóirín Nic an Iomaire.



**Ag cur fáilte roimh an Taoiseach ag Óstán Chuan Charna.**
*Ó chlé* – An Taoiseach, Micheál Ó Clochartaigh agus Máire Uí Chlochartaigh.



Casann an tAmbassadóir Mheirceá, **Kevin O' Malley** le Meirceánach eile ó dhúchas i dTeach Altranais Charna – an cócaire, **Eric Hammel.**

# Muintir Mhic Táibhís



**Gearóidín Nic Táibhís** agus Ard Chéim fáighte aice in Eolaíocht Spóirt agus Sláinte (BSc Sport, Science and Health). Ar chlé tá a hiníon, **Ríona** agus ar dheis a páirtí **Keelan Doyle**. Tá Gearóidín ag obair mar Oifigeach Forbartha Cluichí leis an gCumann Luthchleas Gael i mBaile Átha Cliath/Naomh Jude CLG.




Beirt d'imreoirí chumann Round Towers i gCluan Dolcáin a bhuaigh Craobh Laighean 2015 – **Ríona Nic Tháibhís** (ar chlé) agus **Emma Ní Mháille.**



**Eileen McTavish-Sheridan agus a hiníon, Nuala Sheridan.**
Feiceann sibh nar chuireadar a ngaol amú lena chéile!

# Saol an Duine Óg



**An Chéad Chomaoineach – Scoil Mhuire i gCarna.**
*Ó chlé* – Sorcha Ní Chonaire, Ríona Leavy, Shane Ó Cathasaigh, Elle Ní Chlochartaigh agus Aoibhe Seoighe.



**Chloe agus Caoimhe Ní Mhadaoin as Cill Chiaráin –**
an Chéad Chomaoineach i mbliana.



**An Chéad Chomaoineach i Scoil na hAirde Móire**
*Chun tosaigh, ó chlé* - Niamh Ní Fhlátharta, Darragh Ó Flátharta, Niall Ó Duinnshléibhe, Conor Mac Donnacha agus Daniel Nash
*Taobh thiar* - Mairéad Ní Choistealbha (múinteoir) agus an tAthair Pádraic Standún.



**Clodagh Sullivan agus Adam O'Toole feistíthe amach d'Oíche Shamhna.**

# An Brón, An Bród agus an Dóchas




Osclaíodh an Pháirc Uile Aimseartha i gCill Chiaráin sa bhFómhar agus tá sí ainmníthe i gcuimhne ar Allen Mac an Iomaire as Ros Dúgáin a bhásaigh de bharr timpiste roinnt blianta ó shin. Anseo tá teaghlach Mhic an Iomaire i gcuideachta an Athar Pádraic Standún ag oscailte na páirce. *Ó chlé:* Ciarán Mac an Iomaire, an tAthair Standún (Sagart Pobail), Louis Mac an Iomaire, Jennifer Nic an Iomaire agus Keelan Mac an Iomaire.




Ag ceiliúradh na dtorthaí ar an scrúdú Ard Teistiméireachta i Scoil Phobail Mhic Dara i gCarna i mí Lúnasa. *Ó chlé* – Seosamh Ó Guairim, Sarah Ní Dhomhnaill, Seosamh Ó Cuirrín, Éanna Ó Coileáin, Rónán Ó Flátharta, Sinéad Seoighe agus Josephine Ní Allmhuráin.

# Droichid an tSaoil



**An lá ar phosadar i mí Dheireadh Fómhair 2015 i Séipéal Chill Chiaráin – Máire Ní Bhriain as Loch Con Aortha agus Pádraic Ó Ceoinín as Leitir Ard.**
Ar Dhroichead Flannery i gCill Chiaráin atá siad anseo agus Cnoc Mordáin taobh thiar. Tá an bheirt a sheas leo agus deartháracha agus deirfiúracha ina gcuideachta.
*Ó chlé* – Eileanór Ní Chuaig (Aill na Brún), Róisín McQuinn (Uachtar Ard), Sarah Ní Chlochartaigh (Muigh Inis), Sarah Ní Chuirrín (Caladh an Chnoic), Linda Ní Bhriain (Loch Con Aortha), Máire Ní Bhriain (Loch Con Aortha – an Bhrídeach) agus a fearcéile nua phósta, Pádraic Ó Ceoinín (Leitir Ard) agus ag coinneáil ort tá Seosamh Ó Guairim (Leitir Ard), Máirtín Ó Ceoinín (Leitir Ard), Colm Ó Ceoinín (Leitir Ard), John Cheoinín (Leitir Ard) agus Micheál Ó Ceoinín (Leitir Ard).



**Pádraig Tom Photch** as Coill Sáile a d'imigh ar shlí na fírinne i mbliana. Ceol na bhFlaitheas dó anois.



**Boston – mí Iúil, 2015 agus Trí Mhary Walsh's le chéile.**
Sr. Mary Walsh, Caladh bhFuinse (agus Texas), Mary Walsh (Hamrock) Ruisín na Maithníoch agus Massachusetts agus Mary Walsh (Ros Cide agus Boston).
Tá scéal ag baint leis seo: Sí Sr. Mary Walsh, iníon Mháirtín Tom Sheán Bhreathnadh as Caladh bhFuinse agus sí Mary Walsh (Hamrock) iníon Sheaimín Sheán Bhreathnadh as Ruisín na Maithníoch.Bhí an bheirt acu ag dul ag Scoil Náisiúnta Mhuire, Carna sna 1930 aidí. D'fhág Mary Sheaimín Ruisin na Maithníoch i 1940. Níor casadh an dhá Mhary seo ar a chéile ó shin go dtí i mbliana, nuair a tógadh an pictiúr seo – sin 75 bliain! Bhíodar thar a bheith áthasach agus iad ag caint ar a n-óige san mbaile. Ar ndóigh sí an Mary Walsh ar dheis (as Ros Cide i Ros Muc) máthair Mhéara Bhoston, Marty Walsh. Aintin leis í Sr Mary Walsh as Caladh bhFuinse.

# Céard a bhí ar bun sa bPobal 25 Bliain ó shin

- An bhliain ar thosaigh muid leabhar "Iorras Aithneach" - 1990



*Seosamh Ó Cuaig*

**Feilméireacht Éisc**
Chuir Aontas na hEorpa £1,000,000 i gcomhlacht feilméireachta éisc Ph. J. Carroll leis an tionscal a neartú in Iorras Aithneach. Ní raibh ag éirí ró-mhaith lena gcuid feilméireachta éisc faoin am seo agus ceapadh go n-éireoidís as an gceird ar fad nuair a cheannaigh comhlacht mór idirnáisiúnta Rothman iad. Ach dúirt an Príomhfheidhmeannach nua a tháinig i gceannas gur mheas siad gurbh fhiú dóibh an fheilméireacht éisc a choinneáil ag imeacht. Le bradáin deataithe agus táirgí eile a chur ar fáil a fuair siad an deontas. Bhí sé i gceist acu 4000 tonna bradán a phróiseáil in aghaidh na bliana.

**Fleá Cheoil**
I Sligeach a bhí Fleá Cheoil na hÉireann an bhliain sin. Dúirt Ardstiúrthóir Chomhaltas Ceoltóirí Éireann, Labhrás Ó Murchú, an méid seo faoin gceol Gaelach:" It is the music of all the people, young and old, and it has it's exponents in Carna and Ballyfermot, in Belfast and Cork, in the itinerant community and in business circles."

**Múinteoir**
Bhí múinteoir cúnta ag teastáil i Scoil na hAirde. 59 gasúr a bhí ar an rolla.

**As An mBriotáin**
Tháinig beirt as an mBriotáin go dtí an contae seo ar chuireadh ó Choláiste Réigiúnach na Gaillimhe. Chuaigh siad chomh fada leis an monarcha próiseála éisc i gCill Chiaráín mar ar labhair siad leis an mbainisteoir, Martin Smith. Thug siad cuairt ar an stáisiún muireolaíochta i Maínis freisin. Mhínigh an Dr. John Mercer obair an stáisiúin dóibh.

**Timpiste**
Maraíodh Patrick McLoughlin as Dún na nGall nuair a chuaigh an leoraí a bhí sé a thiomáint den bhóthar in aice leis an Teach Dóite. Bradáin a bhí sé a thabhairt as Iorras Aithneach go calafort Ros Láir. Caitheadh amach as an leoraí é ar dhroch-chasadh sa mbóthar. Dúirt na Gardaí go raibh an chuid sin den bhóthar "notoriously bad."

**Ceadúnas**
Bá é Seán Ó Cualáin a d'iarr ceadúnas i gCúirt Dúiche an Chlocháin le damhsaí a bheith in Ionad Pobail Chill Chiaráin

**Na Bóithre**
Chuaigh toscaireacht as Iorras Aithneach chuig Comhairle Contae na Gaillimhe le casaoid a dhéanamh faoi dhrochstaid na mbóithre. Bá é Tomás Ó Nídh a bhí i gceannas orthu. Mheas seisean gur cur amú ama a bhí sa gcruinniú sa deireadh ó tharla nach raibh na hinnealtóirí a bhí ag plé le bóithre Chonamara i láthair. Dúirt an Comhairleoir Mícheál Ó Móráin go dteastódh tuilleadh airgid le haghaidh na mbóithre ach nár cheart a cheapadh nach ndearna an Chomhairle Contae a ndícheall le breis airgid a fháil ón rialtas láir. Seo mar a chuir an Tribune a chuid cainte:" I personally told the Taoiseach recently," Mr. Ó Móráin said "that the condition of roads was the single biggest issue facing us County Councillors on the ground."

**Leictreachas**
Tuairiscíodh ar "Iris Iorras Aithneach" go raibh airgead curtha de leathaobh le line 38kv a thabhairt as Uachtar Ard go dtí stáisiún nua ar an nGarmain, an Sraith Salach. Ceapadh go mb'fhéidir go gcosnódh an obair suas le £1,000,000.

**Rásaí Cos**
Ritheadh rásaí trastíre i gcomhair chraobh an chontae idir ceardscoileanna i nGaillimh. Bhí dhá scoil déag páirteach. Fuair S. Folan an dara háit sa roinn do bhuachaillí sinsir.

**Irisleabhar "Iorras Aithneach"**
Ba é Uachtarán Chonradh na Gaeilge agus

Cathaoirleach Bhord na Gaeilge Proinsias Mac Aonghusa a sheol an chéad eagran d'Iris Iorras Aithneach in Óstán Charna. Dúirt Proinsias go raibh an iris ar ardchaighdeán agus go gcuirfí spéis inti in áiteacha níba fhaide ó bhaile ná teorainneacha an pharóiste féin. Mhol sé Coiste Forbartha Charna as ucht na hoibre a bhí déanta acu agus dúirt sé go raibh tábhacht mhór le eagraíochtaí pobail ar fud na tuaithe agus ar fud na Gaeltachta.

Dúirt Tomás Ó Nídh, thar ceann Choiste Forbartha Charna, go dteastódh oifig lánaimseartha agus oibrithe lánaimseartha anois leis an obair fhorbartha pobail a bhí ar siúl go láidir sa gceantar le ceathair nó cúig de bhlianta a chur chun cinn tuilleadh.

Luaigh sé na boithre mar shampla de bhunseirbhísi ar ardchaighdeán a bhí ag teastáil agus dúirt go gcaithfeadh sé a bheith soiléir do chuile dhuine a thaisteal go Carna chuig seoladh oifigiúil na hirise go raibh géarghá le bóithre níb fhearr.

**Bád go Meiriceá**
Chuaigh Paddy Barry agus a chriú go Meiriceá sa "St Patrick". 89 bliain roimhe sin a rinneadh í. Bhí sí deasaithe as an nua ag Colm Ó Maoilchiaráin i Maínis.

**Teachtaí Dála**
Dúradh in "Iris Iorras Aithneach" go raibh daoine a bhí ina gcónaí i gCarna, nó a rugadh i gCarna, ina dTeachtaí Dála ó 1927.

**Tine**
Gortaíodh triúr nuair a chuaigh teach trí thine i Roisín na Mainiach. Bhí páiste ar dhuine acu. Lánúin as an Afraic Theas a raibh an teach ar cíos acu.

**Bradáin**
Bhuaigh Carrolls Seafood Ireland an IQA Supreme National Quality Award as a gcuid oibre i monarcha próiseála na hAirde.

Ba é an tAire Saothair, Bertie Ahern, a rinne an bronnadh i mBleá Cliath. Bhí an Q mark faighte cheana acu as an bhfeilm éisc i Leitir Ard agus as an monarcha deataithe i Roisín na Mainiach.

**Crannchur**
Bhuaigh Máirtín Ó Cathasaiagh as Maínis £100 i gcrannchur ar son oispís na Gaillimhe.

**Seancharranna**
Scaip Coiste Timpeallachta Charna bileoga le deis a thabhairt do dhaoine fáil réidh le seancharranna a bhí caite de leataobh acu. Bhí na bileoga le cur ar ais chuig Rúnaí an Choiste, Pádraig Ó Cosgordha. Bhíothas ag súil go dtabharfadh an Chomhairle Contae na carranna chun bealaigh.

**Fleá Cheoil**
Ag Fleá Cheoil na hÉireann i Sligeach bhuaigh Seosamh Ó Maoilchiaráin duais ar amhránaíocht ógánach.

Fuair Risteárd Ó hEidhin an chéad áit ar amhránaíocht daoine fásta. Ba é Mícheál Ó Ceannabháin a bhí sa dara háit.

Fuair Caitríona Ní Cheannabháin an chéad áit sa roinn 12-15 bliana.

**Cuairt**
Thug suas le 700 duine cuairt ar na feilmeacha éisc i Leitir Mealláin agus i gCuan na Beirtrí Buí le linn lae oscailte a bhí ag comhlacht Charrolls. Orthu sin bhí an Seanadóir Éamon Ó Cuív agus an Comhairleoir Contae Mícheál Ó Móráin.

Tuairiscíodh go raibh 110 oibrí lánaimsartha agus 70 oibrí páirtaimseartha ag an gcomhlacht i Leitir Mealláin, i gCarna, ar an Sraith Salach agus i Maigh Ard.

Seo mar a bhí siad roinnte:
*Leitir Mealláin:* 8 lánaimseartha, 10 páirtaimseartha.
*An Sraith Salach:* 13 lánaimseartha, 2 páirtaimseartha
*Leitir Ard:* 29 lánaimseartha, 15 páirtaimseartha
*Bainistíocht agus riarachán:* 17 lánaimseartha, 1 páirtaimseartha
*An Aird Thiar:* 4 lánaimseartha, 17 páirtaimseartha
*Roisín na Mainiach:* 9 lánaimseartha, 10 páirtaimseartha
*Tully Mountain, Maigh Ard:* 30 lánaimseartha, 10 páirtaimseartha

Bhí 15 eile fostaithe ag fochomhlacht Redhand. Ba é Feargal Ó Díomsaigh a bhí ina bhainisteoir i Leitir Ard.

**Tom Welby**
D'iarr an Comhairleoir Tom Welby go gcuirfí caoi ar Bhóthar na Scrathóg.

**Cluichí Pobail**
Ag craobhchomórtais na gcluichí pobail a tionóladh

san Mosney Holiday Centre fuair Pádraig Mac Donncha as Cill Chiaráin an dara háit sa léim ard do bhuachaillí faoi 16.

**Don Bhreatain Bheag.**
Chuaigh grúpa as an bparóiste ar thuras don Bhreatain Bheag. Ochtar acu a bhí ann. Scéim a bhí ag Údarás na Gaeltachta dar teideal "Cairdeas". Thug siad cuairt ar chomharchumainn, ar ionaid teanga, ar oifigí turasóireachta. Thug siad bronntanais anonn leo—bradáin deataithe.

**Seó an Chlocháin**
Ba í "Cailín Ciúin" le Frank agus Josie Seoige, Aill na Brún agus Sasana an "Reserve Champion" ag Seó an Chlocháin.

**Cómórtas Pobail**
Bhuaigh Coiste Forbartha Charna an chéad duais san Iarthar sa gcomórtas pobail a bhí ag Údarás na Gaeltachta.

**Seomraí Feistis**
Bhí bailiúchán airgid ar bun le seomraí feistis a thógáil ar pháirc peile Charna. Ceapadh gur thart ar £35,000 a chosnóidís. Coiste Forbartha Charna a bhí i mbun na hoibre agus ba é Tomás Ó Nídh a bhí i gceannas ar an mbailiúchán agus ar an tionscnaimh. Bhí ticéid á ndiol ar £20 an ceann. Bhí an pháirc draenáilte cheana féin, dromchla nua curtha uirthi agus síol féir curtha inti.

**Pósadh**
Phós Máire Ní Mhaoilchiaráin as Leitir Ard agus Seán Ó Domhnaill as Maíros. Ba é an tAthair Mícheál Ó Ríordáin a phós iad. In Óstán an Dóilín ar an gCeathru Rua a caitheadh an bhainis.

**Geallta Bád**
Seo mar a chuaigh na geallta bád i gCloch na Rón an bhliain sin:
*Húicéirí*: I. An American Mór; 2. An Mac Duach; 3. An Morning Star
*Curachaí 6 bhuille:* 1. Doire Fhátharta; 2. An Sruthán; 3. Leitir Mealláin; 4. Carna
*Gleoiteoga Móra:* 1. An Bádóir; 2. Robert Jocelyn
*Fear agus bean:* 1. Peigí agus Pat Ó Cualáin; 2. Ellen Éinniú agus Maitias Bairéad; 3. Ann King agus Michael Loftus
*Leathbháid:* 1. An Hunter; 2. An St. John; 3. An Traonach
*Gleoiteoga Beaga:* 1. An Mc Hugh; 2. Bruce du Vey; 3 Jim Hazel

**Daoine a bhásaigh.**
Seo daoine a bhásaigh agus a raibh a gcuid ainmneacha ar na nuachtáin:

* Cáit de Búrca (Cathasach roimh phósadh di).
* Seosamh Ó Dubhain, Caladh Fhínse.
* Cóilín Mac Craith as Glinsce. 79 bliain d'aois a bhí sé. Chaith sé cuid mhaith blianta ina mhaor ar na bóithre ag an gComhairle Contae.

D'imir sé peil do Charna ina óige agus chaith sé tréimhse ina chathaoirleach ar an gcumann peile. Ba mhinic é ag díospóireacht sna Scoileanna Éigse agus Seanchais.

**Regatta an Chloiginn**
Ag Regatta an Chloiginn tháinig John Joe Donoghue agus beirt dhearthár de na Ceannabháin sa dara háit sa ngeall curachaí sé bhuille. Ba iad John O'Donnell agus Robert Joyce a bhuaigh an geall cheithre bhuille agus ba iad Robert Seoighe agus Ellen Éinniú a bhuaigh an geall fear agus bean.

**Bóthar**
Tugadh oibrithe Comhairle Contae ar ais óna gcuid laethanta saoire le caoi a chur ar dhrochphíosa bóthair i Leitir Ard. Coiste Forbartha Charna a chuir brú ar an gComhairle. Ach bhí dea-scéala ann freisin sa méid is go raibh £200,000 le caitheamh idir Cill Chiaráin agus Carna.

**Mícheál Ó Móráin**
Cháin an Comhairleoir Mícheál Ó Móráin an polasaí a bhí ag an OPW faoi thógáil tithe in áiteacha i gConamara. "They are instigating a process that will eventually cut off human habitation in Connemara", adúirt sé.

**Sagart**
Aistríodh an tAthair Mícheál Ó Ríordáin, séiplíneach Charna, go dtí An Éil i Maigh Eo. Ba é Carna a chéad pharóiste mar shagart. Bhí chúig bhliana caite aige ann.

**Mattie an Ghabha**
Bhí Mattie an Ghabha ar dhuine acu siúd a chuir aonad d'Ord Mhalta ar bun i gCarna. Bhí sé i gceannas fresin ar thoscaireachtaí ar son otharcharr

a bheith sa gceantar. Fuair siad £10,000 ón American Fund for Irealand ag an am.

**Ardú Céime**
Bhí ardu céime ó Gharda go Sáirsint faighte ag Dónal Ó Cualáin. Ina theagascóir Gaeilge i gColáiste Oiliúna na nGardaí sa Teampall Mór a bhí sé ag an am.

**Ceoltóir**
Fuair Róisin Ní Dhonncha an chéad áit sa gcomórtas ar an bhfeadóg mhór (faoi 13) ag Féile Cheoil Bhaile na Cille/Locha Riach.

**Sagart**
Ceapadh an tAthair Pádraig Audley ina shagart paróiste i gCarna. Bheadh an tAthair Pádraig Ó Dubhshláine ina shagart cúnta aige.

**Galf**
Tháinig Séamas Collins sa dara háit i gcomórtas gailf ar ghalfchúrsa Bhaile Conaola.

**Pádraig Mac Cormaic**
Ba é Pádraig Mac Cormaic an t-aon Teachta Dála a d'fhreastal ar chruinniú faoi na bóithre i gCarna. "There must be a lesson somewhere there for the people of the area," a dúirt Mac Cormaic.

Chuir Coiste Bóithre Charna "roads charter" os comhair an chruinnithe. Dúirt siad go dteastódh beagnach £3,000,000 le caoi a chur ar bhóithre an cheantair.

**Comhairle Chonamara**
Bhí na Comhairleoirí Contae Nioclás Ó Conchubhair agus Mícheál Ó Móráin ag iarraidh go mbunófaí Comhairle speisialta do Chonamara.

**Glanadh Tránna**
Bhí Coiste Timpeallachta Charna ag glanadh na dtránna. Seo iad a bhí ar an gCoiste: Máirtín Ó Catháin (cathaoirleach), Pádraig Ó Maoilchiaráin, Leitir Ard, An Dr. Mícheál Ó Cathasaigh, Lúc Mac an Iomaire, Tomás Breathnach, Tomás Ó Nídh, Mairéad Mhic Oireachtaigh, Pádraig Ó Cosgordha, Mícheál Ó Móráin, Seosamh Ó Cuaig, Mícheál Breathnach (an Aird Mhóir), Séamas Ó Coileáin.

**Stoirm**
Rinne stoirm an-damáiste do bhóthar an Choradáin. B'éigean bean a bhí le tabhairt chuig an ospidéal a iompar os cionn 60 slat ar chathaoir mar nach raibh an t-otharcharr in ann a dhul chomh fada lena teach.

**Fleá Cheoil na Gaillimhe**
Ag Fleá Cheoil na |Gaillimhe fuair Aine Ní Chuaig an chéad áit ar an bhfliúit (faoi 12). Róisín Ní Dhonncha a bhí sa dara háit. Fuair Seosamh Ó Ceannabháin an dara háit ar an gcairdín (daoine fásta).
Fuair C. Ní Chuinneagáin an tríú háit ar an gcairdín (faoi 12).
Mileoidean: Roinneadh an tríú duais idir Mícheál Ó Ceannabháin agus William O'Toole (as an nGort)
Feadóg stáin (faoi 12): I. Róisín Ní Dhonncha 3. Áine Ní Chuaig
Bodhrán (faoi 12): Caitlín Ní Chuinneagáin sa tríú háit . Breandán Ó Súilleabháin sa gcéad áit (daoine fásta).
Fonn Mall ar an bhfeadóg stáin: Róisín Ní Dhonncha (faoi 12)
Grúpa ceoil (12-15): Carna
Amhránaíocht (faoi 12): 1. Róisín Ní Dhonncha . 3. Bríd Ní Chathasaigh, Glinsce
Amhránaíocht, mná.: I. Caitríona Ní Cheannabháin. 2 Bríd Ni Mhaoilchiaráin.
Amhránaíocht, mná (daoine fásta): Bairbre Ní Mhaoilchiaráin
Amhránaíocht, fir (12-15) 1. Colm Ó Cathasaigh. 2. Seosamh Ó Maoilchiaráin.
Amhránaíocht , fir: 1. Risteárd Ó hEidhin. 2. Mícheál Ó Ceannabháin. 3. Beairtle Breathnach.
Amhránaíocht i mBéarla, mná (12-15) : 3. Bríd Ní Mhaoilchiaráin agus Caitríona Ní Cheannabháin
Amhránaíocht i mBéarla, fir: (12-15) 2. Seosamh Ó Maoilchiaráin
Portaireacht béil (faoi 12) 1. Bríd Ní Chathasaigh. 2 Damien Leavy.
Portaireacht béil (12-15) 1. Seosamh Ó Maoilchiaráin, Leitir Ard
Bailéad nuachumtha: 2. Beairtle Breathnach 3. Bairbre Ní Mhaoilchiaráin
Comhrá Gaeilge (faoi 15): Seosamh Ó Maoilchiaráin.

**Comórtas Póstaer**
Bhuaigh Seosaimhín Ní Chathasaigh as Maínis an chéad áit (scoileanna) i gcomórtas póstaer a bhí ag an Health Promotion Unit.

**Fóram Feilméireachta Éisc**
Bhí Fóram Feilméireachta Éisc le bunú. Bheadh ionadaithe air as Carna, Cill Chiaráin, Ros Muc, Inis Oírr, Béal an Daingin, Leitir Móir, Leitir Mealláin, Tír an Fhia agus Inis Bearachain. Thabharfaí cuireadh d'ionadaithe as Ollscoil na Gaillimhe, as an gColáiste Réigiúnach, as Comhairle Contae na Gaillimhe, as Roinn na Mara agus as Údarás na Gaeltachta.

Bhí deontas £340,000 ceadaithe do Emerald Fisheries ag an am. Seo iad an dream a raibh feilm acu i gCuan na hAirde Móire.

**Litir Faoi Nuvan**
Foilsíodh an litir seo ar an gConnacht Tribune:
*Dear Editor,*
*I refer to a letter from C. Bairéad, Carna, in your country edition of 27th April 1990 claiming that the air pollution monitoring system at Half-Mace "were sent rocketing" during recent Nuvan spraying operations in Beirtreachboy Bay. We are unaware of the basis of this statement because our research work is primarily directed towards the study of air from the Atlantic Ocean in the sector from a southeasterly direction to a Northwesterly direction which is generally uncontaminated by local human activity.*
*Yours sincerely,*
*Tom O'Connor (Dr.), Chairman, on behalf of Mace Head Management Committee, University College, Galway.*

**Tuilleadh Faoin bhFeilméireacht Éisc**
Dúirt Pádraig Ó hAoláin gurbh é Conamara "the cockpit of the salmon farming industry in Ireland." 6,500 tonna bradán feilme a chuirfí ar fáil in Éirinn an bhliain sin. As Conamara a thiocfadh 5,000 tonna acu.

**An Teileafón**
Cuireadh as don chóras teileafóin in Iorras Aithneach nuair a rinne leoraí a bhí ag teacht as foraois Bhaile na hInse damáiste do cháblaí. Rinne leoraí féir an rud céanna roimhe sin agus rinne stoirm aríst eile é. Ní raibh an ceangal raidió idir Gaillimh agus iarthar Chonamara ag obair an-mhaith ach oiread.

**Ord Mhalta**
Cuireadh aonad d'Ord Mhalta ar bun i gCarna. Bhí Uachtarán Ord Mhalta na hÉireann, Michael Egan, i láthair nuair a seoladh go hoifigiúil é. Dúirt sé gurbh é otharcharr Charna an ceann ab fhearr i seirbhís Ord Mhalta na hÉireann ar fad. Bhí Stiúrthóir Ord Mhalta i láthair, an Commodore Denis Dwyer. Bhí Príomhfheidhmeannach Bhord Sláinte an Iarthair ann agus an Seanadóir Éamon Ó Cuív.

Tugadh moladh san "Anglo Celt", páipéar a fhoilsítear i gCo. Longfoirt, don dream a fuair an t-otharcharr i gCarna. Seo mar a dúirt an scríbhneoir: *"The people of Carna are indeed to be congratulated. I salute them for their enterprise and hard work. I do agree that something like this just shows what can be done, but then maybe Carna people are exceptional."*

**An Bus**
Dé Luain agus Dé hAoine amháin a ghabhfadh bus Charna isteach go Ros Muc feasta. Éiríodh as seirbhís na Máirte trí Mhaíros freisin.

**Pádraig Flynn**
Dúirt an tAire Comhshaoil Pádraig Flynn le toscaireacht in Ashford Castle go dtabharfadh sé féin cuairt ar Chonamara go bhfeicfeadh sé staid na mbóithre. Agóid a bhí ar bun an lá sin (Féach "An Agóid Ag Ashford Castle" in áit eile san iris seo).

**Crannchuír**
Bhuaigh Áine Uí Chatháin as Roisín na Mainiach duais sa gcrannchur ar an nGrand National a d'eagraigh Comhairle Pobail an Chlocháin. I gcrannchur a bhí ag Bord Peile na Gaillimhe bhuaigh Aodh Ó Domhnaill £200.

**Stoirm Agus Báisteach**
Níor thit an oiread báistí sa gcontae le 130 bliain agus a thit in Eanáir na bliana sin. Bhí stoirmeacha ann freisin in Eanáir agus i mí Feabhra – 100 míle san uair i gCeann Mása.

**Imirce**
Bhí díospóireacht ghéar ar bun idir na Comhairleoirí Contae Mícheál Ó Móráin agus J.J. Mannion faoin imirce as Conamara. Bhí an Mainníneach a rá go raibh an réigiún á bhánú. Thagair sé do bhaile Cheapach Chuais a thréig an duine deireanach a bhí ar an liosa vótála ann an bhliain roimhe sin. Labhair sé faoi Inis Ní:
*"It is coming to a stage that a lot of people will be put out of business as they haven't the population to keep them going and unless something is done to stop the flow of*

*people leaving the area the future looks very bleak indeed,"* a dúirt sé.

Níor aontaigh an Comhairleoir Ó Móráin go dtáinig méadú an-mhór ar an imirce le bliain roimhe sin. Ní fhéadfaí brath ar na liostaí vótála, a dúirt sé, mar gur dhóichí gur aistrigh daoine as ceantar amháin go ceantar eile taobh istigh de Chonamara. D'admhaigh sé ceart go leor go raibh áiteacha áithrid i gConamara a bhí " amongst the worst emigration blackspots in the country."

I suirbhéireacht a rinneadh ar son aerfort a chur i gceantar an Chlocháin frítheadh amach go ndeacha 1,000 duine ar imirce as an gceantar máguaird in imeacht na bliana roimhe sin. Bhí Iorras Aithneach ar cheann de na ceantair a bhí buailte. Leitir Deiscirt agu Maínis ba mheasa a tháinig as a dúradh.

**An tAthair Mac Aoidh**
Cailleadh an tAthair Tomás Mac Aoidh. B'as Cill Chiaráin ó dhúchas é. I gColáiste Iarlatha agus i gColáiste Ghearrbhaile a fuair sé a chuid meánoideachais. Sa mbliain 1940 a hoirníodh ina shagart é. Togha lúthchleasaí a bhí ann—peil Ghaelach agus rugbaí. Bhí sé ar fhoireann na Gailimhe a bhuaigh Craobh Chonnacht i 1938. Bheadh sé i gCraobh na hÉireann in aghaidh Chiarraí an bhliain sin freisin murach nach gceadódh údaráis sagartóireachta Mhá Nuad dó imirt. Bhí sé ina Uachtarán ar Choláiste Ghearrbhaile ó 1969 go dtí 1973. Chuaigh sé ina shéiplíneach go Cill Tormóir ansin. Ceapadh ina shagart pobail ar Eachroim é i 1975 agus bhí sé ansin go ndeacha sé ag obair leis an Marriage Tribunal i nGaillimh. Níor chaill sé a cheangal le Cill Chiaráin ariamh. Bhíodh páirt mhór aige sna cúrsaí léinn a bhíodh ag Cumann na Sagart in Óst an Chrompáin. Léadh sé an tAifreann i gCill Chiaráin agus ba mhór an tógáil croí do na daoine na seanmóirí a thugadh sé mar bhí an chaint ar a chomhairle féin aige, gan trácht ar scoth na Gaeilge. Thug sé píosa breá cainte ar Oileán Mhic Dara an lá ar bheannaigh Ardeaspag Thuama an séipéilín achóirithe.

**Aerfort an Chlocháin**
Seo litir a foilsíodh ar an "Sunday Independent" nuair a bhí an chonspóid ar bun faoi aerfort a dhéanamh i gceantar an Chlocháin:
*A Chara—I attended the public meeting organised by the developers of Clifden Airport in Óstán Charna. Among the questions I asked were: 1. How many flights per day and per week will be handled by this airport? 2. What carriers will be using this proposed airport? 3. How many passengers per day will this airport cater for? 4. Will the airport handle international flights? 5. Why was the name of the proposed airport changed from Clifden Airport to Connemara Airport?*
*Mairéad Ní Uaithnín,*
*Muighinis, Carna, Co. na Gaillimhe.*

<u>Litir Eile</u>
Foilsíodh litir eile ar an "Irish Times" faoi chúrsaí feilméireachta éisc. Lúc Mac an Iomaire as Ros Dugáin a scríobh í. Seo mar a dúirt sé:
"An páirc náisiúnta atá daoine áirithe ag iarraidh a dhéánamh de Chonamara go gcaithfidh muid dul go Sasana nó go Meiriceá nuair a stopfas siad cliabháin bradán a chur amach mar gheall ar a gcúiseanna santacha féin? Má imíonn an tionscal seo imeoidh na céadta eile mar a d'imigh cheana. Cé a bheas ann ansin leis an nGaeilge agus traidisiún na Gaeltachta a choinneáil beo?"

**Halla**
D'iarr an tAthair Ó Fátharta cead ar Chomhairle Contae na Gaillimhe doras a chur chun tosaigh ar sheanhalla Chill Chiaráin.

**Sáirsint**
Aistríodh an Sáirsint John Moran as Carna go Gaillimh.


**Sagart**
Ceapadh an tAthair Mícheál Ó Fátharta, a bhí ina shéiplíneach i gCill Chiaráin, ina Shagart Paróiste i bPáirc i gCo. Mhaigh Eo.

**As Corr na Móna**
Tháinig grúpa as Corr na Móna ar cuairt go Carna. Bhí an-oíche acu, dúradh. Léirigh siad drámaí agus sceitse.

**Candáil**
Bhí candáil Tí Mheaic ar an teach agus ar an bpíosa talún a bhí ag John Curran i lár Charna.

**Ceirníní**
Chuir Gael Linn sé cinn de cheirníní amach. Bhí P.J. agus Marcus Ó hIarnáin ar cheann acu. "Dynamic Duo" a thug Peter Browne orthu.

# 25 Bliain Ó Shin



**Ag seoladh an chéad eagrán do leabhar bliantúil "Iorras Aithneach" in Óstán Charna i 1990.**
*Ó chlé* – Seosamh Ó Giobúin (Camus), Pádraig Ó hAoláin (Príomhfheidhmeannach Údarás na Gaeltachta), an Seanadóir Éamon Ó Cuív agus Pádraig Ó Flatharta (Camus).
(Pictiúr – Ó ghrúpa nuachtáin "Connacht Tribune").




**Ag seoladh an chéad eagrán do leabhar bliantúil "Iorras Aithneach" in Óstán Charna i 1990.**
*Ó chlé* – Máirtín Ó Catháin (Eagarthóir "Iorras Aithneach 90", Donncha Ó Gallchóir (Cathaoirleach ar Údarás na Gaeltachta), Bairbre Uí Ghuairim (Coiste leabhar "Iorras Aithneach") agus Pádraig Ó Cosgordha (Coiste leabhar "Iorras Aithneach").
(Pic – Ó ghrúpa nuachtáin "Connacht Tribune").

# 25 Bliain Ó Shin



**Ag seoladh an chéad eagrán do leabhar bliantúil "Iorras Aithneach" in Óstán Charna i 1990.**
*Ó chlé* – Tomás Ó Nídh (Cathaoirleach ar Choiste Forbartha Charna), Sorcha Níc Dhonnchadha (Bainisteoir Cultúir agus Teanga in Údarás na Gaeltachta), Pádraig Ó Gaora (Carna agus RTE) agus Colm Ó hUaithnín (Coiste leabhar "Iorras Aithneach").
(Pic – Ó ghrúpa nuachtáin "Connacht Tribune)".




**Ag seoladh an chéad eagrán do leabhar bliantúil "Iorras Aithneach" in Óstán Charna i 1990.**
*Ó chlé* – Máirtín Ó Conghaile (Bainisteoir Forbartha Pobail in Údarás na Gaeltachta), Máire Áine Uí Choirbín (Coiste Forbartha Charna), Seosamh Ó Cuaig (Bord Údarás na Gaeltachta).
(Pic – Ó ghrúpa nuachtáin "Connacht Tribune").

# 25 Bliain Ó Shin



**Ag seoladh an chéad eagrán do leabhar bliantúil "Iorras Aithneach" in Óstán Charna i 1990.**
*Ó chlé* – Pádraig Mac Cormaic, T.D., Máire T. uí Chuinneagáin (Coiste leabhar "Iorras Aithneach"), Prionsias Mac Aonghuasa (Cathaoirleach ar Bhord na Gaeilge). Sé Prionsias Mac Aonghusa a sheol "Iorras Aithneach 1990".
(Pic – Ó ghrúpa nuachtáin "Connacht Tribune").



**An tAthair Tomás Mac Aoidh (Father Keyes).**
Bhásaigh sé 25 bliain ó shin.

# AN CUMANN LUTHCHLEAS GAEL

# CARNA / CAISEAL

*Beannachtaí na Nollag ó CLG Carna / Caiseal*

Is cumann Sinsear Peile i nIarthar Chonamara muid ag freastal ar cheantar Iorras Aithneach, an Chaisil & An tSraith Salach.

Cuireann muid foirne Sinsear & Sóisear agus foirne faoi aois ó faoi 8 mbliana suas go dtí ocht mbliana déag d'aois chun páirce i rith na bliana. Chomh maith le sin bíonn treanáil do ghasúir ó aois 6 bliana go dtí ocht mbliana déag d'aois.

Fáiltíonn muid leis an tús atá curtha le cumann Peil na mBan Carna/Caiseal a bhunú i mbliana. Chuile rath orthu sa todhchaí.


Míle buíochas do chuile dhuine atá ag ag treanáil ghasúir agus ag díol agus ag ceannacht 'Lotto Carna / Caiseal' i rith na mbliaina.

***Carna / Caiseal ABÚ***

# Iorras Aithneach i 2040?
## - 25 Bliain amach romhainn

Tá cúigear den nglúin óg ag caitheamh súil 25 bliain chun cinn in "Iorras Aithneach" na bliana seo. Anseo -



*Seán Ó Cathasaigh*
*– Múinteoir, Oifigeach i gCumann Peile Charna/Caiseal agus Peileadóir.*

Bheadh a dhóthain le déanamh ag Nostradamus, an fear a bhí inann an saol a fheiceail roimhe, agus fáisnéis a thabhairt ar Iorras Aithneach faoi cheann 25 bliain ach tabharfaidh mé iarraidh faoi.

Beidh 9 billiúin duine sa domhan uilig faoin am sin, méadú dhá bhilliúin duine ar dhaonra an lae inniu. Cá ngabhfaidh said ar fad, an mbeidh ár sliocht ag filleadh ar an Oiléan Máisean ar Bhiorr nó mar chomharsain ag Mac Dara féin, cheal spáis? (Meastú a gcuirfeadh Mac Dara in aghaidh aon iarratas pleaneála?). I dtreo na bailte móra a bheidh siad a deir na saineolaíthe agus tá sin le feiceáil i chuile choirnéal den domhain cheanna féin; beidh sé fíor faoin cheantar seo chomh maith. Níl an aos óg ag fanacht thart a thuilleadh. Tá oideachas den scoth ar fáil anseo acu go háitiúil, i gceantar Gaeltachta, rud a thugann ar aghaidh iad chuig oideachas triú leibhéal agus tá an- tóir ar Éireannaigh ar fud an tsaoil mar gheall ar a gcuid cáilíochtaí agus an eitic oibre atá inár gcultúr. "Brain Drain" a thugann said sa mbéarla ar. Níl aon neart ar, tá sé de cheart acu imeacht agus an saol a bhlaiseadh. Níl aon fhostaíocht fadthéarmach sa cheantar a choinneoidh an daonra ag méadú anseo go háitiúil. Beidh sé deacair an sleamhnú seo a stopadh. Tá aistear ró fhada go dtí an chathair orainn as Carna agus Cill Chiaráin.

Agus na daoine seo ag imeacht; tá an ceantar ag cailleadh ruinín dhá aitheantas chuile lá. Aitheantas a bhfuil bród ag muintir na háite as, a bhfuil cáil air i bhfad agus i gcéin. Cén leigheas atá ar seo? Tá chuile dhuine ag iarraidh caighdeán maith maireachtála, fostaíocht agus áit chónaithe san áireamh a bheith acu. Ní fhéadfá áit níos fearr a fháil ná an cheantar seo, ceantar Gaeltachta, áit a bhfuil fáil acu ar chultúr na Gaeltachta - ceol, amhránaíocht, damhsa ar an sean nós, seanachas - chun cónaí ann agus gasúir a thógáil. Is iontach an cheantar é do ghasúir… ach is naíolann den scoth é faoi láthair ag réiteach agus ag úllmhú an aos óg chun eitilt leo.

Tá ceangail idir an ceantar agus an aos óg atá imithe ag teastáil lena mealladh abhaile, fiú más ar an deireadh seachtaine féin é. Bhfearr gur go fadthéarmach é. Tá ról an Chumainn Luthchleas Gael thar á bheith tábhachtach anseo. Is cúis ghaisce agus bróid iad na hiarrachtaí atá dhá dhéanamh ag leaids óga na háite le blianta fada anois agus tá Cumann Peile na mBan ar an bhfód chomh maith le gairid. Is léiriú ar an tacaíocht láidir ó mhuintir na háite na radharcanna ar nós Páirc Peile Alan Mhic an Iomaire agus na soilse ag scaladh ar limistéir thoir an cheantar.

Dá mbeadh feabhas ar chúrsaí taistil as seo go Gaillimh is tús a bheadh ann, b'fhéidir go bhfilleadh cuid den dream óg ar ais chomh maith le fostaíocht áitiúil a chruthú agus a fhorbairt. Bhí ról ag an fharraige agus ag an dá chuan flúirseach ch'aon taobh do Iorras Aithneach i bhfostaíocht sa bpobal seo ag dul siar sna blianta. Ach anois ní féidir brath ar mar fhoinse slí maireachtála ar scála mar a bhíodh, níos mó. Seans maith go mbeidh fuinneamh na farraige agus na dtonnta dhá saothrú amach anseo agus nach iomaí solas a lasadh cumhacht "spout an tairbh".

Tiocfaidh méadú ar fhostaíocht sna bailte móra i dtosach, Gaillimh san áireamh mas fíor do na saineolaithe. Dá mbeadh deis ann an aistear go Gaillimh a ghiorrú bheadh an aistear as baile chuig an obair indéanta. Teastaíonn aitheantas ceantar a chosaint ó fhórsaí seachtracha ach teastaíonn daoine uait agus pobal óg, chomh maith. Má tá na daoine agat tabharfaidh siadsan cosaint mhaith do na tréithe agus gnéithe éagsúla atá bainteach le hIorras Aithneach.




Ag tacú le forbairt fiontraíochta agus le cur chun cinn na Gaeilge

Na Forbacha
Co. na Gaillimhe
T: 091 503100
F: 091 503101

www.udaras.ie
eolas@udaras.ie

**Lean muid ar:**

*Údarás na Gaeltachta*

# *On the banks of the Ohio!*





**"On the Banks of the Ohio" –** an teideal ar amhrán a chloistí go minic scaitheamh den tsaol.  Ar bhruacha na habhann seo atá William Moylan as an Aird Mhóir anois ach ní ag gabhail fhoinn atá sé ann; tá cúramaí troma ar William. Sé an ceannasaí suirbhéireachta é ar thógáil an droichid seo trasna an Ohio. I Louisville i Kentucky atá an obair ar bun. Leath mhíle ar fhaid atá an droichead atá dá dhaingniú ar cháblaí – caithfidh William an droichead a leagan amach sa gcaoi agus nach mbeidh sé i bhfoisceacht 2 mm. don phlean atá ar pháipéar… ar chuile orlach dó!  Is dóigh gur chuala sibh an leagan nua-aimseartha béarla – "No Pressure!"

# Foireann Soisir Charna / An Chisil 2015



*Líne Cúil, ó chlé:* Darren Mac Craith (Roghnóir), Aongus Ó Cualáin, Maitias Ó Gaora, Marc Mac Cormaic, William De Búrca, Micheál Ó Cualáin, Ronán Ó Flatharta, John Paul Ó Conghaile, Seosamh Ó Cuirrín, Riocard Ó Guairim, Tomás Ó Conaire, Pádraig Mac Donnacha, Keith Mac Con Iomaire, Shane Ó Clochartaigh & Noel Ó Guairim (Roghnóir).

*Chun tosaigh, ó chlé:* Éamonn Ó Cualáin, Liam Mac Donnacha, Pat Breathnach, Pádraic Ó Cualáin, Micheál Mac Donnacha, Colm Ó Neasa, Seán Ó Flatharta (Bainisteoir), Éanna Ó Coileáin, Seosamh Ó Guairim, Stiofán Mac Donnacha, Seosamh Ó Mealóid, Kevin Mac Donnacha, Mícheál Ó Gaora & Cathal Ó Maoilchiaráin.

# Go n-éirí an saol libh




Nuala Nic an Ríogh as Muighros agus Cóilín Ó Conghaile as Bóthar an Chlochair i gCarna a phós i mbliana i gCarna.

# Meiriceá Siar Uaidh



Thug Ambassadóir Mheiriceá go hÉirinn, Kevin O' Malley, cuairt ar shuíomh Ionad Cuimhneacháin na nImirceach i gCarna i mí an Aibreáin. *Sa bpictiúr seo, ó chlé* - Avril Kyne, Dena O' Malley (bean an Ambassadóra), Kevin O' Malley (Ambassadóir Mheirca go hÉirinn), Donna, deirfiúr an Ambassadóra a bhí ar cuairt go hÉirinn, Josie Mac an Iomaire agus a iníon, Caoimhe leis, Kevin Mac an Iomaire, Nóirín Mhic an Iomaire (as an Aird Mhóir) agus Yvonne King, ealaíontóir as Cloch na Rón.



**Ar shuíomh an Ionaid Cuimhneacháin ag an sean halla**

*Ó chlé* – Noel Grealish, T.D., An Seanadóir Trevor Ó Clochartaigh, Dena O' Malley, an tAmbassadóir, Kevin O' Malley, Donna O'Malley, Seán Kyne, T.D., an Comhairleoir Contae, Eileen Mannion agus Máirtín Ó Catháin, Cathaoirleach Choiste Ionad Cuimhneacháin na nImirceach.

# Ceol & Céimeanna



**Paula Ní Chualáin** as an Meall Rua – agus sráidbhaile Charna - a deirfiúracha agus iníon léi, ag ceiliúradh bua Phaula san amhránaíocht ar an sean-nós ag Fleadh Cheoil na hÉireann 2015… ag ócáid cheiliúrtha Tí Mheaic.
*Ó chlé:* Angela, Tríona, Paula, Margaret agus iníon Phaula – Sadhlóg.



**Kevin Ó Conaire** as an nGleann Mór i gCill Chiaráin ar bronnadh céim i mBainistíocht Obair Thógála ar (Construction Management) in Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath le gairi. A mháthair, Margaret Ann (ar chlé) agus a dheirfiúr, Patricia ina chuideachta anseo.




Céimeanna dá cuid féin ag **Katie Ní Shúilleabháin** as Loch Con Aortha. Thug sí léi go leor duaiseanna as Féile Damhsa Gaeleach i gCaisleán an Bharraigh le gairid.



**Máire Ní Cheannabháin** as Garraí an tSagairt i gCarna. Bronnadh céim sa nGaeilge agus sa gCumarsáid uirthi i gColáiste Chroí Mhuire Gan Smál i Luimhneach, le gairid.

# Cuairteoirí




**Banríon Chill Chiaráin**
*ó chlé* - **Patricia Ní Chonaire** as an nGleann Mór a roghnaíodh mar Bhanríon ag Féile Chill Chiaráin i mbliana; **Seán Seosamh Ó Cuirrín** (moltóir), **Josie Sheáin Jeaic** (fear an tí ag an ócáid Tí Chadhain) agus **Bairbre Ní Thuairisg** (moltóir).



**Susan Uí Chatháin (ar chlé) in éineacht le Mary Pat Kelly ag seoladh an leabhair "Off Irish Blood" sa gClochán.**



Ag an ócáid nuair a thug Ambassadóir na Stáit Aontaithe cuairt ar Charna i mí Aibreán seo caite. *Ó chlé:* Dena O' Malley (beanchéile an Ambassadóra), Kevin O' Malley (Ambassadóir Mheirica), Avril Horan-Kyne (Beanchéile Sheán Kyne) agus Seán Kyne, T.D.




Donna O' Malley, deirfiúr le Ambassadóir Mheiricea ag diabhlaíocht le Joe Ó Donnchú i dTeach Altranais Charna.

# Cuimhne ar Charna




**Caitlín Uí Chonaire** ag bronnadh cóip de leabhar "Iorras Aithneach 2014" ar an Taoiseach in Óstán Chuan Charna.



**Seosamh Ó Cuaig** ag bronnadh cóip de leathanach as an tsean scoil – san áit a bhfuil an sean halla – i mbaile Charna ar an Taoiseach.



**Báirbre Uí Mháille** ag casadh leis an Taoiseach i gCarna.



*Ó chlé* – An Comhairleoir Contae, **Joe Folan, Eileen Davis** agus Ambassadóir Mheiriceá, **Kevin O' Malley** i gCarna.

# As Carna go California - ag an gCeolchoirm



**Grúpa as Meiriceá a d'fhreastal ar an gCeolchóirm ar mhaith le Ionad Cuimhneacháin na nImirceach sa gCultúrlann i mBaile Átha Cliath ar an 10-10-2015.**

*Líne cúil:* Máirín de Brún, Cathaoirleach an Oireachtais, Celeste Finison (Massachusetts), Mary Choppa (California), Terry Fitzgerald (Seattle) agus Máirtín Ó Catháin (Cathaoirleach Coiste Ionad Cuimhneacháin na nImirceach).

*Chun tosaigh:* Pam Holland (California), Patricia McBride (Portland, Maine), agus Joanne Riley (Boston).



**Dream Chill Chiaráin agus Charna i gcuideachta feidhmeannaigh Stáit agus Chomhaltas Cheoltóirí Éireann ag an gCeolchoirm sa gCultúrlann.**

*Líne cúil, ó chlé:* Beirtí Ó hAinmhire, Príomh Oifigeach, Roinn na Gaeltachta; Máirín de Brún, Cathaoirleach an Oireachtais, 2015; Treasa Uí Chuaig; Seosamh Ó Cuaig; Siobhán Ní Chonaráin, Riarthóir Chomhaltas Ceoltóirí Éireann; Johnny Mháirtín Learaí, Labhrás Ó Murchú, Ard Stiúrthóir ar Chomhaltas Ceoltóirí Éireann agus Josie Sheáin Jeaic.

*Chun tosaigh, ó chlé:* Róisín Johnny Sheáin Jeaic, Máire Ní Mhaoilchiaráin-Mhic Craith agus Aisling Ní Cheannabháin.

# Debs 2015 - Mná & Fir óga



**An grúpa uilig ag na DEBS -**
Sarah Mae Ní Dhomhnaill, Aisling Ní Chaodhna, Éanna Ó Cóileáin, Claire Ní Fhlatharta, Chelsea De Búrca, Josephine Ní Allmhuráin, Clíona Ní Dhonnacha, Nicole Ní Fhallúin, Lisa Ní Chormaic, Seosamh Guairim, Dónal Ó Súilleabháin & Sinéad Seoighe.



**Clapsholas an tsamhraidh agus oíche go maidin.**
*Ó chlé* - Joy Ní Chúaláin, Aisling Ní Chaodhna & Josephine Ní Allmhuráin.



Claire Ní Fhlatharta (ar chlé) agus Sarah Mae Ní Dhomhnaill.


# Ag filleadh ar an dúchas



**Pádraic Ó Caolla** as Damhros i gcuideachta a bhean mhuintireach, **Mary Pat Kelly** as Chicago sa lár agus bean mhuintireach eile, **Erin Gibbons,** ar dheis. Sa Siopa Leabhar sa gClochán a bhíodar ar an ócáid sa samhraidh seo caite nuair a seoladh an leabhar is deireannaigh atá scríofa ag Mary Pat Kelly, "Off Irish Blood". I nua Eabhrach a chónaíonn Mary Pat Kelly anois. Iar-léiríitheoir í ar an gclár teilifíse "Good Morning America".



An **Dr. Bob Connolly** as Los Angeles agus a bhean, **Nancy**, ar an Meall Rua i Muigh Inis sa bhFómhar seo caite. Tógadh an pictiúr seo i bhfothrach an tí a bhí ag sinsir Bhob Connolly – muintir Mhicil Phádraic Mhóir – ag ceann ó dheas na trá. Ba sa teach sin a rugadh agus a tógadh a shean athair an Dr Bob Connolly - Antoine Mhicil Phádraig Mhóir (Ó Conghaile).



# Ceol agus Comhluadar



**I dTeach an Phobail i gCarna –**
Nóirín Uí Shúileabháin ag bronnadh dlúthdhiosca dá cuid ceoil ar Ambassadóir Mheiricá, Kevin O' Malley. Beanchéile an Ambassadóra, Dena, ar dheis. Na ceoltóirí óga ina gcuideacha. Ba é an chéad uair é ag an Ambassadóir agus a bhean, Dena, a bheith ag Aifreann a bhí léighte i nGaeilge agus thaithnigh an ceol go mór leo, freisin.




**Ambassadóir Mheiricá go hÉirinn, Kevin O'Malley,** agus grúpa de mhuintir na háite leis ar shuíomh Ionad Cuimhneacháin na nImirceach ag an sean halla.
*Chun tosaigh, ó chlé:* Marie Ní Nídh, an tAthair Pádraig Standún, Yvonne King (as Cloch na Rón), Susan Uí Chatháin, Nóirín Mhic an Iomaire, Dena O' Malley (beanchéile an Ambassadóra), Kevin O' Malley (Ambassadóir Mheiriceá go hÉirinn), Bríd Uí Choisdealbha, Kevin Mac an Iomaire, Josie Curran, Ann Dowd & Máire T. Ní Mhadaoín.
*Líne Cúil, ó chlé:* Máirtín Ó Gríofa, Máirtín Ó Catháin, Josie Mac an Iomaire, Breandán Ó Súilleabháin, Eileen Davis & Nóirín Ní Shúilleabháin.

# Na Ceannabháin - Teaghlach an cheoil



Michael (Michael Mháire an Ghabha) ag ligean a scíth ar ghualainn Nóra!

Nóra Uí Cheannabháin – bhí trioblóid aice le slabhra an bhycicle! (Féach alt anseo)





Nóra (ar chlé) agus a col ceathrar as Bun na hAbhann – Mary Fallon.



Nóra agus a clann uilig in éineacht.

# Nóra Uí Cheannabháin - an saol san Aird Thoir agus teaghlach an cheoil.

*Eileen Davis & Máirtín Ó Catháin*

I Loch Con Aortha i gCill Chiaráin a rugadh Nóra Ní Shúilleabháin ar an 24ú Meán Fómhair, 1938. B'iad Ciarán Ó Súilleabháin as Loch Con Aortha agus Ann Grealish as Bun na hAbhann ar an gCaiseal a tuismitheoirí. Ba as Baile Conaola a máthair mhór – bh'shin í máthair a máthar. Bridget Little a bhí uirthi. Tá daoine muintireacha ag Nóra sa taobh sin tíre i gcónaí.

Sé bliana déag a bhí Ann Grealish – máthair Nóra – nuair a phós sí féin agus Ciarán Ó Súilleabháin. Shilfea go mbeadh deacrachtaí tuisciona ann i dtosach mar nach raibh aon Ghaeilge ag Ann agus nach raibh aon Bhéarla ag Ciaráin. Ach thángdar thairis sin!

Bhí beirt dheirfiúr ag Nóra a bhásaigh agus iad óg. Ní raibh Anne ach 6 mhí d'aois nuair a bhásaigh sí. Cailleadh Bairbre in aois a hocht mbliana déag san Ospidéal sa gClochán – mbuille uafásach eile ar theaghlach Uí Shúilleabháin.

Bhí athair Bhairbre – Ciarán – théis a bheith ag thiar ag breathnú uirthí sa gClochán ar maidin agus é ráite leis go bhfeabhsódh sí. Ach ní raibh sé ach cupla uair an chloig sa mbaile nuair a tháinig an scéala go raibh Bairbre básaithe. Dhá bhliain d'aois a bhí Nóra san am sin; níl aon chuimne aice ar a cuid deirfiúracha. Ach tá cuimhne aice ar an mbriseadh croí a bhí sa teach sna blianta ina dhiaidh sin.

Ceathrar deartháir a bhí ag Nóra Ní Shúilleabháin – Nóra Uí Cheannabháin. Ceathrar fear maith. Ach an oiread le go leor eile shaothraigh na Súilleabháin an saol. Is cuimhneach le Nóra go dtéadh a a máthair ó thuaidh amach thar Chnoc Mordáin agus siar an sliabh chuig a baile dúchais, Bun na hAbhann, ar cuairt chuig a muintir. Bheadh sé no seacht de mhílte de shliabh achrannach le treabhadh aice. Bhí deartháir ag Ann i mBun na hAbhann a raibh aithne mhaith air, Pádraic Ac Griallais a thugtaí air; dúradh gur an-fhear oibre a bhí ann. I mBéal an Átha Fada atá sé curtha.

Anois leis an gceangal le Bun na hAbhann a shoiléiriú ba deirfiúr le Pádraic Ac' Griallais - bhshin í Bairbre Ghrialais - a bhí ina máthair ag Mary Fallon atá i mBun na hAbhann anois. I Meiriceá a rugadh Mary Fallon agus phós sí Joe Fallon as Bléan Rí. Bh'shin iad tuismitheoirí Robbie Fallon, Pádraic Fallon (atá ina chónaí i gCarna) agus an teaghlach sin uilig – agus sean mhuintir Lisa Ní Fhallúin atá ar fhoireann na Scoile Pobail i gCarna. Ach, ar ais go Loch Con Aortha.

**Laetheanta Scoile agus an saol san am sin.**

I Scoil Loch Con Aortha, atá dúnta le go leor blianta anois, a chuaigh Nóra chun na scoile. Bhí Pádraic an Chosgordha as an Leathmhás ar dhuine de na múinteoirí a bhí aice. Ach, ar ndóigh, bhí oideachas eile seachas an scoil ann freisin - slí mhaireachtála na ndaoine agus an t-eolas a fuair tú ar leic an teallaigh sa mbaile.

Bhí leigheas ag máthair Nóra – bhshin í Ann as Bun na hAbhann. Tháinig daoine i bhfad agus i ngearr chomh fada léi agus iad ag súil go bhfaighidis faoiseamh ó thinnis cinn. Ag an duine ab óige den chlann a bheadh an leigheas a thagadh anuas chucú ó ghlúin go glúin, adeir Nóra. D'abraíodh a máthair paidir ós cionn an t'é a bheadh ag fulaingt agus ansin d'úsáidfí ruóg… ruóg a bheadh ag an t'é a thagadh le haghaidh leighis…. ar a chloigeann.

D'íoc an t'é a raibh an bua seo aige/aice as an mbua sin ar chaoi éigean; machall coirp a marc a bheadh air/uirthi. Mar shampla, bhí máthair Nóra maol – ní raibh ribe gruaige uirthi. Choinníodh sí seáilín ar a cheann i gcónaí go dtí an lá ar bhásaigh sí. Ansin a d'inis an Sagart an chúis a bhí lena cloigeann maol don teaghlach, adeir Nóra.

Tá Michael Mháire an Ghabh fágtha as an scéal againn go dtí anois, an fear séimh, cneasta, ceolmhar a bheadh ina leathbhadóir ag Nóra ar

feadh píosa mór den tsaol. “Cén chaoi ar chas tú le Michael” a d’fhiafraigh muid do Nóra. Bean ghéimiúil í Nóra agus tháinig meanga ar a h’éadan. “Well, alright, inseoidh mé an scéal dibh ó thús go deireadh”.



**Slabhra an bhicycle.**

**Seo é an scéal:** Bhí Nóra ag obair in Ospidéal Merlin Park i nGaillimh in éineacht lena cara Bríd Ní Shúilleabháin. Tharla sé go raibh an bheirt ar ais sa mbaile ar feadh cupla lá agus siar leo ag rothaíocht as Loch Con Aortha ar cuairt chuig Máire Ní Cheallaigh a bhí pósta ag Máirtín Ó Cualáin i nDuibhithir. Céard a bheadh ar bun an oíche sin ach ‘time’ – cóisir tí – i dteach Mháire Bríd Ní Chatháin, cara leis an mbeirt …..agus cé a bheadh ag casadh ar an ‘melodion’ ann ach Michael Mháire an Ghabh!

Bhí sé ina spraoi agus ina chraic ann ach bhí Nóra Ní Shúilleabháin ag tabhairt suntais i gcaitheamh na hoíche don cheoltóir. Súile gorma agus gruaig dhubh. “Fine thing” a mhico! Níl a fhios an ndeachaigh Michael amú ar nóta ar bith ceoil – ba dheacair é a chur amú – ach ní ar an melodeon uilig a bhí aird aigesan ach an oiread. Leathshúil anonn anois agus aríst aige ar ‘blonde’ na súile gorma.

Ag deireadh na hoíche bhí an bheirt ag cómhrá taobh amuigh den doras ach bhí cruóg mhaidine ar Mhichael. Chaithfeadh sé a dhul soir go Muigh Inis luath ar maidin ag breathnú ar bhó. Bhí ar Mhichael a dhul abhaile. Chuir an ‘blonde’ na mallachtaí ar na beithigh!

Ach fuire ort. An mhaidin d’ár gcionn, bhí an ‘blonde’ agus a cara Bríd ag teacht aniar baile Charna ar na bicycles ar an mbealach go Loch Con Aortha. Cé a d’fheicfidís ach Michael Mháire an Ghabh ag teacht anoir an bóthar théis dó a bheith i Muigh Inis. Léim Nóra don bhicycle – an slabhra, a dhiabhail. Bhí an slabhra tite don bhicycle! Thosaigh Nóra ag prácáil leis ach thug Michael an chruóg faoi deara agus tháinig anall. Chuaigh Michael ag “mechanicáil” ach ba ghearr gur thuig sé nach raibh tada as cor; bhí an slabhra chomh daingníthe agus dá mbeadh ancaire an Queen Mara fáiscíthe air. Ach daingníodh slabhra eile! Socraíodh “date” ansin i lár an bhóthair. Anonn agus anall idir an Aird Thoir agus Loch Con Aortha a bhí ann ina dhiaidh sin – bycicles ag imeacht as éadan agus gan marach ar shlabhra anois! Théadh Dara Bán in éineacht le Michael go Loch Con Aortha no go dtáinig an t-am go ndeachaigh Nóra agus Michael go Sasana.

**Pósadh iad i gCarna.**

Tháinig an bheirt abhaile agus phósadar i dTeach an Phobail i gCarna. Thug Nóra an gúna pósadh léi anall as Londain. Ba é an tAthair Donoghue, an Sagart Pobail, a bhí i mbun an tsearmanais. Ba é Pádraic Ó Súilleabháin a sheas le Michael agus ba í Lizzie Ní Cheannabháin a sheas le Nóra; rinneadh an socrú seo mar nach raibh deirfiúr ar bith le Nóra beo.

Bhí aon nduine dhéag clainne ag Nóra agus ag Michael- cúigear chlann iníon agus seisear mac, bail ó Dhia orthu uilig. Seo hiad na mná: Mary Ann, Bríd, Lizzie, Nóirín agus Caitríona. Na fir: Josie, Thomas, Michael, Pádraic, Marcus agus Pól. Teach cruógach a bhí ann. Tugadh an t-uisce i mbuicéid as an tobar agus níodh éadach i Loch na gCaorach. Ba dheacair éadaí a thriomú go minic; chrochtaí ar chathaoireacha iad in aice na tine san oíche sa gcaoi agus go mbeadh siad ar fáil do na gasúir ar maidin.

Tugadh na málaí plúir agus beatha ón siopa abhaile ar an rothar agus bhí arán le bácáil chuile lá.

Bhíodh Michael ag iascach. Phioctaí faochain agus bhaintí leorraíthe feamainne le cur chuig an

monarcha i gCill Chiaráin. Agus, ar ndóigh, bhíodh ceol ann. Bhí cáil ar na Ceannabháin as an Aird Thoir as a gceol i gcónaí ach ní raibh Nóra ar deiridh. Chas sí an 'melodion' agus ba mhaith uathu amhráin ar an sean-nós a chasadh freisin. Tharla sé ag Feis Charna go raibh Nóra (Ní Shúilleabháin as Loch Con Aorth an uair sin) istigh ar chómórtas na ndéagóirí; 16 bliain a bhí sí. Bhí buachaill eile as an Aird Thóir istigh ar an gcómórtas céanna – Micheál Ó Ceannabháin no Michael Mháire an Ghabh! Chas Nóra "Coinnleach Glas an Fhómhair" agus chas Michael "Johnny Seoige". Bhí cuid mhaith déagóirí eile ag casadh freisin. An toradh? An chéad áit ag Michael Mháire an Ghabh; an dara háit ag Nóra Ní Shúilleabháin! Ní raibh aithne ag ceachtar acu ar a chéile; bheadh sé scaiteamh eile blianta sul a dtitfeadh an slabhra don bhicycle!

Beagbeann ar thoradh an chomórtais bhfacthas do Nóra ariamh ó shin gur b'é "Johnny Seoige" an t-amhrán a bhfearr a chasadh Michael. Casann Nóra anois agus aríst an t-amhrán ar a dtugtar "The Village of Sweet Ardmore". D'abraíodh Michael gur amhrán grá a bhí ann a chuireadh an scéal sin acu féin i gcuimhne dó.

**Cuimhne ar choinnle geala.**

Tá an Nollaig againn aríst agus taithníonn an tráth seo bliana le Nóra. Dúisíonn sé cuimhní cinn agus feiceann Nóra aríst solas bóg na gcoinnle geala ag cuimilt an chuillin agus an eidheann. An saol nuair nach raibh an solas mór ar fáil. Thagadh Santa ina dhiaidh sin féin. Bhféidir nach mbíodh babóga ná bréagáin aige scaittí ach bhíodh féiríní eile aige… agus ba údar aoibhnis na rudaí simplí a thug fear na féasóige chuig an teach i lár na hoíche. Cuimhníonn sí ar Mhichael agus na daoine atá imithe agus ar an Nollaig mar a bhíodh sí. Ach tá an Nollaig go maith anois freisin agus tá a clann ag teacht chomh fada le seasta.

Agus muid ag labhairt le Nóra, agus ag fáil an eolais uathú, dúirt Eileen (Davis) go bhfuil muid i dtuilleamaí dhaoine ar nós Nóra as an oidhreacht atá roinnte aice lena clann agus lena gar chlann anois. Tá amhrán scríofa ag Pól – mac le Nóra – ar a dtugtar "Grá do Mháthar". Baineann sé le Nóra agus lena saol.

Ar ndóigh, is seampín Oireachtais é Pól ó anuraidh agus thug Pádraic chraobh na bhfear leis i mbliana. Cá ar fhága tú Caitríona, Josie agus chuile dhuine eile acu. Tá an ceol sa mianach agus tá an ceol sa gcroí.

Nár laga Dia í Nóra agus fad saoil di. Tá an pobal bródúil as an teaghlach uilig agus an cháil atá bainte amach acu do Iorras Aithneach. Agus Michael – ba ghnaiúil é agus bfhurasta a dhul chuige ag iarraidh ceoil. Ceol na bhFlathas dó an Nollaig seo agus Nollaig shona do Nóra agus a comhluadar gnaiúil as an Aird Thoir.



Sinn Féin
BUILDING AN IRELAND OF EQUALS

An Seanadóir

# Trevor Ó Clochartaigh

Ag obair ar son mhuintir na Gaillimhe, pobal na Gaeilge & na Gaeltachta



**Ag obair leis na Comhairleoirí/Working with Councillors – Tom Healy, Gabe Cronnelly, Dermot Connolly, Mairéad Farrell, Cathal Ó Conchúir & Anna Marley**

Oifig na Gaillimhe/Galway Office:
3ú Urlár/3rd Floor,
Teach Ross/Ross House,
Br. na gCeannaithe/Merchants Road
(091) 567921

nó/or

An Caorán Beag,
An Cheathrú Rua,
Co. na Gaillimhe/Co. Galway

R-phost/email: trevor.oclochartaigh@oireachtas.ie
Idirlíon/Web: www.trevoroc.com

Fón póca/Mobile: (00353) 87 2476624

# Monarcha Mhór Feamainne

## - Plean 1966 Ach i Mionlach seachas i gCill Chiaráin!

*Seosamh Ó Cuaig*

Ar an 18ú la de Mheán Fómhair 1964 d'fógair an tAire Tailte agus Gaeltachta Mícheál Ó Móráin, go raibh monarcha mhór feamainne le déanamh i Mionlach ar cholbha chathair na Gaillimhe ---"in the Connemara Gaeltacht" a dúradh sa ráiteas a foilsíodh ar an "Irish Independent". Bhí £1,000,000, (seanairgead) le caitheamh ar an monarcha seo, bheadh 60 duine ag obair inti i dtosach agus d'ardódh sé sin go dtí 130 de réir a chéile. Bhí suíomh 15 acra faighte i Mionlach.

Bainisteoir as Albain a bheadh i gceannas na hoibre agus chuirfí eolaithe anall as Albain leis na hoibrithe a thraenáil. Bhí an I. D. A. ar son na forbartha.

Ba iad an Roinn agus Alginates Ltd. a bheadh ina n-úinéirí ar an monarcha—na húinéirí céanna a bhí ar Arramara i gCill Chiaráin. Roimhe seo chuirtí an fheamainn mhillte go hAlbain ach anois dhéanfaí próiseáil bhreise uirthi sa monarcha seo i Mionlach.

Bhí alt rialta ag Proinsias Mac Aonghusa ar an "Sunday Independent" agus rinne seisean dlaoi mhagaidh den socrú ar fad. Dúirt sé nach raibh i Mionlach ach 191 duine agus nach raibh ann ach gallamaisíocht a bheith ag tabhairt monarcha Ghaeltachta uirthi. I gCill Chiaráin, i gCarna nó i Ros Muc ba cheart an mhonarcha nua a chur, a dúirt sé.

Bhí Mícheál Ó Móráin Charna ina chathaoirleach ar eagraíocht darbh ainm Coiste Forbartha na Gaeltachta agus ní raibh seisean ach an oiread sásta ná leathshásta. Dúirt sé nach raibh sé ina dhiaidh ar Mhionlach ach go raibh díomá air nach i gceartlár Ghaeltacht Chonamara a chuirfi an mhonarcha – i gCill Chiaráin nó b'fhéidir i Ros Muc.

Bhí sé féin agus Pól Ó Foighil ag obair as láimh a chéile ag an am agus chuir siad an litir seo leanas ag na nuachtáin:

*A chara,*

*The Minister for the Gaeltacht has taken the occasion of a letter to the Salthill Fianna Fáil Cumann regarding the siting of the new Alginate factory to attack "uninformed armchair critics" who assert that the factory should be sited at Cill Chiaráin. Will the Minister state:*

*1. If he announced this project as a £1,000,000 scheme for the Gaeltacht.*
*2. That it was sited within a half a mile of the centre of Galway city.*
*3. Whether the Corrib is the only source of water.*
*4. Where this supply is now to be had in Mayo or Donegal.*

*We resent the reference to armchair critics from a minister who has not visited the Connemara Gaeltacht for five years or who didn't even know Connemara had Irish colleges. The phrase "armchair critics" refers to no one more aptly than to the Minister himself.*

*We will be interested to see the final setting of the factory.*

*Is sinne, le meas,*
*Mícheál S. Ó Móráin*
*Pól Ó Foighil*

**Imní faoin mhonarca feamainne i nGaillimh – ar chúiseanna timpeallachta.**

Bhí imní ar lucht gnó chathair na Gaillimhe freisin. Chuir Uachtarán an Chamber of Commerce in aghaidh an mhonarcha a thógáil i Mionlach. Go fiú dá bhfaigheadh 100 duine obair inti níorbh fhiú é, a dúirt sé, nuair a bhí an chontúirt ann go scriosfaí tionscal na turasóireachta sa gcathair agus go gcuirfí as do mhonarchana feamainne eile ar an gcósta.

Dúirt G. L. Corbett nach raibh ann ach fógra ón Aire agus nach raibh an tÚdarás Pleanála sásta chor ar

bith. Dúirt Kerry O' Sullivan gur scrúdaigh an Dr. C.F. Mc Conn an mháthair-mhonarcha in Albain agus go sílfeá go raibh sé in aghaidh mhonarcha Mhionlaigh. Ach d'fhéadfadh an rialtas eolaithe eile a thabhairt isteach agus neamhaird a dhéanamh de phobal na Gaillimhe, a dúirt sé.

"Ni dheacha siad i gcomhairle linne," a dúirt Kerry O'Sullivan; "is mór an masla é do lucht gnó na cathrach seo a chuir a gcuid airgid i gcónaí i bhforbairt na cathrach."

Dúirt Kerry O'Sullivan freisin gur chuir Lord Killanin in iúl dhó féin go gcuirfeadh an mhonarcha nua as don soláthar feamainne go Cill Chiaráin agus go mb'fhéidir go gcaithfí an mhonarcha sin a dhúnadh dá bharr.

"Ní bheadh buntáiste ar bith do Ghaillimh sa monarcha seo," a dúirt C.E. Faller. "Sé an chaoi a scriosfadh an eisilteach a thiocfadh aisti an t-iasc agus na tránna."

Thug Oifigeach Sláinte an Chontae, an Dr. C.F. Mc Conn, a thuairim faoin scéal ina dhiaidh sin. Dúirt sé go raibh faitíos air go mbeadh an mhonarcha ró-ghar d'oibreacha uisce na cathrach.

**Litir ó Aire na Gaeltachta go chuig Cumann Bhóthar na Trá.**

Maidir leis an litir ón Aire go dtí Cumann Bhóthar na Trá a luaigh Mícheál Ó Móráin agus Pól Ó Foighil ba é Roibeard Ó Maoildhia a bhí ina Rúnaí ar an gcumann ag an am. Seo í an litir sin:

*I wish to refer to your letter of the 14th December, 1964, regarding the proposed Alginate factory at Menlo. The proposal to establish a large factory in the West of Ireland for the manufacture of alginates from seaweed was put forward in November, 1963. When approval in principle had been obtained from the Industrial Development Authority the search for a suitable site was begun.. The manufacture of alginates is a highly technical and specialised business which requires large-scale operation to make it economic. It was essential to the success of the project to find a site of about fifteen acres of reasonably level ground within economic reach of of an unfailing supply of ten million gallons of fresh soft water per week and with suitable means of disposal of the effluent from the process.*

*It was desired to locate the industry in the Connemara Gaeltacht within a reasonable distance from the seaweed beds but extreme difficulty was encountered in finding a site to meet the essential requirements set out above. The greatest difficulty of all was to locate a suitable water supply. It was found to be virtually impossible to get a suitable site with this enormous supply of water available in the Connemara Gaeltacht. In any location in which there might even be a possibility the question of Fisheries arose, which would obviously be wiped out if the Factory was to get its water requirements. It is therefore utter nonsense for the uninformed armchair critics to assert that the factory should be located in Kilkerrin.*

*Several visits were made by directors and top-level executives from Alginate Industries Ltd. And finally the inescapable conclusion was reached that the Corrib was the only source of water supply of the magnitude required.*

*Consideration was then given to the question of disposal of the effluent. It was proposed to pump it out for disposal in the sea. No doubt you have seen the report in the "Connacht Tribune" of the 19th December, 1964, on the investigation carried out by the Junior Chamber of Commerce. The large alginate factory operated at Girvan, Scotland, by Alginate Industries Ltd. Is situated three miles from the thriving seaside resort of Girvan. The alginate factory has been in operation for over twenty years and the effluent from it is discharged into the sea from a pipe terminating just below high water mark.*

*The river Girvan which flows into the sea at Girvan is a very good salmon and trout river. During the twenty years that the alginate factory has been in operation no objections have been raised by the residents of Girvan or by tourists either to the discharge of the effluent into the sea. Indeed it appears from the report of the Junior Chamber of Commerce that the local people consider that the alginate industry is their very oldest and best industry apart from the tourist industry.*

*Having regard to their experience at Girvan Alginate Industries Ltd. did not expect to encounter any difficulty or objections to the discharge of the effluent into the sea provided the discharge point was several miles away from any tourist beach.*

*Having completed their survey, the promoters concluded that to satisfy all their requirements it would be necessary to find a site at the Galway end of the Corrib and the search was concentrated on that area, and finally narrowed down to the Menlo district.*

***SITE FOUND***

*Here again extreme difficulty was encountered in finding, first of all, an area of about fifteen acres of reasonably level land and, secondly, finding an owner who would be prepared to dispose of such an area, but, eventually, in Febrary 1964, that is almost four months following the decision to set up the project, a site of approximately fourteen acres was secured in the townland of Terryland. This, and the adjoining townlands, are included in the "Limistéirí Gaeltachta" as defined by the Gaeltacht Areas Order, 1956, made by the Government on the 21st September, 1956.*

*During the negotiations concerning the site, discussions were begun with Galway City authorities concerning the disposal of the effluent. It was proposed to lay a pipe from the site along by Lough Atalia and approximately a mile into the sea to a discharge point on a line between Mutton Island and Hare Island, where it would be enormously diluted by the combined action of tidal flow and flow from the Corrib river.*

*However the authorities having analysed samples of the effluent expressed some doubts in the matter. Subsequently the Co. Medical Officer and the Public Analyst visited Girvan on the invitation of Alginate Industries Ltd. to examine at first hand the conditions there.*

*In a report issued by these officials they expressed some misgivings as to the effects of the discharge of the effluent on the fish life and on the appearance of the water even under the conditions of enormous dilution proposed. It should be stated that Alginates Industries Ltd. consider that the report of the officials represents fairly the conditions at Girvan and it is accepted by them as fair comment thereon.*

*The promoters were quite satisfied, particularly in view of their experience at Girvan, that no adverse effects could be expected from the discharge of effluent as proposed. The dilution would be as much as 1 in 8:000 and it was to be expected that the combination of river and ebbing tidal water would eventually carry the whole of the effluent out into the Atlantic.*

*Nevertheless, in light of the misgivings expressed by the County Medical Officer, Alginate Industries Ltd. have reconsidered the whole question of solid matter disposal and have decided that the solid matter should be separated from the effluent before the point of discharge of waste water from the factory site, and they are now conducting experiments to establish the best means of achieving this separation. The solid insoluble matter to be separated out is sterile, innocuous and inoffensive seaweed.*

*Application has been made to Galway Corporation for planning permission on the basis of the foregoing arrangements as to water supply and effluent treatment.*

*In summary, then, the site selected is the only one available to meet the essential requirements of this highly technical project, and no fears need be entertained as to detrimental effects on fisheries or tourist amenities.*

*If however the Local Authority and others there are opposed to the location of the factory, I will ask the promoters to have a look at the Mayo and Donegal Gaeltacht areas and see can their requirements be more effectively met in these areas.*

*Yours, sincerely,*
*Mícheál Ó Móráin,*
*Minister for the Gaeltacht*

**Suíomh bréa i gCill Chiarán fós …ach céard faoin soláthar uisce?**

I mí Eanáir 1965 thug Bardas na Gaillimhe cead pleanála don chomhlacht leis an monarcha a thógáil. Chuir siad chúig cinn de choinníollacha leis. Ní raibh ceann ar bith acu deacair a chomhlíonadh. Ach níor tógadh ariamh í. Níor éirigh liom a fháil amach fós cén chúis dháiríre a bhí leis an athrú intinne.

Cá bhfios nach dtógfaí fós é --- i gCill Chiaráin an iarraidh seo. Tá an suíomh breá ansin—Talamh Churraoin. Is dóichí go dtarraingeodh an t-uisce a theastódh caint aríst ach sin scéal eile.

arramara teo
Ireland's Premier Seaweed Processors

# Arramara Teoranta

## Tiomnaithe níos mó ná ariamh do bheith páirteach i bpobal Iorras Aithnigh agus Iarthair na hÉireann.



## Ag cothú Tionscail na Feamainne sna blianta romhainn ar mhaithe le:

- Slí bheatha lucht bainte na feamainne a chinntiú.
- Cur le fostaíocht sna ceantair cois cósta.
- An timpeallacht a choinneáil slán.
- Cur le gnónna áitiúil.
- Forbairt a dhéanamh ar Nuatheicneolaíochtaí Éireannacha.
- Bheith dílis do oidhreacht ceantair farraige an Iarthair.

# Iorras Aithneach i 2040?
## - 25 Bliain amach romhainn

Tá cúigear den nglúin óg ag caitheamh súil 25 bliain chun cinn in "Iorras Aithneach" na bliana seo. Anseo -

*Nóirín Bhreathnach*
*– Bainisteoir Margaíochta i gcomhlacht Arramara Teo.*

Bíonn muid uilig tuirsithe amach scaittí de bharr an fhuadair atá faoin gclog, faoin teicneolaíocht nua agus faoin saol uilig anois. Daoine ag imeacht agus daoine ag teacht abhaile – sior ghluaiseacht. Ansin fágann cuid acu siúd is gaire dá gcroíthe an saol seo agus, ar an taobh eile, fáiltíonn muid roimh na gasúir nua bheirthe. Ag breathnú dhom mar sin uilig ní fheicim go mbeidh aon athrú ollmhór ar an daonra.

Tá oideachas ar an nglúin nua nach raibh ann 25 bliain ó shin agus tá fiontraíocht agus dul chun cinn dá réir ag baint leo. Tabharfaidh sin deis níos fearr dúinn cónaí sa mbaile sna blianta romhainn. Is linn féin forbairt a dhéanamh ar na rudaí atá againn agus a chinntiú go n-eireoidh linn sa saol agus ina gcuid oibre.

Pé ar bith duine a dúirt é seo, silim gur aige a bhí an ceart: "Happiness doesn't come as a result of getting something we don't have, but rather by recognising and appreciating what we do have."

Ta cónaí orainn san áit is áille sa domhan; sin rud nach n-athróidh as seo go ceann 25 bliain. Tiocfaidh feabhas ar dheiseanna fostaíochta atá bainteach leis an ré seo sa saol. Ceart go leor ní thiocfaidh mórán comhlachtaí móra idirnáisiúnta go hiarthar na hÉireann.

Beidh muid ag obair píosa maith amach ó lárionaid gnó agus tabharfaidh an teicneolaíocht nua deis dúinn ceangal a dhéanamh leis an domhan mór ón ár mbaile féin. Ach caithfidh muid chuile spreagadh agus chuile uggach a thabhairt do 'entrepreneurs', do ghnónna beaga agus don fhostaíocht áitiúil. Níor mhór dúinn gníomhnú in éineacht le cosaint a thabhairt do ghnónna áitiúla, scoileanna áitiúla agus do sheirbhísí áitiúla.



"Álainn agus iargúlta" – sin leagan amháin ar nádúr na háite seo. Ach cuireann an iargúltacht sin teorainn leis na deiseanna forbartha agus fostaíochta. Má tá muid ag iarraidh go mbeadh rath ar an gceantar caithfidh muid na buntáistí atá anseo a fhorbairt go mór; ansin bheadh deis ag daoine óga fanacht anseo. Dá mbeadh an dul chun cinn sin ann bheadh borradh freisin faoi scoileanna an cheantair, ionaid ghnó, imeachtai spóirt agus caitheamh aimsire. Is linn féin an saol a mhúnlú sa gcaoi agus go mbeidh an ceantar níos fearr amach anseo. Níor mhór dúinn tosaí láithreach.

# NOEL GREALISH T.D.



**Oifig Toghcheantair**
**Briarhill Business Park**
**Briarhill**
**Gaillimh**

**T: 091 764807**
**F: 091 764974**
**E: noel.grealish@oireachtas.ie**




# Cashel House Hotel

**Tá muid oscailte ar feadh na Nollag agus na athbhliana.**

**Open all through Christmas and the New Year.**


**For family gatherings, special celebrations, birthdays and other events.**

*Come to stay, come for dinner, come in!*

Ní bhfaighidh tú áit níos áilne aimsir na Nollag nó ar feadh na bliana.

**Teileafón: 095 – 31001** **Facs: 095 - 31077**
**sales@cashelhouse.ie** **www.cashelhouse.ie**

# Pádraig Tom Photch
## – gnaiúlacht go smior ann.



Pádraig Tom Photch Ó Ceannabháin

Bliain í bhí inti seo a sciob uainn cuid de na daoine ba mhó a chuir le saol agus traidisiúin an phobail seo ….agus bhí Pádraig Tom Photch Ó Ceannabháin as Coill Sáile ar dhuine acu. Pébí áit ar thug a ghnótha, a chuid oibre agus a chuid ceoil é, bhí an cháil chéanna ar Phádraig: duine umhal, cineálta, séimh agus deabhéasach. Duine uasal.

Bhí an ghlúin óg chomh ceanúil céanna air agus a bhí an dream a bhí gaibhte amach sna blianta. ‘Speaneann sé nach n-déanann an uaisleacht idirdhealú ar bith idir óg ná aosta, cine ná cúlra. D’éag Pádraig ar an 18ú Bealtaine, 2015. Ár comhbhrón lena bhean Mairéad (Meaig Phaitín Labhráis as Ros Muc ó dhúchas), ceathrar chlann iníon agus beirt chlann mhac – Máirín, Margaret, Babba, Bridie, Tommy agus Patsy. Fágann sé gar-chlann agus go leor daoine muintireacha eile ina dhiaidh freisin.

Fágfaidh muid ag na filí anois é. Siad Paddy Mhéimí Ó Súilleabháin as Loch Con Aortha agus Máirín Mhichael Sheán Seoige uí Dhomhnaill as Tír an Fhia na scríbhneoirí.


**Pádraic Tom Photch**
**1933-2015**

Chonacthas i mbarr réime é
Is chonacthas é in ísle brí,
Le póit b’fhéidir
Anois is arís.
Ach ní i bhfad é
Mar bheadh sé ann dhuit
Ar an toirt.
Ag gach céilí Gaeilgeóirí
Nó sa halla oíche Domhnaigh
Siar sna blianta gan staonadh.

Ceoltóir, amhránaí, ’s seanchaí.
Bunchloch ár gcultúr Gaelach.
Gan cáilíocht a lorg
Ná luach saothair
Ach díreach a bheadh páirteach
B’in a thréithe,
Ach ag an am chéanna
Ag fáil aitheantas in ainneoin.
Fear sainiúil cráifeach,
Bródúil ach séimh,

Gan focal maslach le clos
Ó na bhéal.
Le cion ar chlann is comharsa
Mar aon.
Nach breá an t-oidhreacht sin le fágáil
Ag fear mar é.

Ní féidir an uair a sheachaint
Ach mar sin féin,
B’fhearrde muid do láithreacht
Roimh luí na gréin.



# Dán Pádraig Tom Phatch

1

Tá Pádraig Tom Phatch anois bailigh
Tá sé sintigh le tamall sa gCill
Tá Coill Sáile faoi bhrón is faoi scamall
Ó chailleadar fear an chairdín
Ba fear oibleagáideach lách é sa gceantar
Bhí fáil ar sa lá ,nó san oíche
Le uaigh a dhéanamh do dhuine a bhí marbh
Nó paidir a rá ós a chionn

2

Ba fear mór le spóirt is le 'craic' é
Is thaisteál sé gach áit sa tír
Ag Oireachtas, Drama , Fleadhanna agus Pléaráca
Ag casadh a chuid ceoil is ag gabhail fhoinn
Chasadh sé ansin lena chairde ag cuir síos
Is ag caint ar an saol
Is shocraíoch siad ansin idir eatarthu
Cá gcasfadh siad le chéile arist

3

Bhí sé píosa sula bhfuair sé aon aitheantas
Cé nach raibh a mháistir le ceol is gabhail fhoinn
Ach nuair a tosaigh amach an pléaráca
Sé an chéad duine é a bronnadh ar an t-éan
Théis tamall bhí Cupán 'Mhichael Mháire'
Is sé an chéad duine a fuair é arist
Is ní bhronnfaidh ar aon fhear níos fearr é
Mar a dúirt Beartla an oíche cheana amuigh Scríb

4

Ba seachtar a bhí ins an gclann ar
Tommy Bobby agus Bríd, Máirín, Margaret is Patsy
Is Nancy a bhasaigh óg ina saol
D'fhág sin é fhéin agus Mag bhocht
Faoi bhrón an chuid eile dhá saol
Mar arnú is rud é atá aisteach
Do chlann a bheidh romhat insa gCill
Íad imigh is tusa féin fanta
Nach dtéann sé in aghaidh nádúr an tsaoil

5

Bhí clár ar an raidio an lá cheana
Ag cuir síos ar a cháill is ar a shaol
Bhí cúigear nó seisear dhá chairde
Ó Bhearna go dtí an Chorradh Bhuí
Bhí a scéal féin ag gach duine don dream seo
Faoi Áthas, Brón agus Spraoi
Ach bhí siad ar fad ar aon intinn amháin faoi,
Nach raibh Pádraig ,tada gann as an Naomh


6

Beannacht Dé leat as an saol seo a Phádraig
Ní bheidh do leithide go deo ann aristi
Tá mé cinnte go raibh Peadar ag fanacht
Ag Oscailt an gheata le thú a ligeann thríd
Tá tú anois in sna Flaithis le do chairde
Ag cómhra, ag ceol ,is ag gabhail fhoinn
Is ag insint faoi na gcuid gasúir
Go Nancy is go Tommy Tom Chúinn.



Cumtha ag – Máirín Michael Sheán Seoighe ui Dhomhnaill ,Tirnea I gCuimhne ar Pádraig Tom Phatch a dfág slán leis an saol seo ar an Luan an 18ú Bealtaine 2015 Go ndéanadh dia trocaire ar na Mairbh..


Kavanagh's SuperValu, The Square, Clifden
Specialists in fresh foods
If you need any help in our fresh fish department or have any questions, I'll be happy to help you.
Just ask. Martina
Open 7 Days A Week
Fruit & Veg • Meat & Deli • Fine Range of Fresh Cut Cheese • Fresh Fish
Daily Lobster, Crab & Mussels • Off License • Instore Bakery • Household 180 Car Park Spaces
Kavanagh's
SuperValu
Real Food, Real People


Abbey
School of Motoring
GALWAY CITY AND COUNTY
Own Car / School Car
DIR Qualified Driver
All test routes covered
Car available for test
Dual Control Car
Block Bookings Available
Nervous Beginners
Welcome
Gift vouchers Available...
DIR IAM MSAI ADI
Manual & Automatic Car
Tel: 091 59 20 40
Mobile : 087 769 9222
Email: info@abbeydrivingschool.com

# Carna/Caiseal/Na Piarsaigh
## - dhá Chorn acu Faoi-12

**CLUICHE CEANNAIS SHRAITH NA CATHRACH**

Ar an gCéadaoin an ceathrú lá fichead de mhí an Mheithimh thug foireann Charna/Caiseal-Na Piarsaigh aghaidh ar fhoireann Uachtar Ard i Staid an Phiarsaigh i nGaillimh. Cluiche Ceannais Shraith na Cathrach faoi-12 a bhí ar siúl agus ní raibh ach an t-aon rud amháin ar intinn pheileadóirí óga Charna/an Chaisil – Na Piarsaigh agus b'shin Corn Nally a thabhairt leo, rud a rinne siad go slachtmhar.

Cluiche an-taithneamhach a bhí ann; an dá fhoireann ag imirt sár-pheil. Déirigh le Uachtar Ard dhá chúl a fháil luath go maith sa gcluiche ach tháinig Carna/Caiseal – Na Piarsaigh ar ais an-láidir le spiorad agus le misneach. D'imir cosantóirí Charna/Caiseal- Na Piarsaigh thar barr , bhí na himreoirí lár-páirce breá láidir agus na tosaithe an-chruinn.

Bhí sé suntasach go raibh chuile dhuine ar an bpainéal sin againne ag tabhairt céad faoin gcéad don chluiche agus ag imirt mar fhoireann. Bhí an dearcadh dearfach agus meoin staidéarach ag foireann Charna/an Chaisil-Na Piarsaigh le tabhairt faoi deara agus moladh ag dul don fhoireann bhainistíochta a dhéanann traeneail leo agus a réitíonn iad idir cholainn agus intinn don choimhlint.

Ag leath-ama sé an scór a bhí ann ná Uachtar Ard 2-1…Carna/Caiseal-Na Piarsaigh 3-6.

Chuir an dá fhoireann lena gcuid scóranna sa dara leath agus an lucht tacaíochta sa seastán ag spreagadh na bhfóirne chun cinn.
Ach nuair a chríochnaigh an cluiche, bhí an bua ag Carna/Caiseal-Na Piarsaigh. An scór:

Carna/Caiseal- Na Piarsaigh…4-10 agus Uachtar Ard…4-3.

Chrochadar leo Corn Nally siar go Conamara agus bhí tinte cnámha ó Chamus go Carna. Agus cloisfí tuilleadh faoin bhfoireann seo scaitheamh ina dhiaidh sin.

**CLUICHE CEANNAIS AN IARTHAIR**

Ar an 17-10-2015 d'imir foireann faoi-12 Charna/an Chaisil- Na Piarsaigh in aghaidh an Chlocháin in Uachtar Ard. Bhí an fhoireann sin againne ag súil go mór le cluiche ceannais an Iarthair mar go raibh an bua acu an bhliain seo caite sa "Shield" seo. Is iad Carna/Caiseal-Na Piarsaigh an chéad fhoireann a bhuach é dhá bhliain i ndiaidh a chéile.

Thosaigh an Clochán go láidir ach bhí an pheil a d'imir Carna/Caiseal-Na Piarsaigh i bhfad níos fearr – pasanna lámha, cruinneas sna pasanna coise agus scóranna galánta.
An scór deiridh: Carna/Caiseal-Na Piarsaigh..6-9; An Clochán…1-2.

Glacann lucht na fóirne míle buíochas le chuile dhuine a thug cúnamh i rith na bliana.
***Tá pictiúr den fhoireann seo agus na bainisteoirí taobh istigh ar an gclúdach cúil den leabhar seo.***



Mannin Bay Salmon

Naturland

BIO SUISSE

QUALITE F FRANCE

*Mannin Bay Salmon Company Limited.*

**Drinagh, Erislannan, Clifden, Co. Galway.**

**Tel: 00353 (0)95 21262**

**Fax: 00353 (0)95 21773**

**E-Mail: mansal@eircom.net**

**Irish Seafood Producers Group**

Cill Chiarain
Conamara
Co. na Gaillimhe
Fón: +353 95 33300
Facs: + 353 95 33453
www.ispg.ie


Cogar in do chluas
Cómhrá na mbó – Muigh Inis sa bhFómhar.

# Ar an mbóthar anoir



**Ceann de na radharcanna breatha ag teacht anoir an bóthar ó dheas i dtreo Iorras Aithneach.....Loch Foirnéise i gCamus.**

Buíochas le Seathrún Ó Tuairisc agus OEG.

# Anseo & Ansiúd in Iorras Aithneach



**Joe Mhaidín -**
badóir den scoth, in éadan na farraige anseo.



**Muintir Oileán Fhínse -**
Delia Uí Mhaoilchiarain (Delia Mhaidin) ar chlé agus a deirfiúr Máire Mhaidín ar dheis. Tá dearthair na beirte, Joe Mhaidín, nach maireann, taobh thiar.



**Pat Shéamuis Pháid (Ó Conghaile) as Gabhla agus a bhean, Maggie.**
Tá an bheirt acu ar shlí na fírinne. Bhíodh siopa acu i nGabhla - "P. Conneely".



**Máirtín Tom Sheáinín agus Nóra Uí Cheannabháin as an Aird Thoir.**
Ba é Máirtín fear an tí ag Ceolchoirm Éigse Mhichael Mháire an Ghabh i mbliana.

# Chas siad an bealach seo




**Ardal Ó Hanlon (Fr Dougal ar an gclár teilifíse "Fr Ted") in éineacht le foireann Tí Chadhain i gCill Chiaráin.**
*Ó chlé* - Patricia Ní Chonaire, Jennifer Ní Chonaire, Josephine Ní Cheannabháin, Brenda Ní Maolchiaráin, Meabh Ní Chadhain, Annemarie Uí Chadhain, Una Bhreathnach, Siobhán Seoige, Ardal Ó Hanlon, Colm Ó Neasa & Micheál Ó Cadhain.
*Chun Tosaigh* - Sarah Ní Maolchiaráin.




**Micheál Ó Cadhain** ag casadh le **John O' Mahoney, T.D.,** bainisteoir ar fhóirne na Gaillimhe nuair a bhuaigh siad craobhacha na hÉireann i 1998 agus 2001 – i gCill Chiaráin.



**Sorcha Ní Chaodhna as Gabhla ar dheis agus a col seisear, Megan Hammel as Indreabhán in éineacht leis an Taoiseach i gCarna.**



***Ó chlé* - Kevin O' Malley, Ambassadóir Mheiriceá; an Garda Máirtín Ó Gríofa agus Ellen Loftus.**

# Bliain eile i Scoil Phobail Charna



Leath bealaigh – daltaí an Triú Bliain, 2015



Ag tosaí amach – an Chéad Bhliain, 2015.

# Ceol Binn an tSaoil



Seán Mc Kiernan ag tabhairt léargais ar an bpib uillinn do Ambassadóir Mheiriceá, Kevin O' Malley agus a bhean Dena (at chlé). Nóirín Uí Shúilleabháin taobh thiar agus na ceoltóirí óga ag éisteacht go cúramach freisin i Séipéal Charna.



Aisling Ní Chaodhna as an Aird Thoir agus Patrick McCormack. Beirt de Debs na bliana seo.



….agus go n-éirí leo anois! Nuala Sheridan, iníon le Eileen Mc Tavish-Sheridan agus an fear a bhfuil sí geallta leis, Darius Sadeghian i Sasana.



Pauline agus Caitlín Ní Cheannabháin as an Aird Thoir.

# Céim, Ceol agus Comhluadar



Céim fáighte ag **Shibéal Ní Fhlatharta** as an Aird Mhóir a fuair Céim Onóracha den Chéad Ghrád MA Psychology in Ollscoil Aberdeen in Albain ar an 16 Meitheamh 2015.



**An tInnealtóir Ceolmhar – Pádraic Keena,** an tInnealtóir atá i gceannas ar scéim Ionad Cuimhneacháin na nImirceach i gCarna, ag gabhail fhoinn ag an gCeolchoirm a bhí san gCultúrlann i mBaile Átha Cliath ar an 10-10-2015. Iar-bhuaiteoir náisiúnta amhránaíochta é Pádraic agus casann sé an bosca ceoil freisin. Sé atá ina chathaoirleach ar Chomhaltas Ceoltóirí Éireann i gCo. na hIar Mhídhe.



**Ag ócáid i gCarna sna blianta siar -**
*Ó chlé* – Maria Puliafico (Greene) a mba as Muigh Inis a muintir, Michael Mháire an Ghabh agus a bhean, Nóra….agus Joe Puliafico.




# *1965 - Caoga Bliain ó shin*

Tá muid ag dul siar sna blianta anois – 50 bliain – mar a dhéanann muid i gcónaí i leabhar "Iorras Aithneach". An bhliain 1965. Thart in Iorras Aithneach a chaithfidh muid ancaire ach bhí go leor eile ag tárlú sa saol an bhliain sin.

Seo í **Gladys Waller**, an bhean óg a bhua an teideal "Miss Ireland" i 1965.

Ba as Contae an Chábháin d'í ….agus an carr a raibh sí suite ar? "Austin Seven".

Nóta beag – Tá cónai anois ar Gladys i Bailieborough i gContae an Chabháin théis d'i riar mhaith blianta a bheith caite aice i Sasana. Níl an tsláinte go ró-mhaith aice faoi láthair; guíonn muid biseach uirthí agus Nollaig mhaith d'i féin agus a comhluadar.

# Caoga Bliain Ó Shin - 1965



*Curtha i dtoll a chéile ag Seosamh Ó Cuaig*

**As Boston**
Tháinig daoine as an Boston Irish Club ar cuairt go hÉirinn. Ina measc bhí rúnaí airgeadais na heagraíochta Margie Quinn, a fear céile Charles, a máthair Mary agus a deirfiúr Mildred Allen. Bhí cáil mar dhamhsóir ar Mhildred i mBoston. Thug siad cuairt i gCoill Sáile ar Phat Dundass agus ar Nóra agus ar Chóilín Dundass agus ar Mháire.

**Geallta Bád**
Ag regatta an Chloiginn seo mar a chuaigh na duaiseanna sa rás curach sé bhuille: 1. P. Mc Donagh agus a chriú, Cloch na Rón. 2. Foireann "A" Arramara Teoranta.

Bhí dhá fhoireann ag Arramara ag geallta Loch an tSáile. Tháinig criú 1 sa dara háit sa réamhbhabhta –C. Coyne, M. Curran agus J. Ridge. Tháinig foireann 2 sa dara háit sa gcraobhchomórtas ---M. Dundass, P. Mc Donagh agus P. Dundass.

**Iasc ar Díol**
Bhíodh iasc ar díol chuile thráthnóna Déardaoin i siopaí an cheantair. BIM a d'eagraigh é.

**Rásaí Chill Chiaráin**
B'éigean rásaí bád Chill Chiaráin a chur siar coicís mar gheall ar dhrochaimsir. Chaill gliomadóirí potaí. Drochshéasúr a bhí acu ar aon nós mar cé go raibh gliomaigh fairsing agus praghas maith orthu bhí an aimsir go dona.

**Slata Mara**
Bhí Arramara ag iarraidh slata mara. £10 an tonna a bhí siad sásta a thabhairt orthu. Ní raibh teorainn ar bith leis an méid a cheannóidís.

**Scoil Éigse**
Bhí Ollchruinnniú Na Scoileanna Éigse agus Seanchais i nGairmscoil Mhic Dara. Seo cuid de na buaiteoirí:

*Filíocht nuacheaptha:*
I. Tomás Mac Eoin, an Cheathrú Rua
2. Peadar Mac An Iomaire, Aille Thiar. Duais faoi Leith; Tomás Ó Síoda, An Carn Mór.

*Agallamh beirte:*
1. Úna agus Bríd Ní Dhonnchadha, Ros a'Mhíl
2. Colm Ó hIarnáin agus Pádraig Cuach, Eoghanacht, Árainn.

*Gearrscéal:*
1. Johnny Chóil Mhaidhc, an Tulach
2. Peadar Mac an Iomaire, Aille Thiar.

*Díospóireacht:*
Colm Mac Craith, Glinsce agus Éamon Ó Conghaile, an Aird Thoir.

**An Ghairmscoil**
Bhí Gairmscoil Mhic Dara réitithe amach agus thosaigh na ranganna Dé Luain, an 8ú lá de mhí Feabhra. Ba é Aire na Gaeltachta, Mícheál Ó Móráin, a d'oscail go hoifigiúil í ar an 29ú Márta. £40,000 a chosain an Ghairmscoil. Ba é Ardeaspag Thuama, an Dr. Breathnach, a bheannaigh í agus léigh an tAthair Philibin Aifreann i gceann de na seomrai ranga.

Ba é Seán Ó Scanláin as Ciarraí a ceapadh ina Ardmháistir. Ar an bhfoireann teagaisc freisin bhí Ambrose Dalton as Gaillimh, Michael Twomey as Corcaigh agus Bríd Ní Fhátharta as an Spidéal. Gealladh go mbeadh ranganna oíche sa nGairmscoil chuile Mháirt agus Céadaoin. Dúradh ar an Tribune go raibh muintir na háite an-sásta go raibh an Ghairmscoil ann agus go raibh súil acu nach mbeadh an oiread céanna de na daoine óga ag dul ar imirce feasta. Bhí freastalaí ag teastáil sa nGairmscoil i mí Iúil. Fear a bhí uathu. Theastaigh 35 tonna móna sa nGairmscoil. 25 tonna a theastaigh i nGairmscoil na bPiarsach i Ros Muc.

Frítheadh amach roimh dheireadh na bliana go raibh fadhb leis an gcóras séarachais. Dúirt Príomhfheidhmeannach Choiste Gairmoideachais na Gaillimhe, Oliver P. Hynes, ag cruinniú a bhí ag an gCoiste gur iarr sé ar na hailtirí an cás a scrúdú.

70 dalta a bhí sa nGairmscoil agus bhí 25 duine fásta ag freastal ar ranganna oíche ag foghlaim cócaireachta agus siúinéireachta. Gealladh go mbeadh ranganna miotalóireachta acu an bhliain dar gcionn.

**Caiple Maithe**
Caiple a tógadh sa bparóiste seo a fuair na duaiseanna móra san RDS. Fuair Michael Clancy as an Spideal an chéad áit le "Atlantic Breeze" a thóg Festy Folan agus fuair James Lee as Maigh Cuilinn an dara háit le "Winter Seal" a thóg Pat Folan.

**Talmhaíocht**
I suirbhéireacht a rinneadh faoi chúrsaí talmhaíochta sa nGaeltacht dúradh an méid seo: "almost 80% of the Gaeltacht is classified as "other land" viz. mountain, bog and marshland. The proportion of "other land" varies widely as between different Gaeltachtaí; it is 24% in Ring and over 90% in the Carna-Rosmuck Gaeltacht."

**Capall Rása**
Bhí capall rása ag rith go minic an bhliain sin a raibh Carna mar ainm uirthi. Ba le Mrs Bryse-Smith í. Níl a fhios agam an bhfuil aon eolas eile ag aonduine fúithi?

**Coirleach**
Bhí £20 an tonna le fáil ar choirleach thirim.

**Soilse**
Bhí tuilleadh soilse á gcur suas i gCarna agus soir chomh fada leis an nGairmscoil.

**Muintir na Tíre**
Tugadh cruinniú poiblí le chéile i gCarna le craobh de Mhuintir na Tíre a bhunú.

**Stoirm**
Chuir stoirm mhór i mí Feabhra iasc i dtír ar Thairbeart agus ar Inis Toirc. Dúradh go bhféadfaí na bric a ithe. Nuair a hosclaíodh iad frítheadh gaineamh ina gcuid geolbhach. Ceapadh gurbh é an chaoi ar tachtadh iad.



**Seán Lemass.**
Toghadh é ina Thaoiseach arís i 1965.

**Gael Linn**
Bhí ionad reoite curtha i monarcha na hAirde ag Gael Linn. Na báid a thug siad ar léas do na hiascairí bhí siad íoctha anois acu. Bhí tonna gliomach in aghaidh na seachtaine á chur go dtí an Mór-roinn. Ní raibh chuile dhuine sásta, mo léan. Dúradh an méid seo ar an "Irish Press":

*"To many people it has seemed unfair that there is no lavish assistance given to those who live in equally difficult conditions outside Irish-speaking areas. Irish speakers might appear unnecessarily coddled and the assistance they receive must create some of the hostility felt towards the language movement."*

**Coiníní**
Bhí coiníní ag déanamh an diabhail i gcónaí i Maínis. Dúradh ar an Tribune go raibh trá Mháinse beo le coiníní. Bhí foghlaeirí as an gceantar agus cuairteoirí ag marú cuid acu. Ba mhór an chabhair an píosa nua bóthair go dtí an trá, dúirt siad, mar go raibh na foghlaeirí in ann a gcuid carranna a thabhairt síos ansin anois. Ba rud amháin, ar ndóigh, na coiníní a bheith ar an trá ach bhí siad sa reilig as éadan freisin. Pléadh an t-ábhar ag cruinniú de Chomhairle Contae na Gaillimhe agus foilsíodh an mhír nuachta seo ar an gConnacht Tribune:

*"When Ald. Fintan Coogan, T.D., asked at a meeting of Galway County Council who was responsible for the number of rabbits in Mynish graveyard, Carna, the Chief Assistant Co. Engineer, Mr. Seán Silke replied "I won't take that hare."*

**Céilí**
Ba iad Banna Ceoil Charna a bhí ag casadh ag céilí i Ros Muc i mí na Nollag.

**Bás**
Seo daoine a bhásaigh agus a raibh a n-ainmneacha sna nuachtáin:
*William Cunnane ag Tí Bhean Uí Mháille ar an Aird Mhóir. Ba shin é athair an Athar Seosamh Ó Cuinneáin (a bhí ina Ardeaspag ar Thuaim ina dhiaidh sin) agus beirt shagart eile, Gerard agus William. Bhí iníon leis ina bean rialta san Aetóip.
*Mary, baintreach Phat Molloy.
*Peadar Ó Caolla, an Aird Thiar.
*Thomas Cooke, Aill na Brún
*Alfred Mann. Ba shin é athair Nóra, Bean John Moylette. Clochartach as Carna a bhí pósta aige. Cailleadh ise roimhe.
*Pádraic Ó Clochartaigh, Maínis. Togha soar báid a bhí ann.
*Patrick Kavanagh, Port Laoise. Ba deartháir é le bean an tSáirsint a bhí i gCarna, Barney Sweeney.
*Mícheál Ó Dónaill, Coill Sáile.

**Gael Linn**
"A Revolution In Tiny Carna" an teideal a bhí ar an bpríomhalt ar an Tribune i Meán Fómhair. Bhí plean chúig bhliana ag Gael Linn leis an áit a chur chun cinn. Labhraíodh aríst ar an dá bhád déag a lig siad ar cíos leis na hiascairí. Míníodh go raibh umar mór déanta acu leis na gliomaigh a choinneáil beo ann agus go raibh siad ag fáil margadh dóibh sa bhFrainc, sa mBeilg, sa nGearmáin agus san Ollóinn. Bhí cuid de na hiascairí ag saothrú £40 (seanairgead) sa tseachtain. Bhí na mná ag déanamh lámhainní (gloves) agus ag cniotáil. Bhíothas ag súil go bhféadfaí beos a chur aríst sna beirtreacha muiríní a a ndearna an sioc mór scrios orthu i 1963/64. Bhíodh 33 cailín ag obair ag Gael Linn ag plé leis na muiríní. Bhí Gael Linn ag díol bradáin fhiáine ar an bposta agus bhí sé ar intinn acu na beirteacha oistrí a fhorbairt.

Ba é Leslie de hÍde a bhí ina bhainisteoir ag Gael Linn i gCarna.

**Dochtúir**
D'aistrigh an Dr. Noel St.John Hennessy as Carna go Rúscaí i gCo. Ros Comáin.

**Gaeilgeoir**
Bronnadh duais in Óstán an Bhóthair Iarainn i nGaillimh ar Mháire Ní Ghrifín as Baile an Locha i gCo. Ros Comáin. Ba í ab fhearr i Roinn na hArdteiste ag scríobh agus ag labhairt na Gaeilge ar an gcúrsa samhraidh i gColáiste Sheosaimh Carna an bhliain sin.

**Tuar Mhic Éadaigh**
Tháinig timpeall 60 iarscolaire as Coláiste Muire, Tuar Mhic Éadaigh, le chéile aríst. Labhair Bairbre Bean Mhic Eochagáin, Carna. B'ise a bhi ina huachtarán ar Chumann na nIarscoláirí. Bhí Mairéad Nic Dhonnchadha as an Aird (iarmhúinteoir sa gColáiste) i láthair freisin.

**Sean-nós**
Bhuaigh Máire Ní Eidhin as Cill Chiaráin ag an Oireachtas. Ba é Seán Ó Casaide a bhí ina mholtóir. Sa gcuntas a bhí ar an "Irish Press" mhínigh siad gur dhúirt Ó Casaide an méid seo fúithi:

*"She combined clear diction with artistry and an understanding of what a singer must do in the presentation of a song (in any language) to an audience which may or may not know the content of the song."*

**Joe Éinniú**
Bhí ceolchoirm i mBleá Cliath i Meán Fómhair. "The big hit of the show was Seosamh Ó hÉanaigh (Joe Heaney), the traditional folk singer from Carna," dúradh san "Irish Press". "The audience was with him all the way from the touching "Eileen Aroon" to the funny "The Rooshian and Johnny Morrisey."

**Liathróid**
Bhuaigh Mícheál Ó Cuaig as Aill na Brún liathróid i gcomórtas "Captain Mac" ar an "Irish Press"

**Cabaret**
Bhí cabaret Charna ar chlár teilfíse dar teideal "Aililiú".

**Tithe**
Bhí Coimisiún na Talún le dhá theach a thógáil i Maínis.

**Múinteoir**
Bhí an "experienced assistant mistress" ag teastáil i Scoil Mhaírois. Chaithfeadh amhránaíocht agus ceol a bheith ag an té a cheapfaí.

Comhairle Talmhaíochta
Bhunaigh Charlie Haughey Comhairle Talmhaíochta. 39 duine a bhí ar an gComhairle. Ar dhuine acu sin bhí Aodh Ó Domhnaill as Maínis.

**Dipeáil Chaorach**
Chuir Comhairle Contae na Gaillimhe "a mobile sheep dipping" unit" ar fáil i ndeisceart Chonamara. Umar dipeála a raibh tarracóir á tharraingt a bhí ann. £5 sa ló a chosnódh an tarracóir ar an gComhairle Contae, a dúradh. Dúirt Paddy Collins as Mionlach gur costas mór a bhí ann agus gurbh fhearr i bhfad umair bheaga dipeála a dhéanamh anseo agus ansiúd. Dúirt Rúnaí an Chontae, Liam Ó Luanaigh, gur ceantar an-scaipthe a bhí i ndeisceart Chonamara agus nach bhféadfaí a bheith ag súil go dtiomáinfeadh fear ar bith a chuid caorach cheithre mhíle bealaigh go dtí umar dipeála agus ar ais. Dúirt Johnny Geoghegan, T.D., gur cheart fiafraí de na feilméirí caorach an údáidfeadh siad an t-umar soghluaiste sula gceannófaí é.

Dúirt John Mannion as an gClochán nach mbeadh mórán céille le umar dipeála a dhéanamh chuile thrí mhíle as Bearna go Carna.

**Cruach Phádraig**
Chuaigh bus as Carna go bun Chruach Phádraig Domhnach na Cruaiche. 11s/6d an táille a bhí uirthí –ticéad singil.

**Na Coiníní Aríst**
Foilsíodh an litir seo a leanas ar an "Irish Press":

*Recently in a television discussion in Galway, a man raised the question of desecration of a graveyard by a plague of rabbits. I understand he was referring to the cemetery in the beautiful sand dunes at Mweenish, near Carna. What amazed me was the helplessness displayed by everybody, including the questioner.*

*If a Wexfordman was faced with the situation he would either (1) regard the presence of a large colony of disease free rabbits as a bonanza and proceed to catch them (using ferrets or lamps and sell them or (2) if he were not interested in doing that and wanted to get rid of the rabbits, he would procure a rabbit affected with myxomatotis (such rabbits are only too easy to come by) and put it into the colony which would result in all the rabbits dying in a few months.*

*I would prefer and recommend course (1). Beacause of scarcity due to the deadly "myxo", rabbits have become a luxury food but, believe it or not, a Connemara man would not dream of using one for a meal. Once I came across a lovely black rabbit in Rosmuck and when I suggested to a local who had a gun that he should shoot them and eat them, he looked at me with horror and said "níl siad inite, a Sheáin; tá mianach an chait iontu!" On further questioning I found that neither he or anyone else would eat grey ones either. When I mentioned that in France they eat snails, frogs, hedgehogs and even water rats or voles he gave me to understand that he regarded the French ( and he had met some of them in Boston and elsewhere) as only one degree removed from savages. "Tá an dream sin brocach, a Sheáin, chonaic mé iad, d'íosfaidís chuile chineál conúis." Verily many Irish people are just hopeless.*

*I sometimes think that like the attractive black rat which you seldom see now the original Irish rabbit was black.*

*The black rat has been almost entirely displaced by the ugly grey-brown one of foreign origin. The same appears to have happened in the case of the rabbits. Oh for a lunch of young Wicklow grazier curried with rice and celery. Maybe Monica Sheridan would give us a demonstration of rabbit cooking, helping indirectly to solve the Mweenish problem.*

*It appears to me that the Irish coinín for rabbit may be a form of the Danish word kanin. It is significant that there is no simple Irish word for hare; the term giorr-fhiadh literally means a short deer.*

*Yours,*
*J. Mooney,*
*Terenure and Killann*

**Comharchumann**
Bhí cruinniú i gCarna faoi chomharchumann iascairí a bhunú. Dúradh gur theastaigh tuilleadh margaíochta a dhéanamh ar na gliomaigh. Bhí Séamas Mac Riocaird as Beann Éadair ann. "You are on the edge of a goldmine—the finest fishing grounds in Europe," a dúirt sé, de réir mar a tuairiscíodh san "Irish Times".



**Ceann de na fóirne cumasacha currachaí a bhí ag Arramara leathchéad bliain ó shin:**
*An triúr chun tosaigh, ó chlé:* Michael Dundass, Paddy Dundass agus Pádraic Mac Donnchadha.
*Taobh thiar, ó chlé:* Marky Mac an Iomaire, Colm John Mac an Iomaire, Seán Ó Madaoin agus Joe John Mac an Iomaire.

**Dochtúir**

Bhí an fógra seo faoi phost dochtúra i gCarna san "Irish Times": "Locum wanted for dispensary and private practice in Connemara Gaeltacht. Extra salary. Any period of one week from now to the end of February. Excellent rough shooting. Doctor Hennessy. Telephone Carna 8." (An-fhear foghlaeireachta a bhí sa dochtúir Hennessy).

**Firéid**

Dúirt Fintan Coogan, T.D., gur thug sé grúpa ógánach amach as Gaillimh go Maínis. Bhí firéid, eangacha agus deiseanna eile seilge acu. Chaith siad timpeall cheithre huaire an chloig ann. Ní raibh ach cúpla coinín sa reilig an lá sin ach bhí neart acu sa talamh timpeall uirthi. Dúirt Coogan dá gcuirfí deis taistil ar fáil as Gaillimh go ngabhfadh ógánaigh amach go rialta leis an bhfadhb a réiteach. Ní raibh cinneadh ar bith leis na firéid, a dúirt sé.

**All Irish Bar**


Osclaíodh club lánGhaelach thíos staighre in Óstán an Bhóthair Iarainn i nGaillimh. Caitheadh £10,000 á réiteach. Cheap an Connacht Sentinel go raibh sé chomh breá lena leithéid i bPáras, sa Róimh nó i mBeirlín. Seachtar Gaeilgeoirí ó dhúchas as an nGaeltacht a bhí fostaithe ann—buachaill tábhairne agus seisear cailíní freastail. Chaithidís éide Gaelach líneadaigh agus bréidín agus chuiridís siamsa Gaelach ar fáil freisin. Naoi mbliana déag (19) a bhí duine acu, Peigí Ní Chualáin as Maínis. Naoi mbliana déag freisin a bhí Máirín Nic Dhonncha as Carna. Bhí sise ag traenáil le bheith ina banaltra i Sasana roimhe sin. Bá é Pádraic Mac Donncha as Rath Cairn an buachaill tábhairne (Pádraic Chóil Neaine Pháidín). Bliain agus fiche (21) a bhí seisean.

**Social**

Bhí social ag an West Galway Constituency Branch d'Fhianna Fáil in Óstán Warwick i nGaillimh. Don dream a bhí ag ceanbheasáil don Pháirtí san olltoghchán a cuireadh ar bun é. Bhí Johnny Geoghegan ann, Bobby Molloy, Gerald Bartley agus an Seanadóir Liam Ó Buachalla.

**Drámaí**

Bhuaigh Scoil Loch Con Aortha an chéad áit do ghasúir faoi 14 leis an dráma "An Sagart" ag Féile



**Sonny Liston sínte agus Cassius Clay (Muhammed Ali) ag fógairt air éirí.**
An troid chonspóideach i mbaile Lewiston i Stát Maine i 1965 nar mhair ach cupla nóiméad. Mar a tharlaíonn sé is sa mbaile mór sin atá cónaí ar an iar Sheanadóir Margaret Craven – Mairéad Mhattie Sheáinín as Leitir Ard.

Scoildrámaíochta na Gaillimhe sa Taibhdhearc. Fuair Áine Nic Dhonncha an duais don aisteoir ab fhearr. Ba é an scríbhneoir Eoghan Ó Tuairisc a rinne an mholtóireacht.

**Civil Defence**
Bhí taispeántas tarrthála ag beagnach 200 duine as an Civil Defence agus as Cumann Croise Deirge na hÉireann i nGaillimh. Lig siad orthu féin go raibh ionsaí déanta le buamaí as eitleáin ar an gceantar. "Operation St. Nicholas" a tugadh air. Bhí daoine as Carna páirteach ann.

**Stailc**
Bhí 45 de na 80 tiománaí a bhí ag CIE i gceantar na Gaillimhe coinnithe amuigh ag an gcomhlacht i mí an Mheithimh. Baill den National Busmens Union a bhí iontu. Ba leis an ITGWU an chuid eile. Dhiúltaigh an NBU gealltanas a thabhairt go n-éireoidís as na stailceanna aonlae a bhí ar bun acu ar son ardú stádais. Ar na háiteacha ar cuireadh picéad orthu bhí Carna.

**Olltoghchán**
177 vóta a shocraigh toradh an olltoghcháin i nGaillimh Thiar an bhliain sin. Bhí Fine Gael ag ceapadh go bhfaighidís dhá shuíochán den chéad uair ariamh ach ní bhfuair.

Toghadh Fintan Coogan ar an gceathrú comhaireamh agus 736 vóta le spáráil aige ach níor roinneadh iad mar go raibh an bhearna idir Pádraic Joyce, Fianna Fáil agus John Mannion, Fine Gael, níos mó ná 736 vóta. Lena rá ar bhealach eile, dá mbeadh 177 vóta eile ag Coogan roinnfí iad agus bheadh seans an-mhaith ansin ag Mannion. Séard a tharla gur cuireadh an té ab isle, Pádraic Joyce, F.F., as an áireamh agus gur thit an chuid ba mhó ar fad dá chuid vótaí ar Bhobby Molloy.

Ní dhearna Molloy chomh maith sa gcathair agus a ceapadh a dhéanfadh sé. An chúis a bhí leis go bhfuair Johnny Geoghegan an-lear vótaí i gcathair na Gaillimhe. Toghadh eisean ar an gcéad chomhaireamh.

**Peil**
I Sraithchomórtas Peile an Gheimhridh bhuail na Piarsaigh Carna – 3-4 in aghaidh 1-5.

Imríodh cluiche idir Carna agusan Clochán i gCarna. Seo mar dúirt an Tribune:
*"A great Carna team had to give best to a more experienced Clifden side in the Junior Football League at Carna."*

Bhuail Cloch na Rón Carna i gcluiche a himríodh i gCloch na Rón –0-6 in aghaidh 0-3.

I gcluiche cáirdiúil a himríodh i gCarna idir Carna agus Cloch na Rón chríochnaigh siad ar chomhscór. Ba é an Garda Gearóid Ó Síocháin a bhí ina réiteoir. Bhuail Rinn Mhaoile Carna i gCarna—3-7 in aghaidh 1-2.

**Uisce**
Ag cruinniú de Chumann Forbartha Chill Chiaráin socraíodh toscaireacht a chuir chuig Comhairle Contae na Gaillimhe faoin moill a bhí ar chóras uisce Chill Chiaráin, Choill Sáile agus Loch Con Aortha. Dúradh go raibh dhá bhunscoil, sa gceantar, halla pobail, monarcha, dhá phub agus 80 teaghlach nach raibh aon chóras uisce reatha acu.

**Craobh na hÉireann**
Chuir Mícheál Ó Móráin fáilte ar son Chumann Peile Charna roimh fhoireann na Gaillimhe a bhuaigh Craobh na hÉireann. Ag an gcéilí i gCarna a labhair sé. D'fhreagair caiptín na Gaillimhe, Enda Colleran, ar son na foirne.

**Carna Bobby**
Bhí an stail Carna Bobby ag Patrick Lally ar an nGort. 14.2 lámh ar airde a bhí sí. £5 an capall an táille a bhí aige.

**Soilse**
Lasadh aon cheann déag de shoilse poiblí i gCarna. Ní raibh ann ach dhá sholas poiblí roimhe sin. (An bhfuil a fhios ag aonduine cá raibh an dá sholas sin?)

**Peil sa gContae**
Thug Rúnaí Bhord an Iarthair, Pat Taylor, tuairisc ar chúrsaí peile sa taobh seo den chontae. Dúirt sé go raibh 47 cumann cláraithe leo "and new clubs such as Carna and Cloch na Rón had affiliated after a temporary lapse."

**Léacht**
Thug Caoimhín Ó Danachair léacht i nGairmscoil Mhic Dara dar teideal "Tithe Tuaithe".

**Coláiste Gaeilge**
D'fhreastal 800 dalta ar Choláiste Gaeilge Sheosaimh. Dhá chúrsa a bhí ann. 100 dalta a bhí acu nuair a thosaigh siad i 1960. Coiste as an bparóiste a bhí i gceannas.

Bhronn Cathaoirleach an Choiste Paróiste, Mícheál Ó Móráin, duaiseanna ar na daltaí ab fhearr ag ócáid a bhí in Óstán an Bhóthair Iarainn i nGaillimh. Bhí suas le 22 múinteoir ag múineadh na nGaeilgeoirí i scoileanna an pharóiste agus sa meánscoil. Coinníodh 100 de na daltaí ar lóistín sa "hostel" ag an meánscoil. Ba é an tAthair Séamus Breathnach a bhí ina rúnaí ar an gcoláiste.

**Imirt Chártaí**
Imríodh cluiche cártaí 25 ar mhaithe le Cumann Peile Mhic Dara. Ba iad seo na buaiteoirí: Val Ó Gaora, Leitir Deiscirt, Pádraic Ó Nia, Carna agus Tomás Ó Curraoin, Carna.

**Scéala Chuig Aire**
Shocraigh Coiste Forbartha Chill Chiaráin scéala a chur chuig an Aire Rialtais Áitiúil, Niall Blaney, gur theastaigh córas uisce go géar sa gceantar. Bhí sé bliana caite acu ag déanamh achainí ar an gComhairle Contae faoi, a dúirt siad. Ba é Des Nolan, bainisteoir Arramara Teoranta, a bhí ina rúnaí ar an gCoiste. Dúirt seisean go raibh Cill Chiaráin ag cailleadh turasóiri de bharr easpa uisce.

**Arramara**
Bhí Arramara Teo ag iarraidh cead pleanála leis an bpríomhstór a mhéadú.

**Céibheanna**
Bhí Bord na nOibreacha Poiblí le suirbhéireacht a dhéanamh ar chéibheanna sa gceantar: Cill Chiaráin, An Aird Mhóir, Maíros, Glinsce, an Portach.

**Damáiste**
Ceadaíodh £8/10/0 do Sheán Nolan as Bleá Cliath sa gcás a thug sé in aghaidh Chomhairle Contae na Gaillimhe faoin damáiste a rinneadh dá charr nuair a gearradh na rothaí uirthi ar an Aird Mhóir. Leagadh an costas ar mhuintir an toghcheantair.

**Cuairteoir**
Thug Mrs. Arote, Uachtarán an A.C.W.W. (eagraíocht domhanda bantrachta, cuairt ar Chonamara. Bhí Eileen O'Malley as an I.C.A. in éineacht léi. Chuaigh siad go Teach an Phiarsaigh agus as sin go Tí Phat Mór Mac Donncha i Loch Con Aortha. Chuir na gasúir léiriú den dráma "Eoinín na nÉan" ar fáil dóibh.

**Scoláireacht**
Glaodh ar Ina Ní Eidhin as Cill Chiaráin go dtí Coláiste Oiliúna Charysfort. Fuair iníon an tSáirsint Mac Suibhne, Mary, isteach i gCarysfort freisin.

**Lá Fhéil' Ciarán**
Dúirt an Tribune go raibh ceol agus damhsa faoin aer i gCill Chiaráin Lá Fhéil' Ciarán.

**Dochtúir**
Bhí post sealadach á thairiscint do dhochtúir i gCarna. £1,230 sa mbliain an tuarastal a bhí luaite.

**Uisce Chill Chiaráin**
D'fhiafraigh Johnny Geoghegan sa Dáil cén uair a dtosódh scéim réigiúnach uisce Chill Chiaráin. Dúirt an tAire Niall Blaney gur cuireadh na réamhphleananna chuig an Roinn ar an 22 Meán Fómhair agus go raibh siad á scrúdú. Ní fhéadfadh sé a rá cén uair a dtosófaí ar an scéim.

**Cluiche Peile In Árainn**
Imríodh cluiche peile in Inis Mór idir foireann cuairteoirí agus foireann as an oileán. Ag peileadóirí an oileáin a bhí an lámh in uachtair – 4-10 in aghaidh 2-4. Ba é an Garda Seán Mac an Iomaire as Ros Dugáin a bhí ina réiteoir.

**Regatta Eile**
Tháinig foirne as Arramara Teoranta sa gcéad áit agus sa tríú háit ag rásaí na gcurach in Uachtar Ard. Sa gcéad áit bhí P. Ó Neasa, C. Ó Cadhain agus M. Ó Curraoin. Seo iad a bhí sa tríu háit: M. Ó Neasa, P. Mac Donncha agus D. Ó Nualláin.

**Turas go hÁrainn**
Tugadh daltaí as Coláiste Gaeilge Sheosaimh go hÁrainn. B'éigean cúpla aistir a dhéanamh leo.

**Óstán Mhongáin**
Bhí iarratas pleanála istigh ag Mac Moylette le caoi a chur ar Óstán Mhongáin.

**Gliomadóirí**
Dúirt an Tribune ar 15 Bealtaine go raibh gliomadóirí Charna ag fanacht le dea-aimsir le tamall. Chuaigh siad amach an Luan roimhe sin agus fuair siad slám maith gliomaigh agus cráifiscí.

**Cúrsa**
Ba é Pádraig Ó Cosgordha a bhí i gceannas ar chúrsa Civil Defence sa gClochán.

**Feamainn**
Thug an bád lastais an "S.S.Rule" 500 tonna feamainn mhillte go hAlbain. Bhí an-mhargadh ann di, rud a chiallaigh go raibh na hoibrithe i monarcha Arramara ag obair lá agus oíche anois.

**Damhsa**
Bhí a ndamhsa bliantúil ag foireann Arramara Teoranta i Halla Chill Chiaráin. Ar an gcoiste eagraithe bhí: Deasún Ó Nualláin. Ted McGauley, Seosamh Breathnach, Seán Ó Flatharta, Máirtín Ó Curraoin, Pádraig Dunworth, Seosamh Mac an Iomaire agus Olive Breathnach.

**Taighde**
Bhí dhá scór (40) scoláire ag déanamh taighde ar chúrsaí mara i Maínis. Ba iad Máirín De Valera agus Pádraig Ó Céidigh a bhí i gceannas.

**Díospóireacht**
Fuair foireann as Meánscoil Sheosaimh an chéad áit i gCraobh Chonnacht de chomórtas díospóireachta Ghael Linn. Fuair siad an tríú háit sa gcomórtas náisiúnta i mBleá Cliath. Ba iad seo an fhoireann: Máire Ní Chatháin, Pádraicín Ní Chuaig, Nóra Nic Eochagáin agus Ina Ní Eidhin.

**Cabaret Charna**
Chuaigh "Cabaret Charna" go hInis go dtug siad taispeántas ceoil, damhsa agus amhránaíochta ann. Ní raibh siad i bhfad bunaithe ach bhí a gcáil ag méadú. Ó facthas ar an teilifís iad bhí siad ag fáil cuireadh as cuid mhaith áiteacha in Éirinn. Go Luimneach a bhí siad le dhul an chéad iarraidh eile.

**Léacht**
Thug an tOllamh Liam Ó Buachalla léacht sa nGairmscoil dar teideal "Oideachas an Lae Inniu".

**Bóthar**
Cuireadh caoi ar an mbóthar idir Carna agus an Aird Mhóir. Dúradh ar an bpáipéar go raibh 35 fear ag obair air agus 25 eile sna cairéil. Meastú an raibh?

**Garda**
Fuair Albert King as Dúithir glaoch go dtí ionad



**Na Beatles.**
I mbarr a réime i 1965. Bhí "Help" ar cheann de na "hits" a bhí acu an bhliain sin.

traenála na nGardaí sa Teampall Mór. I Meánscoil Sheosaimh a fuair sé a chuid meánscolaíochta. Fuair sé onóracha i scrúdú na hArdteistiméireachta. Chaith sé seal ag obair san oifig sa monarcha biatais siúcra i dTuaim.

**Sáirsint**

Chuaigh an Sáirsint Marcas Breathnach amach ar pinsean i stáisiún Thobar Pheadair i ndeisceart na Gaillimhe. B'as Cill Chiaráin é. I 1935 a chuaigh sé isteach sna Gardaí. Chaith sé tréimhsí sa Daingean i gCiarraí, i Leitir Fraic, ar an Líonán agus i Maigh Cuilinn. Rinneadh Sáirsint de le linn dó a bheith i Maigh Cuilinn agus chuaigh sé i gceannas ansin ar stáisiún Ros Dumhach i gCo. Mhaigh Eo. Bhí an-mheas aige ar an nGaeilge agus ba bhreá leis a bheith á labhairt, leis na gasúir go haithrid. Thug sé tacaíocht i gcónaí do Chonradh na Gaeilge.

**Na Coiníní Aríst Eile**

I gclár a bhí ar Theilifís Éireann "Open House" a craoladh as Gaillimh cháin duine de na cainteoirí Comhairle Contae na Gaillimhe faoi nach raibh siad ag cosaint reilig Mhaínse ar na coiníní. Dúirt sé gur ceap magaidh a rinneadh den scéal nuair a pléadh é ag cruinniú den Chomhairle. Tharraing sé sin tuilleadh cainte ag an gcéad chruinniú eile. Dúirt an Cathaoirleach, Michael Carty, T.D., nár chuimhin leis féin gur pléadh chor ar bith é agus go mbeadh iontas air dá bpléifí féin go dtosódh magadh faoi. Mhínigh Johnny Geoghegan do thuairisceoir as an Tribune gurbh eisean a tharraing anuas an cás agus nár chuimhin leis aon mhagadh a chloisteáil. Cheithre bliana déag roimhe sin, dúirt sé, chuir sé in iúl don Chomhairle gur theastaigh caoi a chur ar sconsa na reilige agus geata a chrochadh. Mheas innealtóir an Chontae gur £15/10/0 a chosnódh an obair sin. Dhá bhliain ina dhiaidh cuireadh tuairisc ó chigire sláinte os comhair innealtóir an Chontae faoin reilig. Dúradh sa tuairisc go raibh an sconsa sách maith ach go raibh an reilig féin agus an talamh timpeall uirthi foiricthe le coiníní. Fiafraíodh den Phríomhfheidhmeannach Talmhaíochta cén chaoi ab fhearr a bhféadfaí fáil réidh leo. Ní raibh aon réiteach aigesean ar an bhfadhb. An bhliain seo a bhí i gceist, 1965, tharraing sé anuas an cás arist, dúirt sé, ach fós bhí an tInnealtóir Contae ag rá nach raibh aon bhealach éasca ann le fáil réidh leis na coiníní. Ba é an freagra céanna aríst é. D'fhéadfaí coiníní a thabhairt isteach a mbeadh an galra myxomatosis orthu, dúirt sé, ach céard a tharlódh ansin dá n-íosfadh duine eicínt geampa de choinín a bheadh tolgtha agus go bhfaigheadh sé bás? Mheabhraigh sé nach raibh freagracht ar an gComhairle Contae ach as an sconsa agus as an ngeata; ba le le gaolta na marbh aire a thabhairt do na huaigheanna.

**Teach Ar Cíos**

Bhí teach le ligean ar cíos in aice le trá sa bparóiste ó 12 Meitheamh go dtí 12 Lúnasa. £40 sa mí a bhí siad a bhaint amach.

**Gealltanas Pósta**

Foilsíodh gealltanas pósta idir Pádraic Ó Gaora, Carna, agus Annette De Búrca, Baile Atha Cliath.

**Seó An Chlocháin**

300 capaillín a bhí ag Seó an Chlocháin an bhliain sin. Scríobh Larry Sheedy an píosa seo i gceann de na nuachtáin:

*"I met John Walsh and William Moylan from Carna, two very experienced men with ponies who have been keeping one or two of them all their lives. They both had a strong impression that ponies were becoming very scarce around Carna for lack of young people to look after them. However they felt it was a feasible proposition to breed foals and sell them at about six months. This was justified by recent prices of £40 to £60 and even up to £70 for a good one."*

**Stewart Golder**

Bhí cur síos ar fhear darbh ainm Stewart Golder as Londain ar cheann de na nuachtáin. Dúirt an scríbhneoir gur i gCarna a casadh dhó i dtosach é. Bhí an méid seo le rá aige a dúirt sé:

*"The West of Ireland has one of the most beautiful coastlines in the world. I had one of the most wonderful holidays there even though we had rain on many of the days."*

**Ceannfort Gardaí**

Cuireadh fáilte i gCúirt Dúiche Ros Comáin roimh an gCeannfort M.J. O'Flaherty. Bhí sé aistrithe as Cathair na Mart go Ros Comáin. Dúirt an dlíodóir P.C. Sweeney an chaint seo faoi: "He comes from a beautiful place called Carna. But Roscommon is also a beautiful place. Supt. Flaherty is a big man but like all big men he is very gentle. I understand he is not married but we might fix that here."

**Nóra Cloherty**

Bhí Nóra Cloherty ina heagraí Gaeltachta ag an I.C.A.



# Ag Gardáil na Tíre



**Liam Mac Cosgair ar chlé agus a dheartháir, Micheál Mac Cosgair ar dheis.**
Tógadh an pictiúir seo ag sean bhearraic na nGardaí i gCarna thart ar 1930. Chaith Liam agus Micheál scaitheamh ag dul chun na scoile – thiar ag an sean halla- i gCarna an bhliain sin. Mar a fheiceann sibh, bhí an tsean bhearraic an-ard. Bearraic RIC a bhí inti agus dúradh nach raibh sí ceaptha do Charna sna pleananna, ach gur tharla botún.
Le himeacht aimsire toghadh an buachaill beag, Liam Mac Cosgair (Liam Cosgrave) ina Thaoiseach ar Éirinn (1973-1977).



Zetland House Hotel agus Bar Johny O' Loghlens

An Caiseal, Conamara, Co. Na Gaillimhe


Telefón: 095-31111 www.zetland.com info@zetland.com

Bar Food served Daily from 12:30p.m.- 9:00p.m.

Live Music every Sunday from 7:30p.m
All types of functions catered for.



# Lough Inagh Lodge Hotel



LOUGH INAGH LODGE
RECESS • CONNEMARA
1880



**Recess, Connemara, Co. Galway, Ireland**
**Tel: 095 34706 Fax: 095 34708**
**email: inagh@iol.ie**

**http://www.loughinaghlodgehotel.ie/**

lightnet
CONNECTING YOU

**Lightnet Introduce New Packages with Speeds up to 20mb!**
Supplying customers with high quality, fast, reliable and affordable internet access.
Broadband consumers in Galway and Clare can now experience the very best in internet technology.

**No Phone line required**

**Call 091 395804 or visit www.lightnet.ie**

lightnet
CONNECTING YOU

Peter Keane
Clifden

Aerials, Satellite Dishes, Sales, Repairs, Service,
Lightnet Broadband



*Servicing Carna/Kilkerrin weekly*

095-21827

0876687468

pkeane.sky@gmail.com



Go n-éirí leis an Irisleabhar

# In Átha na Fuinnseoige chúig bhliana fichead ó shin
## - Agóid ag Ashford Castle

*Seosamh Ó Cuaig*




**Ag iarraidh go mbeadh bóithre maith i gConamara ag cruinniú na nAirí Eorpacha in Átha na Fuinnseoige (Ashford Castle) 25 bliain ó shin.**
*Ó chlé* – Pádraig Ó Cosgordha, Colm Ó hUaithnín, Susan Uí Chatháin, Máire T. Uí Chuinneagáin, Pádraig Seosamh Ó Conghaile, Bríd Uí Chatháin agus Tomás Ó Nídh.

Chúig bhliana fichead ó shin rinne muid agóid ag Ashford Castle faoi dhrochstaid na mbóithre i gConamara. Bhí an eagraíocht "Cumhacht" gníomhach ag an am agus bhí "Cumhacht" agus Coiste Forbartha Charna ag comhoibriú le chéile an lá sin. Ní hé go raibh aon cheangal oifigiúil eatarthu ach bhí chaon dream acu buartha faoin mbail a bhí ar na bóithre agus fonn orthu aird náisiúnta a tharraingt ar an gcás.

Airí as tiortha ar fud na hEorpa a bhí ag teacht le chéile in Asford Castle. Bheadh Aire Comhshaoil na tíre seo, Pádraig Flynn, i gceannas ar an tionól. Bhí a fhios againn go maith go gcuirfeadh lucht rialtais fáilte bhreá roimh na boic mhóra as tíortha eile na hEorpa agus bhí muid lánchinnte freisin go mbeadh an-fháilte ag Pádraig Flynn roimhe féin: ba deacair polaiteoir níba móiréisí ná é a fháil in áit ar bith. Is maith is cuimhneach liom a bheith ar

bhus Chumhacht agus muid ag déanamh ar an gCaisleán. Bhí Gardaí ar dualgas ag chuile chrosbhóthar. Nuair a shroich muid an áit chuaigh muid ar picéad taobh amuigh den gheata mór. Bhí na Gardaí agus lucht an Bhrainse Speisialta ag coinneáil súil ghéar orainn.

Chuaigh mé féin anonn go dtí oifigeach a bhí i gceannas orthu agus dúirt mé leis nár chall dóibh a leathoiread imní a bheith orthu, gur agóid shíochánta ar fad a bhí i gceist againne. "I'm glad to hear it," ar seisean. Agus mé ag casadh uaidh d'fhiafraigh mé de an mbeadh seans ar bith go bhféadfadh muid toscaireacht a chur isteach chuig Pádraig Flynn agus chuig na hairí eile sa gcaisleán. "I'll see what I can do, a dúirt sé.

Nach orainn a bhí an t-ionadh tamall ina dhiaidh sin nuair a tháinig carr stáit amach chuig an ngeata agus cúpla oifigeach slándála inti. Piocaigí toscaireacht anois, a dúirt siad, agus tagaigí isteach. Ba iad an cúigear a toghadh Tomás Ó Nídh, Máire T. Uí Chuinneagáin, T.P. Ó Conchubhair as Ciarraí a bhí ar Bhord Údarás na Gaeltachta, an Comhairleoir Peadar Ó Tuathail agus mé féin.

Chuir Pádraig Flynne fáilte Uí Cheallaigh romhainn, nó lig sé air féin gur chuir. An-fhear plámáis a bhí ann. Rinne sé iarracht an dubh a chur ina gheal orainn ach ní raibh se éasca aige, go háirthid agus Jim Fahy agus a chriú teilifíse as RTE i láthair. Mar a dúirt Peadar Ó Tuathail leis an gConnacht Tribune:

*"He did a lot of waffling when the realities as regards roads in Connemara were put to him. He is talking about millions of pounds being spent but an awful lot of those millions are being pumped into National Primary Roads and National Secondary Roads."*

Bhí lucht Fhianna Fáil i gConamara ar buile ar fad faoi gur chas an tAire Comhshaoil chomh héasca sin linn. Bíonn muide ag iarraidh a ghabhail chun cainte go minic le Airí, a dúirt siad, agus ní i gcónaí a éiríonn linn. Maidir leis an tuairisceoireacht a rinneadh sna nuachtáin náisiúnta ar an agóid bhí an méid seo ag Michael Finlan ar an Irish Times.

**FLYNN AGREES TO TOUR POTHOLES**

About 60 people picketed Ashford Castle, Cong, during the EC environment ministers meeting on Saturday, protesting at "the desperate state" of the roads in Connemara.

The Minister for the Environment, Mr Flynn, who was hosting the meeting, later received a deputation from the picketers and agreed to visit Connemara to inspect the roads.

The picket was organised by the Carna Development Association, which issued leaflets that read: The deplorable condition of the roads is hindering all worthwhile industrial and social development in the area. People's morale and self-esteem must suffer when having to negotiate pothole-ridden country roads for the necessities of life."

Some members of Fianna Fáil in Connemara were yesterday organising "an emergency meeting" on the roads situation to be held tonight. There is said to be much anger at the Government among local Fianna Fáil members over its lack of action on road conditions.

Bhí roinnt daoine i gCumhacht míshásta iad féin faoin tuairisc sin. Lá arna mhárach bhí ceartúchán istigh ag an Times: Contrary to what was stated in a report in yesterday's editions headed "Flynn agrees to tour potholes", the picket outside Ashford Castle on Saturday had been organised by Cumhacht, a group lobbying for better roads in Connemara, with participation by the Carna Development Association.






SEÁN KYNE TD
Galway West Constituency

Oifigí Dáil Ceantair
Bóthar an Spidéal,Maigh Cuillin,
Cúirt Bharr an Chalaigh,
Co. na Gaillimhe.

TEL: +353 (0)91 868 111
MOB: +353 (0)87 613 7372

EMAIL: SEAN.KYNE@OIR.IE

**Is féidir coinne a dhéanamh le haghaidh an Luan, Aoine nó an Satharn ach glaoch ar m'oifig ag 091-868111 nó r-phost ag sean.kyne@oir.ie**

WWW.FACEBOOK/SEANKYNETD
WWW.SEANKYNE.IE
TWITTER@SEANKYNETD

FINE GAEL

CATERENT

FURNITURE AND CATERING EQUIPMENT HIRE

5a Racecourse Business Park
Ballybrit
Galway
Tel: - 091 771744
Fax: - 091 771745
Website: www.caterent.ie
Email: caterent@eircom.net

**Eileen Mannion – Comhairleoir Contae**



An Clochán, Conamara.

Teileafón: 087-9555645

Tabharfaidh mé gach cabhair is féidir do mhuintir Iorras Aithneach agus Chonamara.

*Nollaig mhaith dhibh uilig*

# Cainteoirí




**Dominic Ó Móráin** ag seoladh leabhar an údair as Nua Eabhrach, Mary Pat Kelly i Siopa Leabhar an Chlocháin. "Off Irish Blood" an teideal.
Tá fuil Chonamara i stair theaghlach Mhary Pat – na Caolla as Damhros.



**Pádraic Ó Conghaile** ag labhairt ag ócáid cheiliúrtha 50 bliain a bpósta ag a dheirfiúr, Mary - as an gCoillín – agus **John Petone** as Massachusetts.
Bhí an ócáid in Óstán Chuan Charna.



**Ambassadóir Mheiriceá, Kevin O' Malley,** ag labhairt i dTeach Altranais Charna le linn a chuarta ar an gceantar seo i mí Aibreán.



**Seán Ó Flatharta,** bainisteoir Theach Altranais Charna, ag cur fáilte chuig an Teach Altranais roimh Ambassadóir Mheiriceá.

# Ionad na nImirceach i gCarna
## – poiblíocht ar fud Mheiriceá.

*Mary Pat Kelly*

**Sé "Irish America" príomh iris an phobail Ghaeil Mheiriceánaigh ar fud na Stáit Aontaithe. Foillsíodh an t-alt seo ann i mí Eanáir, 2015.**

# Carna Emigrants Centre


A village in County Galway uses DNA testing to connect with people whose ancestors immigrated to Portland, Maine and other places in the U.S. **By Mary Pat Kelly**


Maybe I am so excited about the partnership between the Carna Emigrants Centre and the Maine Irish Gaeltacht Project because I spent almost 40 years searching for my Irish ancestors. I spooled through miles of microfilm, asked vague questions at the doors of parish houses throughout Ireland and then was completely overwhelmed with the floods of information that hit the Internet. So much and so impersonal. But now I only have to walk into the old Carna National Schoolhouse with its glorious views of the sea, settle myself in a room modeled on an Irish country kitchen, share the results of the analysis I did on Family Tree DNA with a real person, then sit by the fire as I not only learn about the past generations of my own family but very likely meet present day cousins.

If you have Connemara connections, as I learned I did, and as so many Irish Americans do, this experience can be yours. Though the physical Centre is still in the early stages of development, the data that allows family matches to be made is up and running now. The impetus of this project came from the Irish community in Portland, Maine where, as Maureen Coyne Norris, one of the directors of the project told me, "Ninety percent of us come from Connemara and until not so many years ago the Irish language was spoken here."

The community has always been proud of native son John Ford, whose real name was Feeney. A relative of his, Margaret Feeney, has for many years helped members do genealogical research and create their family trees. Using traditional methods she developed a database of 130,000 names, most connected with the Connemara Gaeltacht, which stretches from Bearna/Spiddal along the west coast of Galway Bay to the area around Carna, Kilkeerin and the Lettermore Islands. Then in 1997 the threatened destruction of St. Dominic's, for 175 years "the Irish church" in Portland, galvanized the community. They campaigned to save St. Doms, taking their case all the way to the Vatican. But the parish was closed. So they lobbied the city council to buy the complex and allow the church building to become the Maine Irish Heritage Center. They won. The center, which opened in March 2002, now has an extensive library that includes genealogical works and schedules events such as lectures, ceilis, book clubs, Irish Masses, weddings, music sessions as well as holding the annual Claddagh Awards Dinner. Now Margaret Feeney's genealogical project had a home. Then Maureen and other Center members became fascinated with the possibilities of DNA testing. Three hundred of them used Family Tree DNA to assemble profiles that showed how Irish clans in Portland intersected. Then Maureen thought, why not extend the testing to people in Connemara, where most Portland families had originated?







LEFT: Martin J. Walsh, Mayor of Boston unveils the Foundation Stone for the Emigrants Commemorative Center in Carna in Connemara in September. Project chairperson, Máirtín Ó Catháin (left) with the mayor. Mayor Walsh's late father, John Walsh was a native of Carna and his mother Mary is a native of the neighboring parish of Ros Muc. Both parishes are in the Gaeltacht – the Irish speaking area of Ireland. BELOW: Local parish priest, Fr. Padraig Standún blesses the Foundation Stone as Mayor Walsh of Boston looks on. BELOW LEFT: Former Taoiseach Liam Cosgrave greets Mayor Walsh of Boston at the Emigrants Commemorative Center Foundation ceremony. Mr. Cosgrave went to primary school for a term in the old school building on the site in 1930. Now 94, Mr. Cosgrave travelled from Dublin for the occasion.

"She swabbed a whole lot of us," Mairtin O'Cathain, journalist, radio presenter and Chairman of the Carna Immigrants Centre Committee, says.

"I was skeptical at first," says Joe Cooke, fellow Committee member and a television presenter. After all Joe knew his relations and was a genealogist himself who had helped many visiting Irish



The village of Carna, Co. Galway.

Americans find theirs. What could saliva add to his knowledge? "Then Maureen called me with my results. She cross indexed me with the database and told me about cousins right here in this area that I didn't know were related to me."

I am sitting with Joe, Mairtin and Susan O'Cathain and another Committee member Josie Curran in the Carna Bay Hotel, looking across at the schoolhouse that will one day be the Centre.

"We will also have an Emigrant Remembrance Garden too and a monument. Perhaps an elevated lantern as a symbolic call to the Diaspora wherever they be," Mairtin says. "But the Centre will also be a Community Hall, a gathering place for the parishioners here."

Neighbors and strangers will be united in that most enduring of human experiences – telling stories by the fire.

"Growing up, every evening one or two people would appear in our kitchen," Mairtin remembers.

"No knock. They would just take a place by the hearth and start to talk – hours and hours of it. And now I realize that as well as commenting on the events of the day and speculating on the future, they were passing on the old tales, family histories, who married who going back generations, weaving our very identity, giving me a sense of who I was. All of this in the Irish language, of course, with singing and dancing in the Seán-nós style to round out the evening."

And though Mairtin and Joe checked e-mails on their cell phones, and the young people passing the hotel would have fit in on any city street in the U.S., in this part of Connemara where 96 percent of the people still speak Irish and are connected to their heritage, a sense of the eternal Ireland is so strong that I felt I was now part of the circle Mairtin had described. This is the kind of connection the Centre will provide, one that Carna is uniquely suited to offer.


As Breandán Ó Caollaí, Consul General of Ireland in Boston, who himself studied and taught in the Connemara Gaeltacht, says "the area around Carna is reputed to offer the most authentic experience of traditional culture to be found not only in Ireland but in all of Western Europe. Here the singers, storytellers and dancers have a deep-down knowledge of the Gaelic tradition that they are passing on to the next generation. It's living. It's real."

Carna native Joe Heaney, the renowned Seán-nós singer, is said to have known more than 500 songs – most learned while he was growing up in Carna. Though he died in 1984, a yearly festival in his honor features local singers such as Johnny Mairtin Larry McDonough who carrys the tradition forward. I saw teenage brothers John and Brendan Joyce, All-Ireland champion Seán-nós dancers perform in a friend's living room. The music is a part of life as it was for all of our Irish ancestors. So even if you don't have Connemara roots, you will be connecting with your own past by visiting here. And you may find yourself guided by your ancestors.

It can happen to you too. Listen to this. An author friend in Chicago, Mary Terese Kanak, knew her Irish grandmother was from Rosmuc, only a few miles from where I was sipping tea with the Carna Committee. Her name was Ann Nee. Two summers ago Mary, her husband and two daughters went to Ireland for the first time to look for the place where her grandmother had been

born. She was directed to the home of Sean Nee who might have some information about her family. But he was out in the fields. His wife, though pleasant, was a little hesitant at finding these strangers at her door. Then Mary said she was from Chicago. Mrs. Nee said her sister lives there. Did Mary by any chance know Ann French? Mary was astounded. While she was waiting for her plane in O'Hare Airport she had been chatting to the woman next to her. You guessed it. Ann French, who was expected there tomorrow. "When Sean came in," Mary had told me, "we were already part of the family. He took me across the field and over a rock wall so I could stand in the rooms of what was my grandmother's childhood home."





ABOVE: The genealogists from Portland, Maine who worked on the Gaeltacht Project. LEFT: Left: Maureen Coyne Norris, Karen Nadeau Norcross, Matthew Jude Barker, Deb Sullivan Gellerson and Margaret Feeney LaCombe. (Missing from the photo is Krista Ozyagan). RIGHT: Maine Irish Heritage Center's home is the former St. Dominics's Church at 34 Gray Street, Portland

Now I've always loved the story but couldn't remember all the details so I texted Mary. She responded immediately with the exact location of the house, which I relayed to the group. "Ahh, she's my cousin," Joe Cooke says. "My mother's people were Nees from Rosmuc." He traces out the connections which leads Mairtin to say, "I'm related to her too."

And so the conversation went as the day drew in and we wove a transatlantic tapestry of who we were and who we are.

Did I know White House Chief of Staff, Denis McDonough, has Carna roots? And so does former Maine Governor John Brennan who helped start George Mitchell's career by appointing him to the Senate? Portland's present mayor is also a Brennan, Michael. And was I aware that both parents of Boston Mayor Marty Walsh were born in the area – his father John in Callowfeenish and his mother Mary O'Malley in Rosmuc. I did know Mayor Walsh's story having read about it in *Irish America*. The group then describes the emotional moment when Marty Walsh dedicated the foundation stone of the Carna Emigrant Centre in September 2014.

"Bonfires lit up the hills and the whole place was covered in American flags and signs that said 'Fáilte Abhaile, Mayor Marty Walsh' and 'Welcome Home!'" Mairtin remembers. Over 500 people came to the dedication of the Emigrants Centre cornerstone and another 1000 to the reception in Screebe House, a sizeable portion of the population of the area. Marty Walsh had his mother by his side and was surrounded by cousins as he greeted the crowds in Irish.

Reporting on the visit, *The Boston Globe* found that the most affecting moment came when, during an Irish language Mass, schoolchildren dramatized an emigrant's journey. "Walsh's mother, who left Rosmuc at age 17, sat in the front pew and wiped tears from her eyes," the newspaper said.

During his official tour of Ireland Mayor Walsh concentrated on economic development and efforts "to build upon a historic bond and build new dynamic partnerships with 21st century Ireland." He traveled to Donegal, Derry, Belfast and Dublin and attended the All-Ireland Hurling Final seated between An Taoiseach, Enda Kenny and President Michael D. Higgins. But my friends in Carna are sure the highlight for Walsh was bringing his mother home again to share his hero's welcome. "You know she never lost her Irish," Mairtin says.

"I see the Mayor's mother at many functions in Boston," said Consul General Ó Caollaí. "It just wouldn't be courteous to greet her in English."

The visit has had an effect in Maine too. "When we started the project," Maureen Coyne Norris says, "everyone hoped they were connected to John Ford. Now they want to be related to Marty Walsh." IA

*For more information on the Gaeltacht Project go to www.maineirish.com*
*For the Centre go to www.carnaimmigrantscentre.com*



# Mylotte's

Carna

Siopa Grósaera

**Téil: 095-32256**

**Faic: 095-32951**

***Ann Mylotte Adhlacóir***
***&***
***Teach Tórraimh***



**Socraithe Iomlán sochraide agus creimeadh**
**Teach Tórraimh lonnaithe cóiriúil don séipéal.**

*Nollaig mhaith go chuile dhuine, gach rath ar an Iris*





**Tomás Ó Curraoin**
**Na Fothraí Maola Thiar**
**Bearna,**
**Co. na Gaillimhe**

**087-2933782**
**www.galway.ie**

**Ball de Chomhairle Chontae na Gaillimhe**

# Joyce's Grocery Shop and Bar

Recess

**SIOPA AGUS BEÁR - ÁBHAR FEILME - TEACH AN PHOSTA**

095-34658 agus 087-2686946

*Chuile short faoi do lámh d' aon léim amháin!*

Food, drink, grocery shop, farm supplies, hardware, petrol, Post Office, lottery, music.

**Shop: 7.30 - 7.00 Monday to Saturday**
**10.30 - 12.30 Sunday**


**Bar Food: 10.30 - 6.00 Monday to Saturday**
**12.30 - 6.00 on Sunday**
**Food served later in summer**

ALL FARM NEEDS IN THE STORE – CHUILE SHORT LE HAGHAIDH NA FEILME.
DELIVERY TO YOUR DOOR – CHUIG AN DORAS!

WESTBIC
BUSINESS & INNOVATION CENTRE

# Ag Tacú le Fiontráiocht

Ionad Teicneolaíochta na Gaillimhe,
Páirc Ghnó Muirbheach,
Gaillimhe.
www.westbic.ie
Fón: 091 730850



**Treasa agus Albert Mac an Riogh as Duibhithir – 1949.**



**Coill Sáile – 1930.**

# Fir Oibre



Francis Mac an Riogh (Francis Joe an tSaoir) as an Aird Thoir ar chlé agus **J. Flaherty** as an mBalla Fadda i mBaile Conaola. York i Sasana 1953. Aimsir na monarchana 'Beet'.



**John Walsh** (John Mháirtín Tom) ar chlé anseo as Caladh bhFuínnse – b'shin é athair an Mhéara Walsh i mBoston – agus ar dhéis sa ngrúpa tá **Pat Walsh** (Pádraic Mháirtín Tom) an ceannasaí 'Union' na n-oibríthe tógála i mBoston (uncail an Mhéara). Tógadh an pictiúr i St Louis i Meiriceá ag comhdháil ceardchumainn sna 1960aidí.



*Ó chlé:* **Francis Joe an tSaoir** (An Aird Thoir), **Tom Ó Súilleabháin** (Loch Con Aortha) agus **Micky Ó Gaora** (Leitir Deiscirt). Ag obair i Sasana sna 1950aidí.



Níos gaire do bhaile …ar ghabhaltais bheaga achrannacha Chonamara. **Val Ó Donnchadha** as Cora na gCapall in Aill na Brún - an file a raibh cáil mhór air - ag tabhairt slám fidheoga abhaile le haghaidh leapracha do bheithigh.

# Tionscadal Nua ó Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge, Carna
## – Saol agus Saothar Sheáin Mhic Ghiollarnáth

OÉ Gaillimh
NUI Galway

**Réamhrá**

Tá tionscadal cartlainne spéisiúil á chur i gcrích faoi láthair ag foireann Ionad an Acadaimh, Carna, ar shaothar agus ar shaol an bhailitheora iomráitigh béaloidis, Seán Mac Giollarnáth. Comóradh atá sa tionscadal ar an stórchiste litríochta agus béaloidis a d'fhág Mac Giollarnáth le huacht againn. Tugann an tionscadal ilmheánach dár teideal Saol agus Saothar Sheáin Mhic Ghiollarnáth léargas ar shaibhreas chultúr traidisiúnta Iorras Aithnigh agus Chonamara. Cuimsíonn an taispeántas stórchiste luachmhar de lámhscribhinní, d'íomhánna, agus d'ábhar fuaime atá á chaomhnú in OÉ, Gaillimh agus ar fail ar an Idirlíon (www.dri.ie.) anois don chéad uair.

**Beathaisnéis**

Rugadh Seán Mac Giollarnáth – Seán Forde mar a thugtaí air scaittí - ar an 13 Meán Fómhair 1880 i gCoill an Bhogaigh, Goirtín, lámh le Baile Átha an Rí, Co. na Gaillimhe. Breac-Ghaeltacht a bhí sa cheantar sin ag an am, agus ní raibh Seán ródhíograiseach faoin nGaeilge go dtí go ndeachaigh sé ag obair i Londain mar státseirbhíseach, tráth ar fhreastail sé ar ranganna de chuid Chonradh na Gaeilge. Is i Londain freisin a chuir sé aithne ar na húdair chlúiteacha, Pádraig Ó Conaire agus Mícheál Breathnach. Ghlac sé ballraíocht i mBráithreachas Phoblacht na hÉireann (IRB) ag an am sin freisin.

Ar filleadh go hÉirinn dó i 1908, lean sé lena spéis i litríocht na Gaeilge. Bhain sé poist shuntasacha amach- mar eagarthóir ar an gConnachtach agus ar an gClaidheamh Soluis ina dhiaidh. Chuir sé ailt i gcló sa gClaidheamh Soluis faoi na hainmneacha cleite 'Maine' agus 'Tadhg Ó Ceallaigh'. Cé go raibh sé ina bhall d'Óglaigh na hÉireann níor ghlac sé páirt in Éirí Amach na Cásca 1916. Bhí sé ar cuairt ag a mhuintir sa nGoirtín ag an am. D'éirigh sé as a phost mar eagarthóir ar an gClaidheamh Soluis i 1917.



**Seán Mhic Ghiollarnáth**

Sa bhliain 1920, agus é dhá scór bliain d'aois, cháiligh sé mar dhlíodóir agus bhunaigh sé cleachtadh dlí i mBaile Átha an Rí. Sa bhliain 1925 ceapadh é ina bhreitheamh Cúirt Dúiche i gConamara. D'fhan sé sa phost seo ar feadh cúig bliana fichead. Nuair a chuaigh sé ar scor sa bhliain 1950 d'fhill sé ar a chleachtadh dlí i mBaile Átha an Rí.

**Béaloideas**

Spreag an spéis a bhí aige sa gcultúr traidisiúnta é le hobair cheannródaíoch a dhéanamh ag bailiú béaloidis don Chumann le Béaloideas Éireann agus do Choimisiún Béaloideasa Éireann. Thuig sé go raibh saibhreas ar leith in Iorras Aithneach ó thaobh an bhéaloidis agus thug a chuid oibre i measc an phobail an deis dó bualadh leis na seanchaithe agus filí ba mhó le rá i gConamara ag an am, agus a gcuid scéalta a bhailiú uathu. Dá thoradh thaifead sé lear suntasach d'ábhar béaloidis i sraith lámhscríbhinní

mar aon le nótaí agus míniúcháin. Bhí ardmheas ar Mac Giollarnáth i measc an phobail mar go raibh sé ina bhreitheamh agus d'fhóir sé go seoigh mar sin do ról an bhailitheora. Is léir sna lámhscríbhinní an meas agus cairdeas a bhí idir Mac Giollarnáth agus na seanchaithe a roinn a gcuid eolais leis. Ba iad Tomás Mac Con Iomaire, Coillín, Carna agus Micilín Mac Donnchadha, Roisín na Mainiach, Carna an bheirt ba mhó a chuidigh leis de réir fhianaise na lámhscríbhinní.

**An Bailiúchán**

Údar spéise gur i 1930 a scríobhadh an lámhscríbhinn béaloidis is luaithe i mBailiúchán Sheáin Mhic Ghiollarnáth, an bhliain inar cuireadh bailiú agus scaipeadh bhéaloideas na hÉireann ar bhonn institiúideach den chéad uair. Tugtar sonraí sna lámhscríbhinní seo ní hamháin ar na scéalta, na paidreacha, na foclóirí agus na seanfhocail a bhailigh Mac Giollarnáth sa gceantar, ach thairis sin tugtar léargas iontu ar an gcaidreamh a bhí aige leo siúd a chuidigh leis an t-ábhar seo a chruinniú.

Foilsíodh cuid mhaith den ábhar sna lámhscríbhinní seo i bhfoirm leabhar agus alt. Foilsíodh Trí Sgéal ar an Sionnach, an chéad alt leis, in Béaloideas i 1929. Annála Beaga ó Iorrus Aithneach (1941) an téacs is clúití ach bhí rath ar théacsanna eile ar nós Loinnir Mac Leabhair agus Sgéalta Gaisgidh Eile (1936) agus Peadar Chois Fhairrge (1944) freisin. Cé go raibh clú air mar bhéaloideasóir, bhí an-dúil ag Mac Giollarnáth sa dúlra agus sa bhfiadhúlra freisin. Áirítear nótaí, dréachtaí agus foclóirí sna lámhscríbhinní le haghaidh téacsanna ar nós Féilire na nÉan (1940), Mo Dhúthaigh Fhiáin (1949) agus Cladach na Fairrge (1947) aistriúchán de The Sea Shore (Kelman & Wood, n.d.).

D'éag Seán Mac Giollarnáth sa mbliain 1970. Bhronn a chlann an bailiúchán ar Ollscoil na hÉireann, Gaillimh agus tá an bailiúchán á chaomhnú in Ionad an Acadaimh, Carna. Rinne Pádraig Ó Conghaile as Ros Muc obair chéadtach ag tras-scríobh na mbunlámhscríbhinní le go bhfeadfaí iad a dhigitiú.

**Is féidir an taispeántas seo a fheiceáil anois ar Thaisclann Dhigiteach na hÉireann (DRI), www.dri.ie. Tuilleadh eolais ar fáil ón Dr. Rós Máire Ní Cholla, Ionad an Acadaimh, Carna, 095 32834.**

Cló Iar-Chonnacht
Indreabhán, Co. na Gaillimhe
Teil: 091 593307 eolas@cic.ie www.cic.ie


**Sladmhargadh na Nollag**
**ar siúl ón 1 – 23 Nollaig**

**Lacáiste suas le 50% ar leabhair agus rogha CDs ar €5**

**Siopa oscailte ar an deireadh seachtaine 19 & 20 Nollaig ón 12–6 i.n.**

- Rogha iontach leabhar agus dlúthdhioscaí do dhaoine óga agus do dhaoine fásta.
- Ceol ar an sean-nós, ceol Gaelach, pictiúrleabhair, úrscéalta, leabhair do ghasúir scoile agus d'fhoghlaimeoirí.

Buail isteach chugainn i bPáirc Ghnó Shailearna, (trasna ó Choláiste Cholmcille).




**NOLLAIG SHONA, A CHÚIGIR**
Aistrithe ag Gormfhlaith Ní Thuairisg

Leabhar eile sa tsraith An Cúigear Cróga (The Famous Five).

Oíche Nollag í agus tá an Cúiger ar bís. Ach nuair a thosaíonn Timmy ag tafann in ard a ghutha, cuirtear amach é agus tugtar deis do ghadaí teacht isteach agus na bronntanais a ghoid! An éireoidh le Timmy cúrsaí a chur ina gceart?

Leabhair nua eile sa tsraith ar fáil anois:

*Cúigear i bPonc*, aistrithe ag Gormfhlaith Ní Thuairisg
*Nuair a lean Timmy an Cat*, aistrithe ag Máirín Ní Ghadhra
*Maith Sibh, a Chúigir Chróga*, aistrithe ag Máirín Ní Ghadhra

**www.cic.ie**

# Ag fáil fáisnéise ar a dúchas – Terry Fitzgerald.

Roinnt mílte amach ó chathair Seattle i Stát Washington i Meiriceá atá cónaí ar Terry Firzgerald. Bean í atá ábalta ar Theicneolaíocht na Fáisnéise agus tá sí ina comhairleoir gairmiúil ar an gceird sin. Mar atá mínithe aice anseo, ba as an taobh seo tíre na glúnta a tháinig roimpe agus tá staidéar go leor déanta aice ar sin. Go deimhin, chur sí eitealáin beag ceamara – DRONE – sa spéir thart anseo an samhraidh seo caite sa gcaoi agus go mbeadh pictiúr ón spéir aice ar an gceantar as a dtáinig a muintir Mary Bridget Ní Ghaora an t-ainm a bhí ar sheanmháthair Terry. Iníon a bhí in Mary Bridget le Bríd an Ghabha, bean de mhuintir Loideáin. Phós Bríd an Ghabha Seán Ó Gaora as Maínis, Seáinín Sheáin Shabha. Is uathu a cheannaigh Seán Ó Gaora an teach i gCarna a bhfuil Tom agus a chomhluadar anois ann.

Macdara an t-ainm a bhí ar an nGabha. Bhí deartháir aige a raibh Joe air, gabha eile. B'as ceantar Leitir Fraic ó dhúchas iad agus bhí an bheirt acu ag gaibhneacht i gCarna. B'iníon le Joe í Ellie Lyden, mar a thugtaí uirthi - máthair Tommy McTavish. Múinteoir scoile a bhí inti.

Bheadh gaol ag Tom Geary le Terry freisin ach ní gaol an-ghar é. Tá gaolta eile aici sa bparóiste chomh maith.

**Tá cuid mhaith pictiúir dá muintir curtha anall ag Terry agus tá siad le feiceáil sna leathanacha atá ag teacht ina dhiaidh seo.**

**Ach, i dtosach, seo é an cur síos atá ag Terry Fitzgerald í féin ar a cúlra.**

My paternal grandmother Mary Bridget Geary was born in Carna in 1908. She had an older brother James, and a younger brother and sister, John and Sarah Anne. They were born and raised in the house in Carna that originally belonged to my 2nd great grandparents MacDara and Anne (Keaney) Lyden. MacDara was one of the blacksmith's in Carna in the late 1800's. MacDara's brother Joseph lived across the street and was also a blacksmith. We grew up calling the house in Carna "The Geary House" but with genealogy and research we now know it was first "The Lyden House".

Mary Bridget emigrated to the US in 1923 at the tender age of 16. Her father accompanied her but she was traveling to his sisters' in NY (Annie Geary Green, Sarah Josephine Geary and Delia Geary).

In 2009, I began a journey of documenting my family connections and have spent the last 18 months on focused research concerning Mary Bridget's family and extended cousins. As a child, I could only name her and my grandfather and some basic siblings. Research both from a genealogy aspect and with the advent of recent DNA testing has allowed me to expand her family from a conservative list of 50 people to more than 500!

With DNA testing, we have been able to confirm a number of connections in Carna, and we continue to work on more! We had two exciting connections on our Ridge and Geary lines.

The first confirmation was a 3rd cousin once removed to my father. For this match, I worked with local Carna contacts to learn the match's parents and grand parents names. Using the information provided, I built a tree and worked my way back to his great grandparents Thomas Barrett and Mary Ridge of Mynish Island. Based on the marriage record and Mary's birth record, I determined that her parents were Thomas Ridge and Mary Folan. My own 2nd great grandmother was Sarah Ridge of Mynish Island, daughter of Thomas Ridge and mother previously unknown but suspected to be Mary Folan. There was no baptism or birth registrations found for Sarah. When I added the match to my main tree and connected Mary and Sarah as sisters, he showed up in the predicted range that FTDNA provided and confirmed the long held suspicion that Sarah was the child of Thomas Ridge and Mary Folan.

The second confirmation is a 4th cousin to my father. Using a similar research process, I worked again local Carna contacts and determined that his great grandparents were Joseph Madden and Mary Geary (of Mynish Island). Mary's father was Michael Geary. My match's ancestor is born roughly at the same time as my 2nd great grandfather John Geary also of Mynish. Without further proof, it is assumed that Michael and John were likely brothers, and the genetic distance matches what FTDNA predicts. My hope that is additional testing will help tighten up this line. I suspect that we have more than one ancestor match because the amount of shared DNA is larger than one would have expected as a 4th cousin!

By far the most exciting connection was a 3rd cousin once removed to my father, simply because I thought I would never know more about this Lyden line. My great grandmother Bridget Lyden Geary was one of 3 children born to MacDara Lyden and Anne Keaney Lyden. Her sister Mary Anne died unmarried, and we have lost track of the brother James (he could have emigrated to the US or died in Carna). I knew very little about either MacDara or Anne. My newfound match shared some amazing stories that helped me understand that we had broken through my brick wall! She said: "I believe that my Great Grandmother, Catherine Lyden Adams, was MacDara's sister. The oral history handed down to me was that she was born in or near the town of Letterfrack, in the northwest part of Galway. Her father and all her brothers were blacksmiths. Her father, who I think is James now according to your tree, helped build the wrought iron fence around Kylemore Abbey. Two of her brothers, MacDara and Joe, set up shop in Carna. Two other brothers set up shop in or near Clifden. Catherine was born around 1865 and married Michael Adams from Moyard. They emigrated to New York."

Of immediate excitement was the details the confirmed that MacDara Lydon was indeed a 'blow in' from somewhere else in Galway. My father laughs that I use the term 'blow in' but that's how it was described to me and it's always stuck. But the details never made sense to me. Previous research had identified his possible parents as James Lydon and Mary Mongan but that he was born in the Letterfrack area. He had arrived to Carna some time prior to his marriage to Anne Keaney. Now my new cousin was providing the context and history to explain his arrival.

Looking further at my cousin's online tree, I discovered a bit of additional shock. Her grandfather was Joseph Davitt. I remembered dad telling me several times that a "Joe Davitt' used to come to his mother's house in the Bronx and they would speak in Irish for hours over tea. Both were worried about losing their Irish language. I had tried in vain to figure out who Joe was many times but I could never figure out a Davitt connection to our tree. History now tells us that Joseph Davitt was married to Kathleen Adams, daughter of Catherine Lyden.

With new found details about MacDara's siblings, I know that the Joseph Lyden in the Carna 1901 and 1911 census records is MacDara's brother. I could never figure out the connection before. Again with help of Carna friends and families, Joseph's descendants are documented and the tree is exploding with details! Oral history combined with DNA and building a solid paper trail has now allowed us to fill out the tree with all the known siblings of MacDara Lydon and most of their descendants. Two of Joseph's descendants have agreed to DNA testing to help us further isolate the chromosomes passed down from this line.

With autosomal DNA testing I have found at least one match that helped build out the siblings of 3 of the 4 grandparents of my paternal grandmother. What a gift! As more people test, I am hoping to make even more break throughs. I have several cousins where we are so close to figuring out the connections but I need just that match that breaks open the connection...

**~ Terry Fitzgerald**
**grand daughter of Mary Bridget Geary**



Bridget Lyden-Geary agus John Geary. An lá ar phósadar.



**John Geary, as Muigh Inis ó dhúchas sa gcathaoir agus a iníon, Nora Cumiskey taobh thiar.**




**Bridget Lydon-Geary.  Bh'shin í máthair John Geary. Bríd an Ghabha a thugtaí uirthi. Ba é MacDara Lyden a hathair.  Ba í Bridget Lyden-Geary sin shean mháthair Terry Fitzgerald.**



**John Geary (Jnr), mac le sean John Geary. Deartháir do shean mháthair Terry Fitzgerald. Rugadh agus tógadh é sa teach atá ag Tom Geary agus a chomhluadar anois.**



**John Geary taobh thiar agus Joe Cumiskey sa gcathaoir. Ba é Joe Cumiskey a bhí pósta ag iníon le John Geary.**



Sarah Josephine Geary. Ba as Muigh Inis í. Deirfiúr le John Geary – sin shean athair Terry Fitzgerald



Sarah Ann Geary. Ba deirfiúr í do Bridget Geary – máthair mhór Terry Fitzgerald. Rugadh agus tógadh i mbaile Charna í, sa teach a bhfuil cónaí ar Tom Geary agus a theaghlach ann anois.



John Geary ina fhear óg.



Paddy Greene – as an Más – a bhí pósta le Annie Geary. Ba í Annie Geary sean-aintín Terry Fitzgerald, an bhean a sheol na pictiúir chugainn as Meiriceá.



Sarah Geary Parsons agus Bridget Geary.

Recommended

2015

sky SPORTS

WILD ATLANTIC WAY

SLÍ FHIÁIN AN ATLANTAIGH

# TIGH CHADHAIN

BAR & BISTRO

CILL CHIARÁIN — CONAMARA — IRELAND

**Fón: +353 95 33409 Rí-Phost: coynesbar@gmail.com**

Ba mhaith le Muintir & Fhoireann Uí Chadhain

Beannachtaí na Féile a ghuí oraibh go léir.

facebook + + Instagram + g+

urbanspoon by zomato yelp tripadvisor



IRELAND

**COMHAR CREIDMHEASA CAISEAL CONAMARA**

**CASHEL-CONNEMARA CREDIT UNION LTD**

## AMANTA OSCAILTE

**Oifig an Chlochán**

| | |
|---|---|
| Dé Luain | 12pm-3pm agus 4pm-6pm |
| Dé Máirt | 10am-1pm agus 2pm-4pm |
| Dé Céadaoin | 10am-1pm agus 2pm-4pm |
| Déardaoin | 10am-1pm agus 2pm-4pm |
| Dé hAoine | 10am-1pm agus 2pm-4pm |
| Dé Sathairn | 10am-1pm |

**Oifig an Chaisil:**

| | |
|---|---|
| Dé Luain | 12pm-3pm agus 4pm-6.30pm |
| Dé Máirt | 11am-1pm agus 2pm-5pm |

**Teach an Údaráis, Carna:**

| | |
|---|---|
| Déardaoin | 4pm-7pm |

TEILEAFÓN

AN CAISEAL 095-31128

AN CLOCHÁN 095-21101

IASACHT UAIT?

FÁN GAR GO BHAILE LEIS AN gCOMHAR CREIDMHEASA



# TIGH MHEAIC

## BEÁR & BIALANN

**DEA-BHIA GACH LÁ GO DTÍ 9i.n.**

**CÓISIR AGUS LÓNADÓIREACHT BAILE**





**SERVING GOOD FOOD UNTIL 9pm EVERY DAY, ALL YEAR AROUND (!)**

**FRESH COFFEE (!)**

**TAKE AWAY FOOD (!)**

**HOME CATERING FOR FUNCTIONS & PARTIES**





**CEOL, DAMHSA & SIAMSAÍOCHT ☺**

**Fón: 095 32730 / 087 2826244**

**tighmheaic@gmail.com**

# INTERSPORT GANNON'S


**www.gannons.ie**

Clifden, Co. Galway

095 22268 gannonsports@gmail.com

Find us on Facebook – Gannon Sports


Christmas
at
Peacockes
THE HEART OF CONNEMARA
Sun 6th Dec
Connemara Pony Sale
Fri 11th Dec
Christmas Party Night
Sat 19th Dec
Maam Cross Mart Live & Oven-ready Poultry Sale
Sat 19th Dec
Christmas Party Night
Sun 20th Dec
Maam Cross Christmas Market
Sun 27th & Mon 28th Dec
An Teach Dóite Walking Festival
Mon 28th Dec
Comórtas Sean Nós
See our website or call us for more details
Peacockes Hotel, Maam Cross, Connemara, Co Galway
T: 091 552 306 E: info@peacockes.ie W: www.peacockes.ie


C L S
Complete Laboratory Solutions
GMP Approved
Laboratory
ANALYTICAL TESTING
PIPE STERILISATION
MICROBIOLOGICAL ANALYSIS
TRAINING PROGRAMMES
ANALYSTS ON CONTRACT
ENVIRONMENTAL MONITORING
Saotharlann Chonamara Teo, Ros Muc, Co. Galway
T: +353 91 574355 F: +353 91 574356 E: services@cls.ie W: www.cls.ie



# Suaimhneas

**An bóthar go cladach agus go reilig i Mhuighrois.**
**Cloch na Rón ar an taobh eile den chuan.**
Pic. tugtha ag Ollscoil na hÉireann, Gaillimh.

# Ócáidí Ceiliúrtha



**Máirín Ní Choisdealbha-Seoige** (ar dheis), bainisteoir Fhorbairt Chonamara Láir, ag glacadh le duais sa gcomórtas timpeallachta a eagraíonn Comhairle Chontae na Gaillimhe.
Sí Leaschathaoirleach an Chomhairle Contae, **Niamh Byrne**, atá ag déanamh an bhronadh.



**Joe Kelly, Michael agus Daniel Kelly & Irene Folan.** Bhain Joe céim amach sa Stair agus sa mBéarla I nOllscoil na Gaillimhe.



**Mary Petone – Mary Ní Chonghaile** as an gCoillín ó dhúchas – ag dul in éadan an chácа ag ceiliúradh 50 bliain a pósadh le **John Petone.** Tá John é féin ar thaobh na láimhse deise. Cónaíonn siad i Massachusetts.



**Séamus Ó Flatharta** as an Aird Mhóir - ceoltóir, daimhseoir agus fonadóir – a roghnaíodh ar ghrúpa Chomhaltas Ceoltóirí Éireann ar a dturas ar fud na tíre i mbliana.

# Ag cluichí i mBaile Átha Cliath & i Madrid



**In Óstán Cassidy's i mBaile Átha Cliath lá an chluiche ceannais iomána idir Cill Choinnigh agus Gaillimh i mí Mheán Fómhair tá Seán Ó Cathasaigh agus Mae Uí Chathasaigh agus a gclann.**
*Ó chlé* – Adrian Ó Fallúin, Katie Ní Chlochartaigh, John Mhaggie Ó Flatharta, Seán Ó Cathasaigh, Mae Uí Chathasaigh agus a gcomhluadar.




**Le linn turas dhaltaí Scoil Phobail Mhic Dara ar an Spáinn**
*Ó chlé* - Declan Ó Ceannabháin, Máirtin Ó Clochartaigh, Brandon Ó Fallúin, Séamus Mac an Ríogh, Alan Ó Gaora agus Brid Bhreathnach ag dul ag an gcluiche idir Real Madrid agus Levante.

# Súil eile ar an Saol



Dhá bhó i nGabhla ag caitheamh súil ar an saol.



Dhá chapall ag caitheamh súil ar na cnoic i Seanach Domhnaill.

# Scileanna na gcloch



Teach ón tsean aimsir i gceantar an Mhása.




# Thugamar féin an Samhraidh linn

Meascán de dhathanna an tsamhraidh i nGabhla I 2015 –
cé gur samhraidh fliuch agus fionnuar a bhí ann.

# Boston Globe

## Hillary Clinton searches for the key to Marty Walsh's heart





**Cogar in do chluais… Hillary ag cogarnaíl le Marty.**

**An bhfuil na gnóthaí déanta?**

***By Joan Vennochi Globe Columnist September 28, 2015***

AT THIS STAGE in her troubled presidential campaign, Hillary Clinton could certainly use support from a popular urban mayor with close ties to labor and the recovery community.

And so she searches for the key to Boston Mayor Marty Walsh's heart.

During this week's visit to Boston, Clinton is scheduled to discuss substance abuse issues with Walsh and Attorney General Maura Healey — two Massachusetts Democrats with high voter approval ratings. Clinton already has Healey's endorsement. But Walsh is uncommitted and said to be torn between Clinton and Vice President Joe Biden, who has not yet announced a decision about a presidential run.


Right now, there's no plan for any private meeting between Clinton and Walsh. But a presidential campaign often accused of not being very smart was at least smart enough to find an issue that Walsh, a recovering alcoholic, cares deeply about. He still attends Alcoholics Anonymous meetings after two decades of sobriety. And the local recovery community provides not just moral support to Walsh, but political backing. So Walsh's personal interest in the subject of addiction coincides with Clinton's recently announced $10 billion plan to target drug and alcohol abuse.

But it will take more than a "plan" to win him over.

As one Walsh adviser put it, "The key to Marty Walsh is when he thinks you really do understand issues that affect people who are afraid their kids will never be able to buy a house." In other words, Walsh, a former labor leader, relates to the average citizen living from paycheck to paycheck, not to the Clinton Foundation world of multimillion-dollar foreign donors and sky-high speaking fees.



**Bliain go Fómhar seo caite a thug Méara Bhoston, Marty Walsh, cuairt chaithréimeach ar Chonamara.**
**Bhí daoine eile ag iarraidh casadh leis an Fómhar seo!**



# Scáth an Dorchadais - Baile Tréigthe

**An dorchadas ag fáisceach isteach ar na caipple agus ar bhaile tréigthe Sheanach Domhnaill. Bhí beocht agus bríomharacht sa mbaile sléibhe seo san aimsir a caitheamh. Clainne Mhic an Iomaire a bhí ann. D'imígh an dream deireannach as sna 1960aidí.**

# **Joe Puliafico – fear Mhuigh Inse -** Chonaic sé tastáil ar an Atom Bomb.

Caitheann Joe Puliafico as Boston píosaí móra den bhliain ina chónaí i Muigh Inis agus tá aithne fhoirleathan ar an bhfear gnaiúil seo ar fud an cheantair. Ba as Muigh Inis muintir a bhean, Maria (Ní Uaithnín) nach maireann. Tá Joe ar dhuine de fhiorbheagán daoine sa tír seo a chonaic pléasc admhach – an Atom Bomb dá phléascadh. Bhí sé ina shaighdiúr in Arm Mheiriceá sna Marshall Islands san Aegean Chiúin 60 bliain ó shin nuair a bhí na tastálacha ar an mbuama ar bun ansin.

***Labhar Máirtín Ó Catháin le Joe Puliafico faoin heachtraí sin ina shaol i bhfad siar sna blianta.***

**Máirtín Ó Cathain (M.O.C.).**
Cén bhlian, a Joe, a ndeachaigh tú isteach in Arm Mheiriceá?

**Joe Puliafico (Joe P.)**
Bhuel, ní dheacaigh mé isteach (gáirí); tugadh isteach mé! Bh’shin é an t-am, go raibh ar chuile fhear ós cionn 18 seirbhís a thabhairt don Arm i Meiriceá ach má bhí tú ag freastal ar Choláiste fágadh thú no go raibh tú críochnaithe leis. Glaoigheadh ormsa mí théis dom críochnú sa gColáiste i samhraidh, 1954.

**M.O.C.**
Aimsir an “Cold War”….


**Joe P.**
Bhí Cogadh na Cóiré thart agus ní raibh Viet Nam tosaithe. Mar sin ní raibh orainn a dhul ar pháirc na catha san am sin. Ach, sea, ba é tréimhse an “Cold War” é.

**M.O.C.**
Cá raibh sibh i dtosach?

**Joe P.**
Thíos i New Jersey. Ansin a rinne muid an traeneail…..

**M.O.C.**
Traeneail chrua?

**Joe P.**
Ar nós mar a fheiceann tú ar an teilifís. Go do tharraingt féin ar do bholg…ag dul ar fhálanna agus mótaí...bhí sé crua ach bhí muid óg. Ansin tugadh deis duit a dhul ag plé le dualgas éigean agus chuaigh mise ag plé le clóscríobh.



**Joe Puliafiaco**

**M.O.C.**
Ach níor fágadh sibh an-fhada i New Jersey?

**Joe P.**
(Ag gáirí)…Ó tá cuimhne agam ar fós. Tháinig

an tOifigeach agus dúirt linn go mbeadh muid ag dul go Enewetak!

**M.O.C**.
Enewetak??

**Joe P.**
Sea – Enewetak Atoll. Oileán beag sna Marshall Islands sa South Pacific. Ba thart ansin sna Marshall Island a bhí Meiriceá ag déanamh forbartha agus tástálacha ar an Atom Bomb agus cuireadh muid ann ar dualgas. Ar oileán Japtan in aice láthair a bhí na saineolaithe a bhí ag an American Atomic Energy Commission ag obair.

**M.O.C.**
An bhfeiceadh sibh na daoine seo – na saineolaithe – no an ndéanfadh sibh teantas ar bith orthu?

**Joe P.**
Uair sa gcéad. Théadh muid go Japtan – an t-oileán a rabhdar ann - anois agus aríst. Bheadh an t-oileán oscailte ar an Satharn agus an Domhnach. Thugtaí ansin muid le hathrú a thabhairt dúinn as an áit a raibh muid. D'fhéadfá a dhul ann níos minicí dá mbeadh teagbháil agat le duine éigean ansin a dhéanfadh socrú duit. Tá a fhios agam rud amháin: bhí an bheatha míle uair níos fearr ansin ná a bhí sé againne, na saighdiúirí. D'íosfá foracún 'steak' i Japtan nuair a thabharfá cuairt ansin!

**M.O.C.**
An raibh mórán cainte imeasc na saighdiúirí óga faoin Atom bomb?

**Joe P.**
Ní raibh dháiríre. Glacadh leis go raibh an tseirbhís seo le déanamh againn …ceart go leor chloisfea caint ar thastálacha.

**M.O.C.**
An bhfaca tusa Atom Bomb/Hydrogen Bomb dá phléascadh, a Joe?

**Joe P.**
Chonacthas…

**M.O.C.**
By deaid! Inis dom faoi sin, a Joe.

**Joe P.**
Tugadh muid go Japtan, an t-oileán a raibh na saineolaithe ann. Bhí muid ar an trá agus ordaíodh dúinn breathnú uainn ar thaobh áiríthe sa gcaoi agus nach mbeadh muid ós comhair an lasair a thiocfadh as an mbuama. Bhí an tastáil dá dhéanamh tuairim 8 míle uainn, adúradh linn. Bhí spéacláirí speisialta ag na saineolaithe a d'fhág go bhféadfadh siad breathnú i dtreo na pléisce. Silim gur thart ar 8 megaton a bhí sa mbuama agus d'airigh tú an torann ollmhór seo nuair a phléasc sé. D'airigh tú ansin an ghaoithe ag neartú isteach ar do dhroim, mar bhí do dhroim leis an áit a raibh an buama dá phléascadh. Ansin an solas as … d'éirigh an áit uilig chomh geal thart orainn…

**M.O.C.**
……Agus ba sa lá a tharla sé seo?

**Joe P.**
I lár an lae. Ach ba ghile go mór an solas ná solas an lae. Bhí an áit chomh geal agus nach bhfeicfea tada. Is deacair é a shamhlú. Ansin théis tamaill dúradh linn go bhféadfadh muid iompú thart agus breathnú i dtreo na pléisce. Shíl mé go bhfeicfinn an cineál seo muisiriúin ach ní baileach gur mar sin a bhí sé…lá gaofar a bhí ann agus bhí deatach an bhuama ag dul faoi chlé. Thosaigh corraí ag teacht i bhfarraige agus thabharfá faoi dear na maoimeanna ag méadí thart ar an oileán.

**M.O.C.**
Agus bhí an pléascán 8 míle uaibh!

**Joe P.**
Bhí – 8 míle. Ba é an rud ba chumhachtaigh é dá bhfaca mé ariamh. Bhí sé do-chreidthe.

**M.O.C.**
Ar fhága an eachtra a lorg féin oraibhse – saighdiúirí óga?

**Joe P.**
Is dóigh gur rud neamhghnáthach a bhí ann do



shaighdiúiri óg ….ach ní dhearna muid mórán cainte faoi. Bhí tú ansin, chonaic tú é agus choinnigh tú ort go dtí an chéad dualgas eile a bhí ort.

**M.O.C.**
An raibh aon imní ann faoi chúrsaí sláinte?

**Joe P.**
(Gáire beag) Níl aon chuimhne agam go raibh fógra no comhairle faoi chúrsaí sláinte orainn. Ach cá bhfios beo cén lorg a d'fhága sé ar dhaoine san am.

**M.O.C.**
Ag caitheamh súil siar duit anois, a Joe – cén dearca atá agat ar armlón admhach agus niúcléach – an Atom Bomb a chonaic tú féin?

**Joe P.**
Ó, go dtárrthaí Dia sinn. Sé an rud brónach faoi ná má tá na buamaí seo ag tír amháin go gcaithfidh siad a bheith ag tíortha eile. Coinníonn sé comhromaíocht éigean eatarthu… .ach is rud uafásach é an chumhacht seo.

Breathnaigh ar an bhail a cuireadh ar Hiroshima agus Nagasaki. Ansin, níos gaire don áit a raibh míse tá Bikini Island agus an scéal truamhéileach a bhaineann leis…

**M.O.C.**
Céard a tharla ansin?

**Joe P.**
Bhuel théis achar áiríthe ama ligeadh muintir an Oileáin sin ar ais ina gcónaí ann. Ach thosaíodar ag fáil tinn agus an ailse (cancer) a bhí ag dul dóibh. Ansin fuarthas amach gur cnóanna cocó ba shiocair leis an tinneas. Thitfeadh an cnó cocó don chrann agus d'fhásfadh crann eile as an síol. Le h imeacht aimsire d'fhás craobh ansin agus d'fhás na cnóanna ar an gcraobh nua. Thitfeadh na cnóanna cocó agus d'íosfadh daoine cuid acu …ganfhios acu go raibh an deannach agus nimh an bhuama admhach súite aníos aige as an talamh. Ba thruamhéileach an scéal é agus tá a lorg fós ar Oileán Bikini.

**M.O.C.**
Fágfaidh muid an buama admhach agus an dochar a dhéanann sé go leathtaobh. An gceapann tú gur áit mhaith do dhaoine óga é an tArm?

**Joe P.**
Cheapfainn gur b'ea. Chuir muid na mallachtaí ar scaittí nuair a bhí muid ann ina bhfir óga ach d'fhoghlaim muid go leor ann freisin. Creidim go bhfuil an smacht agus an eagar atá ag baint leis go maith – cé go raibh tuairimí eile againn faoi sin fadó! Is cinnte gur rud maith é ag daoine óga a bheadh a dul amú sa saol.

**M.O.C.**
An bhfuil tú bródúil anois gur thug tú seirbhís in Arm Mheiriceá?

**Joe P.**
Táim. Ní raibh aon rogha agam ach a dhul ann san am. Ina dhiaidh sin féin silim gur údar bróid do dhuine ar bith go dtugann sé/sí seirbhís dá thír féin.




## Scoil Phobail Mhic Dara

Carna
Co. na Gaillimhe
Fón 095 32245
Facs 095 32591 E-Phost spmd@eircom.net

Ag cur Oideachas cuimsitheach Dara Leibhéal ar fáil
agus
Cúrsa Iar-Ardteistiméireachta (P.L.C)
Tacaíocht Cúram Sláinte – (Leibhéal 5 – QQI)

*Guíonn foireann Scoil Phobail Mhic Dara beannachtaí na Nollag agus na hathbhliana ar an bpobal uilig.*

# Nioclás Ó Conchubhair Teo
## Homevalue

**Leitirmóir, Co. na Gaillimhe**
**Fón: 091-551 114 Faics: 091-551 258**

**Rogha agus Seirbhís den Scoth**
*Quality Choice Service*

**Stór Nua Oscailte anois i gCasla**

**Fón: 091-506111**
**Faics: 091-506044**

*Ábhar Tithíochta, Pluiméireacht, Leictreach,*
*Meaisín Níochán, Soirn, Crua Earraí,*
*Péint & Srl*

# Teach Altranais Charna
## *Nursing Home*

**Carna, Conamara, Co na Gaillimhe. Teileafón: 095-32854/32855.**

***Compóird agus aire don chéad scoth.***
***Suite ar chiúmhais na mara.***



STIÚRTHÓIRÍ:
**Dr Micheál Ó Cathasaigh,**M.B., B.Ch., B.A.O., D. Ch., R.C.O.G., D.G.M.,
D.Obs, M.R.C.G.P., M.I.C.G.P.,
Dip. Family Planning, Dip. Dermatology.
**Sally Uí Chathasaigh,** S.R.N.

***Email:***
***info@carnanursinghome.com***

***VHI, BUPA APPROVED***

# Ceol na hÓige



**Thimpeall ar thús na 1970óidí - Ócáid shóisialta ag muintir Charna.**
*Ar chúl, ó chlé:* Pádraig Mac Oireachtaigh, an tSiúir Pius, Seán Ó Ceoinín, Michael Mac Oireachtaigh agus Maitias de Búrca. *Chun tosaigh, ó chlé:* Aileen Geoghegan as Muighros, Baba Ní Ghaora, Bríd Ní Ghaora (RIP), ?, agus Gabrielle Níc Fhlannachdha as Cill Chiaráin.



**Banna Ceoil sa Meánscoil i gCarna 1960/1961.**
*Ó chlé:* Bairbre 'Bobby' Ní Ghaora, Carna; Evelyn Ní Eochagán, Muighros; Philomena Ní Eochagán, Muighros; Michael Coleman O Cualáin, Carna; Albert Mac An Ríogh, Dubhithir, agus Páraic 'Tom Taimín' Ruisín na Mainíoch.

# Duibhithir



Mary Ann Burke – 0'Donnell (1873-1945). Ba deirfiúr í le Máirtín "Anne" Burke as Duibhithir.



John James Mac an Rígh as Duibhithir (1927-1955).



Seosamh Ó Cuirrín agus Pádraic Ó Catháin – Muighros sna 1940oidí.



Tomás "Choilm" de Búrca as Duibhithir (1866 -1957).

# Cogaslann Agatha

Poitigéir Teaghlaigh Áitiúil

Agatha Bn Uí Mhisteil
An Cheathrú Rua, Co. Na Gaillimhe
Fón: 091 595 168  Fax. 091 595154
cogaslannagatha@gmail.com

Carna, Co. Na Gaillimhe
Fón: 095 32680

Comhairle Poitigéara
Pharmacist Advice

Oidis
Prescriptions

Áilleacht & Íocshláinte
Health & Beauty

# Tommie Stephen

Ruisín na Manach, Cárna, Conamara

Website: www.tommiestephen.com
E-mail: tsbreathnach@gmail.com

**Phone: 087 2807137**




sky

SAORVIEW TV

- **Satellite TV Systems *(Sky Agent)* TV Aerials, Fibreglass Satellite Dishes**

- **Supplying and installing TVs *(LG, Samsung, Walker etc.)***



- **CCTV Systems**



# Seán Ó Cathasaigh

*Graibhéal Clocha*
*agus Clocha Tógála*



**An Gleann Mór**
**Cill Chiaráin, Conamara**
**Co. na Gaillimhe**

**Fón: 095 33579**
**Mobile: 087 2714648**



# Tígh Chlarke

**Ros Muc**





**091-574152**
**087-2569910**

**Bar agus Siopa**
**Sochraideacha/Teach Torramh**
**Gainimh ◆ Clocha ◆ Ábhar Tógála**





# Camus Autos Tyre Centre

Camus, Conamara,
Co. na Gaillimhe,
091-574197
087-2871658

Boinn do chuile chinneal.
Pirelli, Dunlop, Sava, Nankang

Agus le haghaidh
Caranna, Jeeps, Vans, Light trucks, Tractors.

Chomh maith le

Service, Tracking, Balancing

Customer Recovery Service.



# Óstán Chuan Charna

Carna Bay Hotel, Carna, Connemara, Co. Galway, Ireland



Óstán 3★ & Restaurant Bar Food
**Proprietors: Cloherty Family**
Imeachtaí ar fad ar fáil go háitiúil
All readily available locally

**Fón 095 32255, Faics 095 32530**
**Ríomhphost carnabay@iol.ie www.iol.ie/~ carnabay**

# Carlos
Windows & Doors

Tel: (091) 448664

Mob: (087) 7981488

www.carloswindows.com

Comhar Naíonraí
na Gaeltachta Teoranta

**Luathoideachas agus Cúram Leanaí**
**trí Ghaeilge sa Ghaeltacht**

**www.comharnaionrai.ie**

**Cuileán, An Cheathrú Rua, Co. na Gaillimhe**
**Teil: 091 595337 Faics. 091 595529**
**Ríomhphost: eolas@cnng.ie**

## Donal Josie Electrical

Donal Josie
Electrical Contractor

**Donal Mac Donncha**

Carna
Connemara
Co.Galway
0879502743

donalmcdonagh87@gmail.com

## CARR'S CARPETS

**Clifden**

**Carpets and Furniture Centre**

Carpets, Vinyls, Hardwood, Laminated Flooring, Furniture, Bedding, Roller, Timber and Velux Blinds.

Galway Road, Clifden

**Tel/Fax:** **095-22070**
**Mobile:** **086-2309621**

Monday to Saturday:
9.30 a.m. – 5.30 p.m.

Thoughtful things for your Home.

## Lydon's – Carpets and Flooring.

## Moycullen.

Large selection of carpets, vinyls, semi solid and laminated Floors.

Fitting and delivery available.
Compórd agus teolaíocht sna carpets seo!

**Fón: 091 - 555962**
**lydonscarpets@gmail.com**

Síos go básta sna carpets!

## Caisleáin M&M Castles


**Leitirmóir**
**Co. na Gaillimhe**

**Caisleáin Spraoi, Cultacha Mascots & Balúin, ar fáil do chuile ócáid**

**Conamara & Cathair na Gaillimhe**



**087 2374610**
mnmcastles@gmail.com
www.mnmcastles.com
www.facebook.com/mnm.castles



# Coláiste Sheosaimh Teoranta

Cill Chiaráin, Cárna, Conamara, Co. na Gaillimhe



Cúrsaí Samhraidh, Cinnireachta, Ardteiste, SCG

Gach Eolas ar fáil ó:

Ciara Nic Mhathúna,

Stiúrthóir Choláiste Sheosaimh,

Baile Beag, Inis, Co. an Chláir

Fón: 087-7376981

www.colaistesheosaimh.com


Stiúrthóirí an Choláiste: Rita Mhic an Iomaire, Ciara Nic Mhathúna, 087-7376981

# WEST VET

Business Hours: Mon to Fri 9.30-5.30 Sat: 10.00-12.30

**Jens Werner**
Phone: 095-22209
Emergencies: 087-9179248 (24hr)

Western Veterinary Clinic
Galway Road
Clifden, Co. Galway



# Ba bhreá a bheith beo - agus óg - sna 1960aidí...



*An tAthair Pádraig Standún, Sagart Pobail Charna*


Más fíor an ráiteas nach dtosnaíonn an saol i gceart go dtí go mbíonn duine in aois an dá scór (“Life begins at forty”) beidh mise deich mbliana fichid d’aois luath go maith san athbhliain. Ní chreidim féin é, agus ní airim chomh sean sin. Bíonn an leithscéal agam go raibh mé óg nuair a rugadh mé, ach tá scéal eile ar mo theastas breithe agus baiste. Fritheadh faoi chloigeann chabáiste mé ar mhaidin sheaca go luath i 1946. Sin é a dúradh liom ó bhí mé i mo ghasúr, agus is cosúil go bhfuil sé fíor. Táim ar nós an chapaill rása ag teacht thar an chasadh deireannach i mBaile an Bhriota nó Baile an Róba. Ta ceann chúrsa amach romham, ach d’fhéadfainn titim roimhe sin féin.

Má mhairim an fhad céanna atáim sa pharóiste seo, beidh mé in aois éirí as mo phost anseo nó i pébí paróiste ina mbeidh mé ag an am i 2021 taréis leathchéad bliain mar shagart. Is gear a bhíonn na blianta ag dul thart. Breathnaim siar na laethanta seo ar an leathchéad bliain atá imithe ó bhí comóradh caoga bliain Éirí Amach na Cásca i 1966. Bhí Éamonn De Valera ina Uachtaráin, Sean Lemass ina Thaoiseach, Pius XII ina Phápa, na Beatles in ard a réime, foireann trí-sa-ró na Gaillimhe le bheith buacach arís, Sasana réidh le breith ar Chorn Sacar an domhain. Ní raibh teilifís RTÉ i bhfad ar an bhfód, agus ní raibh caint ar ríomhaire, ar fón póc nó iPod. Shamhlófá iPad mar rud a chuirfeá ar shúil a bheadh tinn.

Fiche bliain d’aois a bhí mise ag an am, ábhar sagart i Coláiste Phádraig i Máigh Nuad. Chaith mé an cuid is mó de laethanta saoire an tsamhraidh ag obair in Óstán an “Traveller’s Friend” i gCaisléan an Bharraigh, ceapairí á réiteach againn amanta do dhá mhíle an oíche a bheadh Brendan Bowyer agus an Royal Showband ar stáitse. Bhí an tír beo bríomhar, borradh tagtha ar an eacnamaíocht ó thus na seascaidí. Bhí dóchas le brath san Eaglais Chaitliceach í féin de bharr Comhairle Vatacáin a Dó, agus bhí béim ar fhadhbanna polaitíochta a réiteach ar bhealaí síochánta faoi thionchur an Oirmhínigh Martin Luther King sna Stáit Aontaithe go hairid. Bá bhrea an rud é a bheith beo agus óg ag san am sin.

Oscailt aigne agus intinne domsa a bhí sa gcuid is mó den oideachas a bhí ar fail dúinn i Maigh Nuad ag an am. Bhí Ollamh le fealsúnacht amháin ag moladh go láidir dúinn ár macnamh féin a dheanamh, “think for yourselves” a mhantra. Go bhfóire Dia ar an té a dhéanfadh a leithéid agus rud ar bith nár tháinig ón a bhéal fein a chuir ar ais chuige sna scrúdaithe. Ach ní mar sin a bhí gach duine. Sheasfainn ar sneachta ag éisteacht le Tomás Ó Fiach a bhí ina Chairdinéal Ardeaspag ar Ard Mhaca ina dhiaidh sin, an léachtóir is fear a chuala mé ariamh, béim á gcur aige ar an stair áitiúil inár gcuid féin den tír agus an chaoí ar sheas formhór na sagart len a bpobail sa naoiú haois déag, san Iarthair go háirithe. Bhí Joe Coulter, dearthair leis an gcumadóir amhráin, Phil ina léachtóir ar Ghréigis, agus chuir sé ar an eolas muid ar chúrsaí an Tuaiscirt.

Bhí Ollamh ó Dheoise na Gaillimhe, Maitiú Ó Domhnaill ag plé le cúrsaí eitice. Fear an chuthallach a bhí ann, ach togha an léachtóra ag an am céanna. Thug sé isteach roinnt mhaith de na fir a a bhí sa GPO agus Boland’s Mills i 1916 le labhairt linn. Ní raibh na deich mbliana agus an trí scór bainta amach fós ag a bhformhór, mar nach raibh said ach sna déaga le linn an Éirí Amach. Bhain an tOllamh Ó Domhnaill úsáid as an gcomóradh chun cuid de na ceisteanna móra moráltachta agus eitice a mhúscailt, an raibh a leithéid de rud agus cogadh coir ann mar shampla. Ba chróga an duine a dearfadh an bhliain sin nach raibh bunús ceart ag an Éirí Amach, sa méid nach raibh pobal na tire taobh thiar de. Baineadh úsáid as toghchán na bliana 1917 leis an réabhlóid a mhaitheamh, ar ndóigh, ach murach marú na gcinnirí, cén toradh a bheadh ar an toghacháin céanna? Ábhar macnaimh do mhicléinn óga roinnt blianta sular phleasc ‘Trioblóidí’ an Tuaiscirt.





Idirbhliain Charna ag seoladh go Leitir Caladh 2015

# An tIdirbhliain
# - ar fiú go mbeadh sé ann?

*Cáit Uí Chualáin*

*Is minic go mbíonn sé ina dhiospóireacht faoin leas a bhaineann leis an "Idirbhliain" sna meánscoileanna; cuid de na daoine den bharúil nach fiú bliain a chaitheamh taobh amuigh de ghnáth chlár oibre na scoile.*

*Ach, tá tuairimí eile ann. Seo píosa a scríobh Cáit Uí Chualáin, duine de thuismitheoirí an cheantair, agus ise go mór i bhfádhar na hidirbhliana i Scoil Phobail Mhic Dara i gCarna.*



An tIdirbhliain ag obair

**Mar a fheicimse an Idirbhliain**

Deirtear nach dtagann ciall roimh aois. Bhuel, i mo thuairimse tá an t-ádh ar scoláirí Scoil Phobail Mhic Dara i gCarna go bhfuil an tIdirbhliain acu sa scoil. Tá dhá bhliain eile fágtha acu sa scoil tar éis an bhliain seo, beidh siad níos aibí, níos ciallmhaire agus bliain níos sine agus iad ag tabhairt a n-aghaidh ar an saol mór le cúnamh Dé.

Bhí go leor scéalta (a bhformhór diúltach) cloiste agam faoin mbliain seo; rudaí ar nós "doss" de bhliain é, costais go leor ag baint leis agus gur cineál cur amú ama ceart é. Leis an bhfírinne a rá is é a mhalairt ar fad de scéal é.

Bhí an clár ama don bhliain tugtha ag na múinteoirí do scoláirí na hIdirbhliana ar an chéad lá ar ais ar scoil agus cuma an-slachtmhar air. Chomh maith leis na gnáth ábhair scoile a bheith acu agus beagán obair bhaile iontu seo uilig, tá réimse leathan d'ábhair eile acu, ar nós Tíos do na buachaillí agus iad ag bácáil, ag cócaireacht agus ag foghlaim faoi ullmhú agus cothú bia. Tá na cailíní ag déanamh Innéaltóireacht, i rang leis na buachaillí agus iad ag roinnt a gcuid scileanna le chéile. Tá tús curtha acu leis an ECDL sa Ríomhaireacht. Bhí aoichainteoir as IT Sligeach ag caint leo sa scoil agus beidh siad ag tabhairt cuairt ar Choláistí níos déanaí sa mbliain mar chuid den rang Gairmthreoir.

B'fhéidir go raibh beagán costais ag baint leis an turas go Madrid ach bhí sé an-oideachasúil agus tá muid ag cloisteáil fós faoi na himeachtaí agus na hiontais ansin, chomh maith le corr Hola! Bhí na scoláirí ullmhaithe ag an múinteoir Peter agus roinnt Spáinnis múinte aige dóibh agus iad fós á dhéanamh sa mbliain seo.

Rinne siad cúrsa seoltóireachta 6 lá le Brian Ward agus thaitin sé thar cionn leo. Mar chuid de, sheol siad ón Áird Mhóir go Leitir Caladh agus nach scil ann fhéin é sin. Chuaigh siad ar thuras dhá lá go dtí an Chaoláire Rua, áit a raibh go leor imeachtaí éagsúla ar bun acu. Beidh siad ag dul ar Thaithí Oibre an chéad tseachtain den Nollaig agus arís sa mbliain nua le haghaidh seachtain eile. Tabharfaidh sé seo deis dóibh an saol oibre a bhlaiseadh.

Is deacair a chreidiúint go bhfuil an Nollaig buailte linn, rud a chiallaíonn go mbeidh siad gnóthach ag eagrú lá amach do sheanóirí an cheantair arís i mbliana. D'eagraigh siad Disco na Samhna d'aos óg an cheantair agus beidh lá ag pacáil málaí acu i Super Valu sa gClochán go gairid chun cuidiú le costais an lae seo.

Tá siad coinnithe ag imeacht bail ó Dhia orthu, go leor déanta ach tuilleadh fós le déanamh........ go n-éirí an t-ádh leo ar fad.


# Ó Ghlúin go Glúin



**Idirbhliain Scoil Phobail Charna 2015/2016 ag rang Admhadóireachta.**
*Líne tosaigh, ó chlé:* Elaine Ní Chuaig, Orla Ní Dhuinnsléibhe, Sileagh Ní Ghríofa, Aoife Ní Loideáin, Elana Ní Dhonnchú, Aoife Ní Ghuairim & Gráinne Ní Fhlatharta.
*Líne cúl, ó chlé:* Micheál Ó Gríofa (Múinteoir), Dónal Ó Maoilchiaráin, MacDara Ó Coileáin, Liam Ó Críodháin, Aonghus Mac Donnacha, Máirtín Ó Cualáin & Eoin Mac Giolla Phádraig.
Ar iarradh ón bpictiúr tá Tomás Ó hAllmhuráin.



**An Ceannfort Maitias Mac Donnchadha** as Leitir Ard sna 1980óidí, go ndéana Dia grásta air. Rinne sé go leor oibre ar bhunú seirbhís dheonach otharcharr Charna.



**Coil Ó Gaora** as Leitir Deiscirt – sa tsean aimsir. B'é Cóil athair mór Cholie Valín.

# Sna blianta a chuaigh thart




**Cuid de chriú an "Chapaill" i gCinn Mhara i 2012.**
*Ó chlé:* Máire Ní Dhubháin Hamin, Paddy Dundass, Nóra Ní Dhubháin, Amélie Le Guennec & Aurélie Foucher.



**Ar cuairt chuig Marty Walsh sa State House i mBoston sa mbliain 2000.**
*Ó chlé:* Pat Walsh (uncail Mharty), Máirtín Ó Catháin, Mary Walsh (máthair Mharty – atá anois ina Mhéara ar Bhoston), Máire Uí Dhomhnaill as Leitir Ard agus Máire Áine Uí Mhaoilchiaráin as Leitir Ard.



**An Seanadóir John Kerry** (Rúnaí Stáit Mheiriceá anois) agus agus an **Seanadóir Margaret Craven** as Leitir Ard agus Stát Maine – tuairim 10 mbliana ó shin.



FIANNA FÁIL
THE REPUBLICAN PARTY

## Éamon Ó Cuív T.D.

**Oifig Dáilcheantair, Teach Kirwin,**
**Sráid Thobar an Iarla, Gaillimh**
Constituency Office, Kirwin House,
Flood St. Galway
**Fón/Phone: 091-562846**
**Facs/Fax: 091-562844**
**Rphost/ Email: eamon.ocuiv@oireachtas.ie**
**www.eamonocuiv.ie**

## Teach Ghlinnsge

**Bar/Restaurant and craftshop**



*Nollag Shona do gach duine*

**Ó Mhuintir Chlochartaigh**
**Fón: 095-32846/32279**

## Ann Dowd
## *Gruagaire*



**Unisex Hairdressing**
Carna
Conamara
Co. na Gaillimhe
**095-32277**

## "Sonas"

**B&B/Teach Loistín**
*Míle Fáilte Anseo*

## Seosamh Ó Cualáin –
## Comhairleoir Contae.

**Neamhspleach**

Gleann Trasna,
Ros Muc,
Conamara

**Teileafón: 087-6279220**
**Email: socualain@cllr.galwaycoco.ie**

*Ná bíodh leisce oraibh teagbháil a dhéanamh liom.*

*Nollaig mhaith dhibh uilig in Iorras Aithneach agus ar fud Chonamara.*

# Club Árus na nGael



45 Sráid Doiminic, Gaillimh

**Ceol, Craic & Comhluadar**

Ar Oscailt: Luan - Satharn ó 8i.n

**091 567824**
**www.arasnangael.ie**
**gaillimh@cnag.ie**

Sásaigh an tart san áit cheart!

# Barbara's Hair Salon



Muighros

--------

Cuts, Colours, Hi/Lites & Upstyles

--------

Máirt go Satharn 9 r.n. - 6 i.n.

--------

Glaoigh nó seol téacs

087-6607587

# Jackie Ó Cualáin

**CONRAITHEOIR TÓGÁLA**

Carna

**Réitíonn muid an teach ar fad**

Bunsraitheanna • Díonta • Ballaí
Pluiméireacht • Pláistéireacht • Sreangú & Obair Adhmaid

***Cuireann muid seirbhís ar fáil ar fud Chonamara***

*Níl aon jab ró-bheag ná ró-mhór*

**Glaoigh orainn ag:**
**Fón: 095-32331 • Facs: 095-32532**
**Mobile Fón: 087-2249498**

**"Member of Construction Industry Federation" • C.I.S.**
**"Member of Home Bound"**

# Tígh Dan O'Hara

**Lettershea, An Clochán,**
**Conamara**

**Ionad Cuimhneacháin an Ghorta Mhóir.**

Léargas ar Éirinn na haimsire a caitheadh
Amharchlann
Bialann
Lóistín

*Céad fáilte roimh Ghaeilgeoirí agus Coláistí Gaeilge.*

**Teileafón: 095-21246**

# *Slán libh anois*

## An tAthair Peadar Ó Conghaile
## 1955 - 2015

Sa mbliain 2003 a tháinig an tAthair Peadar Ó Conghaile go Carna ina Shagart Pobail. D'inis sé dúinn cérbh é féin, cén aois a bhí sé, cérbh as é – agus labhair sé ar na háiteacha a raibh sé ina Shéiplíneach iontu roimhe seo: an Tulach, Cill Rónáin, Acaill, Corr na Móna agus an Cheathrú Rua.

Seacht mbliana agus dhá fhichead a bhí an tAthair Peadar san am.

Seacht mbliana a chaith sé anseo go sona, sásta. Láimhsigh sé tragóidí agus láimhsigh sé laetheanta maithe mar chuid dá dhualgaisí le linn dó a bheith in Iorras Aithneach. Bhí teacht i láthair ann agus diabhlaíocht ag baint leis freisin. Ní cheapfaí go brách go mbéarfadh an bás ar in imeacht achar gearr go maith blianta.

D'aistrigh sé go pobal na Fáirche agus Chor na Móna i 2010. Chlis an tsláinte air scaitheamh ina dhiaidh sin. Ach tháinig sé chuige féin go maith aríst.

Baineadh cor as chuile dhuine a raibh eolas acu air nuair a bhásaigh an tAthair Peadar go toibeann ar an 20ú Bealtaine, 2015. Adhlacadh an tAthair Peadar le taobh a athair agus a mháthair – ba mhinic lena mháthair tréimhsí a chaitheadh i gCarna – i reilig Chill Gheibhrín ina áit dhúchais i mBaile an Mhuillin i dtuaisceart na Gaillimhe.

*Go ndéana Dia grásta ar a anam.*



**An tAthair Peadar Ó Conghaile**
ar a bhealach go hOileán Mhic Dara le linn dó a bheith ina Shagart Pobail anseo, 2003 - 2010.

## AN CLÚDACH CÚL – NA PICTIÚIR

**Barr:** Cómhráití idir Caoimhe Níc an Iomaire as an Aird Mhóir agus an Taoiseach i gCarna! Ar an 6ú Iúil a chas Enda Kenny an bealach. Tugadh cóip do "Iorras Aithneach 2014" dó agus tá an Taoiseach grinn. Thug sé pictiúir Chaoimhe faoi deara sa leabhar!

**Íochtar ar chlé:** Joe Puliafico ag casadh leis an Taoiseach ar shuíomh Ionad Cuimhneacháin na nImirceach. Caitheann Joe, arbh as Boston ó dhúchas dó, píosaí móra den bhliain i Muigh Inis.

**Íochtar ar dheis:** Joe Cloherty as Bun na hAbhann ar chlé agus Micheál Ó Cadhain as Garraí an Chlochair ar dheis. Istigh eatarthu. An Taoiseach, Enda Kenny i gCarna ar an 6/7/2015.

# Na Peileadóirí Óga




**Foireann faoi-12 Carna/Caiseal-Na Piarsaigh. Bhuaigh siad Sraith Chomórtas na Cathrach i 2015.**

*Chun tosaigh:* Eadainn Ní Mhainín, Máirtín Ó Cuirrín, Cathal Coyne, Cian Carr, Máirtín Mac Craith, Mikey Breatneach, Dylan Seoige, Éamonn Ó Flatharta, Máirtín Ó Culáin, Liam Ó Loideain, Dara Ó Culáin, Rónán Ó Flatharta & Róisín Ní Shúilleabháin.

*Líne Cúil:* Aleana Ní Chuláin, Ríona Ní Churrín, Cian Ó Mannín, Rónán Ó Conaire, David Connolly, MacDara Ó Conaire, Lucás Ó Callacháin, Kian Mac Donnacha, Kevin Mac an Iomaire, Cian Ó Niadh, Katie Ní Shuilleabháin, Eóin Ó Mannín, Iarla Mac Donnacha & Matthew Ó Niaidh.
*Foireann Bainistíochta:* Rónán Mac Craith, Gearóid Mac Donnacha & Ciarán Ó Conaire


Mair agus ar Tír
VET AN CHLOCHÁIN
WESTVET



